Oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála

Office of the Independent Examiner of Security Legislation

# Tuarascáil Bhliantúil an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála

2025



# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **Brollach ón Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála** | | **2** |
| **CUID 1** | **Bunú agus Feidhmíocht oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála** | **3** |
| **1** | Forbhreathnú ar oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála | 5 |
| | An Tréimhse Réamhbhunaithe | 9 |
| | An Tréimhse Iarbhunaithe | 11 |
| **CUID 2** | **Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme agus Éifeachtacht na Reachtaíochta Slándála** | **13** |
| **2** | An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993 | 14 |
| | Cuairteanna Athbhreithnithe | 19 |
| | Minicíocht Úsáide Cumhachtaí Reachtúla | 22 |
| | Barúlacha maidir le hAcht 1993 agus Moltaí Gaolmhara | 23 |
| **3** | An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009 | 28 |
| | Cuairteanna Athbhreithnithe | 35 |
| | Minicíocht Úsáide Cumhachtaí Reachtúla | 37 |
| | Barúlacha maidir le hAcht 2009 agus Moltaí Gaolmhara | 38 |
| **4** | An tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 | 42 |
| | Cuairteanna Athbhreithnithe | 56 |
| | Minicíocht Úsáide Cumhachtaí Reachtúla | 57 |
| | Barúlacha maidir le hAcht 2011 | 58 |
| **5** | An Bhliain atá Romhainn | 60 |
| **CUID 3** | **Cultúr agus Rialachas** | **64** |
| **6** | Cultúr agus Iompraíochtaí | 65 |
| | Tiomantas do Chearta an Duine agus Comhionannas a Chosaint | 66 |
| **7** | Rialachas | 67 |
| **8** | Fís Straitéiseach | 71 |

# Brollach ón Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála

Is mór an onóir dom gur tugadh cuireadh dom glacadh leis an ról mar an chéad Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála, arb oifig reachtúil nuachruthaithe í. Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil seo, arb í an chéad tuarascáil bhliantúil uaim faoi alt 244 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, í, a chur isteach, ina bhfuil tuarascálacha ar thrí phíosa reachtaíochta slándála, eadhon, an tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009, agus an tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011, arna leasú.

Is beag duine a cheisteoidh an gá atá le reachtaíocht slándála atá ceaptha chun slándáil an Stáit a chosaint agus chun coireacht thromchúiseach a chomhrac; tugtar aghaidh ar an dá shaincheist sin leis an reachtaíocht is gá a athbhreithniú. Mar sin féin, is féidir ábhar imní dlisteanach a bheith ann maidir leis an bhféidearthacht go mbeifí iomarcach agus maidir le cé acu a thugtar nó nach dtugtar aghaidh leordhóthanach leis an reachtaíocht ar nithe a bhaineann le cearta an duine agus saoirsí sibhialta a chumhdach. Mura dtugtar aird leordhóthanach ar ábhair imní maidir le cearta an duine agus le saoirsí sibhialta, tá seans ann nach mbeidh an reachtaíocht chomh héifeachtach agus a bhí beartaithe agus, sa deireadh thiar, go mbeidh Éire ina stát nach mbeidh chomh sábháilte céanna, chomh slán céanna, chomh saor céanna, chomh fulangach céanna ná chomh daonlathach céanna.

Tá an bhagairt atá roimh an tír ag forbairt agus ag leathnú le blianta beaga anuas. Cé gur dhírigh ábhair imní slándála, agus reachtaíocht slándála go cinnte, den chuid is mó, agus beagnach go hiomlán, fiú, ar an mbagairt ar an Stát a bhí san IRA ina fhoirmeacha éagsúla ar feadh cuid mhór de stair an Stáit. Tá na bagairtí ilghnéitheach anois. Is ábhar mór imní fós iad poblachtaigh easaontacha níos mó ná 27 mbliana tar éis shíniú Chomhaontú Aoine an Chéasta, ach tá na bagairtí atá romhainn i bhfad níos leithne anois. Sa lá atá inniu ann, is cúis mhór imní í an sceimhlitheoireacht Ioslamach, bíodh sí mar gheall ar an bhféidearthacht go ndéanfaí ionsaithe laistigh den dlínse seo – agus bhí roinnt ionsaithe den sórt sin ann sna blianta beaga atá imithe thart – nó mar gheall ar an bhféidearthacht go ndéanfaí ionsaí ar dhlínse chomharsanach a phleanáil nó a sheoladh ón Stát seo. Tá ceist na sceimhlitheoireachta den eite dheas antoisceach ann freisin chomh maith le sceimhlitheoireacht aon-saincheiste agus sceimhlitheoireacht den eite chlé antoisceach. Tá imní ann freisin faoi ghníomhaíochtaí gníomhaithe naimhdeacha stáit. Is gá breithniú a dhéanamh freisin ar an bhféidearthacht go ndéanfadh "cadhain aonair", mar a thugtar orthu, gníomhartha, bíodh siad spreagtha ag idé-eolaíocht sceimhlitheoireachta nó ná bíodh.



Grianghraf © Nick Bradshaw



Tríd is tríd, is pictiúr casta agus imníoch é an pictiúr a thagann i láthair as sin. Is cuí go mbeadh an reachtaíocht sa réimse sin faoi réir scrúdú neamhspleách agus athbhreithniú neamhspleách agus faoi réir an ghá atá le hathbhreithniú leantach leanúnach ag géag feidhmiúcháin an Rialtais ionas go mbeadh muinín ag an bpobal go bhfuil cuspóirí na reachtaíochta á mbaint amach agus go bhfuil sé sin ag tarlú gan cur isteach gan údar ar chearta an duine agus ar shaoirsí sibhialta.

Is cuí freisin go mbeadh na gníomhaireachtaí a bhfuil cumhachtaí cunóracha reachtúla dílsithe iontu faoi réir formhaoirsiú seachtrach éifeachtach. Ó ainmníodh mé i leith, táim i mbun caidreamh an-tráthrialta leis na gníomhaireachtaí uile a bhfuil cumhachtaí reachtúla tugtha dóibh sa réimse sin. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach ceann díobh as an gcomhar uathu.

Le linn na tuarascála seo, beidh mé ag moladh athruithe atá ceaptha chun reachtaíocht a neartú i ngnéithe áirithe agus chun acmhainn na ngníomhaireachtaí atá ag obair sa réimse sin a leathnú, agus beidh mé ag moladh freisin neartú a dhéanamh ar na nósanna imeachta maidir leis an dóigh a n-iarrtar údaruithe sula bhfeidhmítear cumhachtaí. Feictear domsa gur dóigh go ndéanfaidh an cur chuige seo, ar cur chuige cothrom é, dar liom, muinín a chur chun cinn i measc an phobail as an reachtaíocht slándála.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le gach duine a chomhroinn a gcuid eolais, taithí agus saineolais chun léargas cuimsitheach ar an tírdhreach slándála a thabhairt dom. Is daoine aonair nó eagraíochtaí a ndeachaigh mé i dteagmháil leo iad roinnt díobh, agus tháinig roinnt eile díobh chun tosaigh chun cúnamh a thairiscint dom. I gcásanna áirithe, rinne siad amhlaidh sna laethanta beaga tar éis m'ainmniúcháin mar an chéad Scrúdaitheoir Neamhspleách.

**George Birmingham**
*An Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála*
*Aibreán 2026*

# CUID 1

## Bunú agus Feidhmíocht Oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála



# 1

# Forbhreathnú ar Oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála

## Feidhmeanna agus Sainordú

1.1 Is é is oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála ("OSN") ann ná oifig reachtúil nua a bunaíodh an 2 Aibreán 2025, de réir fhorálacha Chuid 7 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

1.2 Is ról nua ar fad é an Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála agus is forbairt shuntasach i mbonneagar slándála náisiúnta na hÉireann é a bhunú, ós rud é go bhforáiltear leis maidir le hathbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar reachtaíocht slándála agus ar sheirbhísí slándála.

1.3 An 15 Deireadh Fómhair 2024, d'ainmnigh an Rialtas mé mar an chéad Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála.

1.4 An 2 Aibreán 2025, bunaíodh an oifig go foirmiúil nuair a tháinig an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, i bhfeidhm.

1.5 Leagtar amach sa reachtaíocht, agus go háirithe i gCuid 7 di, cuspóirí, feidhmeanna agus cumhachtaí an Scrúdaitheora Neamhspleách. Foráiltear le halt 234(1) gurb iad seo a leanas cuspóirí an Scrúdaitheora Neamhspleách:

"(a) muinín a chur chun cinn i measc an phobail as an reachtaíocht slándála,
(b) tacú leis an Rialtas chun slándáil an Stáit a chosaint,
(c) a chinntiú go ndéanfar faisnéis a bhaineann lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chur ar fáil don phobal a mhéid is mó is féidir gan dochar a dhéanamh do shlándáil an Stáit, don chosaint ná do chaidreamh idirnáisiúnta, agus
(d) a chinntiú go gcomhlíontar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna ar mhodh tráthúil éifeachtúil éifeachtach."

Foráiltear le fo-alt (2) go mbeidh na feidhmeanna seo a leanas ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách:

"(a) oibriú agus éifeachtacht na reachtaíochta slándála a choimeád faoi athbhreithniú, lena n-áirítear trí scrúdú a dhéanamh—
(i) i dtaobh an amhlaidh, maidir leis an reachtaíocht slándála—
(I) go bhfuil sí éifeachtach agus comhréireach ó thaobh na gcuspóirí atá léi sa méid go mbaineann siad le slándáil an Stáit a chosaint, agus
(II) go bhfuil coimircí leordhóthanacha inti chun cearta an duine a chosaint, agus
(ii) ar an ngá leanúnach atá leis an reachtaíocht chun slándáil an Stáit a chosaint;
(b) athbhreithnithe (de réir bhrí alt 243) a chomhall agus moltaí a eisiúint faoin alt sin;
(c) scrúdú a dhéanamh ar a éifeachtúla agus ar a éifeachtaí is a dhéantar seirbhísí slándála a sheachadadh;
(d) tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha speisialta agus tuarascálacha faoi alt 246 a ullmhú;
(e) aon fheidhmeanna eile a thugtar don Scrúdaitheoir Neamhspleách leis an Acht seo nó faoin Acht seo, nó le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile, a chomhlíonadh."

1.6 Foráiltear leis an reachtaíocht gurb amhlaidh, faoi réir an Achta, ba cheart don Scrúdaitheoir Neamhspleách a bheith neamhspleách agus a fheidhmeanna nó a feidhmeanna á gcomhlíonadh aige nó aici agus go mbeidh aige nó aici freisin na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

# Tuarascálacha, Athbhreithnithe, Tarchuir agus Fógraí

## Oibleagáidí Tuairiscithe

1.7 Leagtar oibleagáidí tuairiscithe an Scrúdaitheora Neamhspleách amach in ailt 244, 245 agus 246 d'Acht 2024.

1.8 Liostaítear in alt 244 na gnéithe nach foláir a chur ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil chuig an Taoiseach, lena n-áirítear athbhreithnithe bliantúla ar oibriú agus éifeachtacht trí cinn de sheacht nAcht den Oireachas atá mínithe mar reachtaíocht slándála:

- an tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993 ("Acht 1993")
- an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009 ("Acht 2009")
- an tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 ("Acht 2011").

1.9 Ní mór athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh uair amháin ar a laghad gach trí bliana ar oibriú agus éifeachtacht na gceithre achtachán eile atá ainmnithe mar reachtaíocht slándála. Is iad sin:

- na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998
- an tAcht um an Dlí Coiriúil, 1976
- an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005
- an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010.

1.10 Tá foráil ann freisin go bhféadfaidh an Taoiseach reachtaíocht eile a ainmniú mar reachtaíocht slándála.

1.11 Foráiltear le halt 245(1) go bhféadfaidh an Scrúdaitheoir Neamhspleách tuarascálacha, chomh maith le tuarascáil bhliantúil, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Taoisigh ar nithe a bhaineann lena ghníomhaíochtaí nó lena gníomhaíochtaí nó le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar aon le haon mholtaí a mheasfaidh an Scrúdaitheoir is cuí agus a dteastaíonn, ina thuairim nó ina tuairim, tuarascáil speisialta ina dtaobh mar gheall ar a thromaí atá na nithe nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla eile. Foráiltear le halt 245(2) go bhféadfaidh an Taoiseach a iarraidh ar an Scrúdaitheoir Neamhspleách tuarascáil speisialta a ullmhú agus a chur faoina bhráid nó faoina bráid:

"(a) ar na gníomhartha arna ndéanamh ag comhlacht poiblí, nó ar iompar comhlachta phoiblí, i leith aon teagmhas a bhaineann le slándáil an Stáit a chosaint, nó

(b) i leith aon ní eile a bhaineann le feidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách."

1.12 Foráiltear leis an reachtaíocht freisin ag alt 246 gur cheart don Scrúdaitheoir Neamhspleách "cibé tráthanna a iarrfaidh an Taoiseach, tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Taoisigh i ndáil le héifeachtacht na hoifige, lena n-áirítear i leith fheidhmeanna an Scrúdaitheora Neamhspleách" faoi Acht 2024 agus faoin Acht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993, faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009, agus faoin Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011.

1.13 Cumhdaítear leis an gcéad tuarascáil bhliantúil seo an tréimhse ó lá an bhunaithe, mar atá an 2 Aibreán 2025, go dtí an 31 Nollaig 2025. Tá tagairt ann sa tuarascáil don tréimhse idir ainmniú agus bunú, agus tagraítear inti freisin do chuairteanna athbhreithnithe ar ghníomhaireachtaí sa bhliain 2025 agus sa chuid tosaigh den bhliain 2026. Nuair a bheidh an tuarascáil bhliantúil leagtha faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas ag an Taoiseach, foilseofar í go dátheangach ar shuíomh Gréasáin OSN. Faoi alt 244(3) d'Acht 2024, d'iarr mé tréimhse breise ceithre seachtaine chun mo thuarascáil a chur isteach. Cé gur cuireadh téacs na tuarascála i gcrích roimh an spriocdháta reachtúil, d'iarr mé an t-am breise sin chun go mbeifí in ann an tuarascáil a aistriú de réir cheanglais alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus chun go mbeifí in ann an dá leagan den tuarascáil a dhearadh de réir caighdeán gairmiúil. Dheonaigh an Taoiseach fadú ceithre seachtaine go dtí an 28 Aibreán 2026.




1.14 I ngach tuarascáil, déanfar faisnéis íogair a chumhdach go cuí trí ábhar a chur in eagar lena fhoilsiú, nó trí thuarascáil leasaithe a ullmhú.

1.15 Sa tréimhse tuairiscithe, níor cuireadh aon tuarascálacha speisialta isteach de bhun alt 245, agus ní dhearna an Taoiseach, de réir na bhforálacha atá leagtha amach in alt 246, aon iarrataí go ndéanfaí tuarascáil a ullmhú.

## Próiseáil Tarchur agus Fógraí faoi alt 243

1.16 Le halt 243(1), pléitear le ról an Scrúdaitheora Neamhspleách maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

"(a) diúltú ó Choimisinéir an Gharda, faoi *fho-alt (5)* d'*alt 147*, déanamh de réir iarraidh faoi *fho-alt (4)* den alt sin chun faisnéis nó doiciméad a sholáthar don Údarás (*an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*), is diúltú arna tharchur ag an Údarás chuig an Scrúdaitheoir Neamhspleách faoin *bhfo-alt sin (5);*

(b) agóid arna déanamh ag Coimisinéir an Gharda faoi *alt 210(14)* i gcoinne cuardach ar áitreabh Garda Síochána a mbeidh fógra tugtha ag Coimisinéir an Gharda don Scrúdaitheoir Neamhspleách ina leith faoin bhfo-alt sin;

(c) diúltú ó dhuine, faoi *fho-alt (5)* d'alt 211, aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon rud a sholáthar de bhun ceanglas faoi *fho-alt (1)(a)* den alt sin nó aon cheist a fhreagairt faoi *fho-alt (4)(a)* den alt sin, is diúltú arna tharchur nó ceist arna tarchur ag an Ombudsman Póilíneachta chuig an Scrúdaitheoir Neamhspleách faoi *fho-alt (7)* den alt sin;

(d) diúltú ó Choimisinéir an Gharda, faoi *fho-alt (3)* d'*alt 217*, déanamh de réir iarraidh faoi *fho-alt (1)* den alt sin chun aon fhaisnéis nó aon doiciméad a sholáthar, is diúltú arna tharchur ag an Ombudsman Póilíneachta chuig an Scrúdaitheoir Neamhspleách faoi *fho-alt (4)* den alt sin."

1.17 Ón 2 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2025, ní bhfuair mé aon iarrataí athbhreithniú a dhéanamh faoi alt 243. Mar sin féin, rinneadh breithniú ar na nósanna imeachta atá le leanúint nuair a thagann an cás chun cinn.

## Fógraí i dtaobh Teagmhais is Ábhair Imní

1.18 Má thagann Coimisinéir an Gharda Síochána ar an eolas faoi theagmhas is ábhar imní a bhaineann le comhalta de phearsanra an Gharda Síochána, tugtar fógra i dtaobh an teagmhais don Ombudsman Póilíneachta. Má bhaineann an teagmhas le nithe a dhéanfadh dochar do shlándáil an Stáit, nó a dhéanfadh beatha nó sábháilteacht aon duine, a mbeidh faisnéis ar mhodh rúin tugtha aige nó aici do chomhlacht poiblí i ndáil le forfheidhmiú nó riaradh an dlí, a chur i mbaol (alt 204(6)), cuirfidh Coimisinéir an Gharda teorainn leis an bhfaisnéis a thabharfar don Ombudsman Póilíneachta agus tabharfaidh sé nó sí fógra don Ombudsman Póilíneachta agus don Scrúdaitheoir Neamhspleách araon (alt 204(7)).

1.19 Sa tréimhse ón 2 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2025, ní bhfuair mé aon fhógraí den sórt sin.

## Cúlra Bhunú Oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách

1.20 Is féidir bunús oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách a aimsiú sa tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2018. I gCaibidil 11 den tuarascáil sin, dar teideal '*Formhaoirseacht ar an tSlándáil Náisiúnta*', leagann comhaltaí an Choimisiúin amach gur mheas siad go raibh gá ann le hathbhreithniú cuimsitheach láidir ar an gcreat reachtach ar laistigh de a oibríonn póilíní agus gníomhaireachtaí eile i réimse na slándála náisiúnta, cé na cumhachtaí ba cheart a thabhairt dóibh, an dóigh a bhfeidhmíonn siad na cumhachtaí sin chun go dtabharfar aird ar chearta bunúsacha agus cé na coimircí atá i bhfeidhm in aghaidh drochúsáide nó mí-úsáide. Luaigh an Coimisiún gurb amhlaidh, ós rud é gur ag athrú go mear a bhíonn cineál agus raon na mbagairtí ar an tslándáil náisiúnta agus na teicneolaíochtaí atá á n-úsáid, atá sé tábhachtach go ndéanfaí athbhreithniú seasmhach ar na saincheisteanna sin.

1.21 I mír a trí, mhol sé go mbunófaí Scrúdaitheoir Neamhspleách ar an Reachtaíocht um an Sceimhlitheoireacht agus an Choireacht Thromchúiseach, bunaithe ar an tsamhail atá ann sa Ríocht Aontaithe. Dhéanfadh an Scrúdaitheoir Neamhspleách athbhreithniú leanúnach ar an dóigh a bhfuil an reachtaíocht slándála á cur chun feidhme ag na póilíní agus ag gníomhaireachtaí eile. Anuas air sin, mheasfadh sé nó sí an argóint i bhfabhar na n-athruithe a theastaíonn chun déileáil leis na bagairtí atá ag teacht chun cinn, agus aird á tabhairt ar chearta bunúsacha ag an am céanna. Chun déanamh amhlaidh, bheadh sé riachtanach go mbeadh cumhachtaí ag an Scrúdaitheoir Neamhspleách chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a ndéantar oibríochtaí slándála ar leith i gcás go dtagann ábhair imní chun cinn a fhágann go bhfuil grinnscrúdú neamhspleách ag teastáil. Bheadh rochtain ar pháipéir agus ar phearsanra ag teastáil chun na dualgais sin a chomhlíonadh agus ní bheifí in ann faisnéis a chur in eagar ach chun críche céannacht faisnéiseoirí a chosaint.

1.22 Luaigh an Coimisiún i mír a ceathair go bhféadfadh an Scrúdaitheoir Neamhspleách gníomhú freisin mar bhreithneoir chun breithniú a dhéanamh ar iarrataí ó chomhlachtaí formhaoirseachta póilíneachta ar fhaisnéis ar dhiúltaigh na póilíní dóibh go hiomlán nó go páirteach ar fhorais slándála náisiúnta agus i gcás go bhfuil fonn ar na comhlachtaí formhaoirseachta achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe sin. Luadh go bhféadfadh go mbeadh sé tráthúil, tráth bhunú an Scrúdaitheora Neamhspleách, athbhreithniú a dhéanamh ar ról an bhreithimh shainithe a bhforáiltear dó faoi alt 100 d'Acht an Gharda Síochána 2005[1] agus ar fhorálacha Chuid 4 den Acht de réir mar a bhaineann siad le cumhachtaí an aire chun orduithe a eisiúint maidir le rochtain ar ábhar slándála.

1.23 Dar leis an gCoimisiún, ba cheart don Scrúdaitheoir Neamhspleách tuairisc a thabhairt don Taoiseach agus ba cheart ceapachán páirtaimseartha a bheith ann. Bhí an Coimisiún den tuairim go mbeadh sé tábhachtach an duine aonair ceart a roghnú don phost. Mar thoradh ar an díriú a leagfar ar reachtaíocht agus ar an dóigh a gcuirtear i bhfeidhm í, bheadh sé ríthábhachtach go mbeadh ag an duine sin cúlra láidir dlí agus creidiúnacht shuntasach i measc an lucht dlí. Bheadh sárscileanna cumarsáide tábhachtach freisin; bheadh ar an Scrúdaitheoir muinín an phobail a ghnóthú.

1.24 Ba é an toradh a bhí ar an moladh ón gCoimisiún ná gur achtaíodh Cuid 7 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024. Den chuid is mó, léirítear sa reachtaíocht a achtaíodh an méid a bhí beartaithe ag an gCoimisiún, ach tá sí difriúil leis go pointe áirithe freisin. Mar sin, cé go raibh ceapachán páirtaimseartha beartaithe ag an gCoimisiún, foráiltear leis an reachtaíocht go bhfuil ról an Scrúdaitheora Neamhspleách ina ról lánaimseartha agus nach bhfuil incháilitheacht le haghaidh ceapacháin ach acu siúd atá nó a bhí i seilbh an phoist mar Bhreitheamh den Ard-Chúirt, den Chúirt Achomhairc nó den Chúirt Uachtarach.

1.25 D'fhéadfaí a thabhairt faoi deara freisin go gcumhdaítear nithe coireachta agus nithe slándála araon le sainchúram na reachtaíochta atá ainmnithe mar reachtaíocht slándála.

1. Rinneadh Acht 2005 a aisghairm agus a ionadú leis an Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

## An Tréimhse Réamhbhunaithe

1.26 Rinne an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ("an Roinn") méid suntasach oibre ullmhúcháin sna blianta 2023 agus 2024 le haghaidh bhunú oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála. Áiríodh leis an obair sin leithdháileadh buiséid a fháil i Meastacháin na bliana 2025, riachtanais acmhainní daonna a shainaithint, agus taighde a dhéanamh ar roghanna TF le haghaidh modhanna slána chun ábhar íogair a dhréachtú, a stóráil agus a tharchur.

1.27 Sular ainmníodh mé, fiú, sainaithníodh oifigeach sinsearach sa Roinn chun dul i gceannas ar an oifig nua. Bhuail mé léi tamaillín tar éis m'ainmniúcháin. Mhínigh sí go raibh ionchas ann go mbeadh foirgneamh i lár na cathrach ar Fhaiche Stiabhna folamh go luath agus gurbh é sin ceanncheathrú nua oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách. Idir an dá linn, shocraigh sí go mbeinn in ann úsáid a bhaint as seomra sa Roinn, áit ar chuir mé eolas ar an ról. Táim buíoch d'Ard-Rúnaí na Roinne agus dá foireann bainistíochta as a gcúnamh ina leith sin. An t-áitreabh ag 87 Faiche Stiabhna, a bhíodh á áitiú ag Cigireacht an Gharda Síochána roimhe seo, cuireadh ar fáil é ag deireadh mhí na Samhna 2024, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Mark Toland, Príomhchigire, le Pauline Shields agus Alywin Barton, Leas-Phríomhchigirí, agus le foireann Chigireacht an Gharda Síochána, a bhí an-chabhrach agus iad ag tacú linn san aistriú.

1.28 Sna seachtainí tar éis an ainmniúcháin, earcaíodh roinnt baill foirne le tacaíocht ó fhoireann acmhainní daonna na Roinne. Is le haghaidh seisear ball foirne lánaimseartha atá an leithdháileadh foirne reatha.

1.29 Tráth an ainmniúcháin, bhí ionchas ann go dtarlódh lá an bhunaithe i dtús mhí na Nollag 2024. Ar chúiseanna éagsúla, áfach, tháinig moill ar an spriocdháta sin, agus bunaíodh an oifig go foirmiúil an 2 Aibreán 2025. A bhuí leis an moill ar thosach feidhme, bhí deis ag foireann OSN sreafaí oibre agus nósanna imeachta a phleanáil agus a fhorbairt, próisis riaracháin a chur i bhfeidhm, deiseanna oiliúna ábhartha a sholáthar do bhaill foirne, agus féiniúlacht chorparáideach agus brandáil na gníomhaireachta a fhorbairt. Mar thoradh air sin, ar lá an bhunaithe, bhí suíomh Gréasáin beo agus lánfheidhmiúil i bhfeidhm ag oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách, mar aon le nósanna imeachta doiciméadaithe riaracháin agus rialachais agus le foireann bhunaithe a bhí eolach cheana féin ar obair agus spriocanna na heagraíochta.



## Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí suas go dtí an 2 Aibreán 2025

1.30 Idir an dá linn, thug mé faoi thuilleadh léitheoireachta, agus díriú ar leith á leagan ar na foilseacháin ó ghníomhaireachtaí coibhéiseacha, go háirithe iad siúd sa Ríocht Aontaithe agus san Astráil. Le linn na tréimhse sin, chuir mé tús le sraith cruinnithe tionscnaimh freisin.

1.31 Ag céim luath, bhuail mé le Coimisinéir an Gharda, le Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann, leis an Ombudsman Póilíneachta ainmnithe, le Cathaoirleach ainmnithe agus Príomhfheidhmeannach ainmnithe an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, agus le Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála. Chomh maith leis sin, thionóil mé cruinnithe le hoifigigh shinsearacha de chuid Roinn an Taoisigh a bhí ag obair sa Lárionad Náisiúnta um Anailís Slándála (NSAC) agus le roinnt oifigigh shinsearacha ó rannóga éagsúla den Roinn Dlí agus Cirt.

1.32 Tráth níos déanaí sa phróiseas, bhí cruinnithe agam leis an Leas-Choimisinéir um Shlándáil, Straitéis agus Rialachas a ceapadh tamaillín roimhe sin sa Gharda Síochána, agus leis na Coimisinéirí Cúnta a bhfuil freagracht orthu as an tSeirbhís Faisnéise Coireachta agus Slándála agus as Coireacht Eagraithe agus Thromchúiseach. Chomh maith leis sin, bhí cruinniú agam leis an mBleachtaire Ard-Cheannfoirt sa rannóg Slándála agus Faisnéise, a raibh roinnt ceannfort a bhí ag obair faoina stiúir ina chuideachta, agus thug gach duine a bhí i láthair ag an gcruinniú láithreoireacht ar a gcuid oibre ina réimsí faoi seach.

1.33 Tionóladh cruinnithe le linn na tréimhse sin freisin le hoifigigh iomchuí do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Tá ag an dá chomhlacht sin cumhachtaí reachtúla a bheadh faoi réir fhormhaoirsiú na hoifige agus iad bunaithe. Bhuail mé le Príomh-Choimisinéir agus Stiúrthóir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ag ceanncheathrú an Choimisiúin. Bhuail mé leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí freisin.  Le linn na tréimhse sin, bhuail mé freisin leis an mBreitheamh Dara Hayes, an Réiteoir Gearán faoi Acht 1993, faoi Acht 2009 agus faoi Acht 2011, agus bhí mé i dteagmháil le réamhtheachtaí dá chuid sa ról sin. Ina theannta sin, bhuail mé le breithiúna de chuid na hArd-Chúirte a chomhlíon ról an Bhreithimh Sainainmnithe i ndáil leis na píosaí éagsúla reachtaíochta.

1.34 Chaith mé maidin le hUachtarán na Cúirte Dúiche agus, ar chuireadh a fháil uaidh, shuigh mé isteach ag éisteacht chúirte ina raibh sé ag déileáil le hiarratais a bhí tugtha suas ag cigire de chuid an Gharda Síochána a bhí ag lorg orduithe cúirte faoin Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011.

1.35 An 27 Márta 2025, chuir mé fáilte roimh an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ("an tAire"), agus roimh Ard-Rúnaí na Roinne, chuig ár n-oifigí ar Fhaiche Stiabhna.

1.36 Ina theannta sin, thaistil mé go Londain agus, ar lá amháin ann, bhuail mé le mo chéile comhionann, mar atá Jonathan Hall KC, an tAthbhreithneoir Neamhspleách ar an Reachtaíocht um Sceimhlitheoireacht agus um Bagairtí ar an Stát, agus le beirt dá réamhtheachtaithe sa ról sin, mar atá Sir Max Hill KC agus an Barún David Anderson of Ipswich KBE KC. Táim buíoch den triúr ar fad díobh as ucht a dtoilteanais lena n-eispéiris a phlé.

1.37 Cruinniú leis an Dr Jonny Byrne, a chomhlíonann ról i dTuaisceart Éireann atá cosúil le mo ról féin, bhí sé le tionól sa tréimhse sin ach ba ghá é a chur ar atráth, ar an drochuair. Ina dhiaidh sin, tionóladh cruinniú an-táirgiúil i mBéal Feirste. Chomh maith leis sin, bhí cruinniú cianda agam le Jake Blight, Monatóir Reachtaíochta Slándála Náisiúnta Neamhspleách na hAstráile.

1.38 Le linn na tréimhse réamhbhunaithe sin, ghlac mé le roinnt cuirí chun aitheasc a thabhairt, lenar áiríodh cuireadh chuig Dinnéar Bliantúil Chomhlachas Barra Mhaigh Eo agus cuireadh ó Probus Dún Laoghaire Marine. Ar na hócáidí sin, thug mé breac-chuntas i mo chuid ráiteas ar chineál na hoifige reachtúla agus ar an dóigh a bhfaca mé mo ról. Thug mé freagra freisin ar iarraidh agallamh domhain a dhéanamh le comhfhreagraí slándála de chuid nuachtán náisiúnta.

# An Tréimhse Iarbhunaithe

## Seisiúin Faisnéise Slándála

1.39 Tar éis bhunú foirmiúil na heagraíochta, thug an Garda Síochána, Óglaigh na hÉireann, Ceann an Lárionaid Náisiúnta um Anailís Slándála i Roinn an Taoisigh, agus an Rúnaí Cúnta ar a bhfuil freagracht as Slándáil agus Tuaisceart Éireann sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce seisiúin mhionsonraithe faisnéise slándála domsa agus do m'fhoireann shinsearach. Bhí sé sin thar a bheith luachmhar chun tuiscint iomlán a fháil ar an gcomhthéacs oibríochtúil agus beartais ina n-úsáidtear na cumhachtaí dá bhforáiltear sa reachtaíocht slándála.

## Pleanáil a Dhéanamh ar an gCur Chuige i leith Reachtaíocht Slándála a Athbhreithniú

1.40 Cuid shuntasach den ról a cruthaíodh don Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála is ea glacadh le cúraimí a ndéanadh Breithiúna Sainainmnithe iad roimhe seo faoin Acht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1998, faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009, agus faoin Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011, arna leasú. Ní mór tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar oibriú agus éifeachtacht na bpíosaí reachtaíochta sin.

1.41 Ní mór tuairisciú a dhéanamh uair amháin gach trí bliana ar a laghad ar na ceithre phíosa reachtaíochta eile. Ag réamhchéim, chinn mé an tAcht um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939, a chur ag deireadh an liosta le haghaidh athbhreithnithe. Cé gur féidir a rá gurb é an tAcht is substaintí de na hAchtanna atá mínithe mar reachtaíocht slándála é, rud a raibh tionchar aige ar mo chinneadh ba ea an fíoras go ndearna coiste saineolaithe a bhí faoi chathaoirleacht an Bhreithimh Onóraigh Michael Peart, breitheamh scortha den Chúirt Achomhairc, athbhreithniú air tamaillín roimhe sin agus go raibh na breitheanna a d'eascródh as an tuarascáil sin ar feitheamh fós. Cuirtear san áireamh sa chur chuige cinnte an fíoras gur tugadh gealltanais i gClár an Rialtais 2025, *Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú*, go mbreithneodh an Rialtas an tuarascáil ar an Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939, go gcoinneodh sé an Chúirt Choiriúil Speisialta agus go ndéanfadh sé athnuachan bhliantúil ar fhorálacha an Achta um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998, agus ar fhorálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Leasú), 2009.

1.42 Chuir mé mé féin ar an eolas faoi na tuarascálacha ó na Breithiúna Sainainmnithe ar Acht 1993, ar Acht 2009 agus ar Acht 2011, arna leasú. San am atá thart, ba é an cleachtas go ndéanfadh breitheamh a bhí sainainmnithe chun ról formhaoirsiúcháin a fheidhmiú i réimse ar leith cuairt a thabhairt gach bliain ar na gníomhaireachtaí a bhí ag feidhmiú cumhachtaí reachtúla sa réimse sin.

1.43 Ón gcéad teagmháil a bhí agam leis na comhlachtaí údaraithe i leith, chuir mé in iúl go mbeadh dianú suntasach ann ar an leibhéal formhaoirsiúcháin, rud a léireodh gur bunaíodh oifig thiomnaithe agus gur ceapadh Scrúdaitheoir Neamhspleách lánaimseartha. Cé gurbh iad cuairteanna athbhreithnithe bliantúla an gnáthchleachtas, bhí sé i gceist anois go dtabharfaí cuairteanna den sórt sin ar bhonn ráithiúil. Dhéanfaí cuairteanna a sceidealú sa chaoi is nach mbeadh siad ina ró-ualach ar na gníomhaireachtaí sin atá gafa le hobair thábhachtach. Níor cuireadh as an áireamh cuairteanna a bhí sa bhreis ar chuairteanna ráithiúla, lenar áiríodh cuairteanna gan fógra. Ghlac na páirtithe uile go mór leis an sceideal beartaithe cuairteanna ráithiúla sin.

1.44 Tharla clár tosaigh cuairteanna ar na gníomhaireachtaí a raibh cumhachtaí cunóracha reachtúla á bhfeidhmiú acu sa tréimhse díreach tar éis lá an bhunaithe. Sna sé seachtaine ón 29 Aibreán go dtí an 11 Meitheamh 2025, thug mé cuairt ar Cheanncheathrú an Gharda Síochána roinnt uaireanta, ar lena linn a d'idirghníomhaigh mé leis na comhaltaí sin den rannóg Slándála agus Faisnéise a raibh freagrachtaí orthu faoin reachtaíocht maidir le tascradh, le faireachas agus le coimeád sonraí; le Seirbhís Faisnéise Míleata na hÉireann de chuid Óglaigh na hÉireann; leis na Coimisinéirí Ioncaim; le Fiosrú (Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána roimhe seo); agus leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Bhuail mé leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce sa chomhthéacs sin freisin.

1.45 Sna cuairteanna tosaigh sin, d'iarr mé míniú mionsonraithe céim ar chéim ar an nós imeachta a leantar sa phróiseas iarratais, agus cásanna hipitéiseacha éagsúla á gclúdach. Bhí sé sin thar a bheith luachmhar chun tuiscint a fháil ar an dóigh a n-oibríonn cur chun feidhme na reachtaíochta slándála dáiríre, ar na nósanna imeachta, na próisis agus na coimircí atá i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar measúnú cuí ar chomhréireacht agus ar chosaint chearta an duine, agus ar na dúshláin oibriúcháin a d'fhéadfadh teacht

chun cinn mar thoradh ar bhearnaí measta sa reachtaíocht. Léigh mé freisin gach ceann de na comhaid a osclaíodh i ndáil le hiarratais ar chumhachtaí reachtúla a fheidhmiú ó thug na Breithiúna Sainainmnithe an chuairt athbhreithnithe dheireanach i leith, agus chuir mé ceisteanna de réir mar ba ghá faoin gcomhthéacs, faoi nithe oibríochtúla agus faoi thástáil na comhréireachta i gcásanna aonair.

1.46 I gCuid a Dó den tuarascáil seo, déanfaidh mé tagairt níos mine do na cuairteanna sin agus do na míreanna reachtaíochta aonair a cheanglaítear a athbhreithniú ar bhonn bliantúil. Ag an gcéim seo, thabharfainn roinnt barúlacha ginearálta. Ar gach cuairt, cuireadh fáilte romhamsa agus roimh na baill d'fhoireann OSN a bhí in éineacht liom. Tugadh freagraí macánta cuimsitheacha ar aon cheisteanna a chuir mé agus, nuair ba chuí, tugadh ábhar tacaíochta ina dhiaidh sin. I ngach ceann de na cuairteanna sa chéad bhabhta sin, caitheadh go leor ama ar cheisteanna agus ar a fháil amach conas a d'imreodh an próiseas inmheánach amach i roinnt cásanna éagsúla. I ngach cás, bhí na daoine aonair lenar bhain an-fhlaithiúil lena gcuid ama agus saineolais, rud a bhfuilim an-bhuíoch as.

1.47 Gné amháin is amhlaidh a tháinig chun cinn go soiléir ón gcéad sraith cruinnithe sceidealaithe ná nár rud neamhchoitianta é a fheiceáil go raibh níos mó ná cumhacht reachtúil amháin á n-úsáid le linn imscrúdaithe nó oibríochta. Ní haon ionadh ar chor ar bith é sin agus go deimhin, ar athmhachnamh dom, is é an rud go díreach a mbeifí ag súil leis é.

## Gníomhaíocht agus Caidreamh

1.48 Chomh maith leis na cuairteanna athbhreithnithe atá leagtha amach thuas, áiríodh leis an ngníomhaíocht iarbhunaithe roinnt cruinnithe agus rannpháirtíocht i gcomhdhálacha agus in imeachtaí eile. Ina measc sin bhí:

### Cruinnithe

- An Chomhairle um Chearta an Duine
- Paul Madden, Ceann Tionscadail CT PHARE, an Institiúid Idirnáisiúnta um Cheartas agus Forlámhas an Dlí (IIJ) (go pearsanta agus ar líne)
- An tAonad Faisnéise Airgeadais, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch, an Garda Síochána
- An tAonad Speisialta Bleachtaireachta, an Garda Síochána
- An Rannóg um Choireacht Eagraithe agus Thromchúiseach, an Garda Síochána
- Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Rúnaíocht don Údarás Slándála Náisiúnta
- An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, oifigigh ó na réimsí seo: Slándáil agus Tuaisceart Éireann; Reachtaíocht Choiriúil; Beartas Coiriúil; Soláthar Seirbhíse Ceartais; agus Rialachas Coiriúil
- An Dr Jonny Byrne, Athbhreithneoir Neamhspleách ar an Justice and Security (Northern Ireland) Act 2007
- Bartjan Wegter, Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh
- Oifig an Choimisinéara um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (IPCO) (ar líne agus ar leibhéal oifigiúil)

### Comhdhálacha

- Imeacht CT PHARE de chuid IIJ dar teideal "Strengthening Oversight and Accountability of National Security Agencies in South and South-East Asia" (ar líne)
- Seoladh Mheabhrán na Bruiséile um Dhea-Chleachtais le haghaidh Sásraí Formhaoirsiúcháin agus Cuntasachta sa Fhrithsceimhlitheoireacht (CT PHARE) ag an nGrúpa Oibre um Fhormhaoirsiú ar Ghníomhaireachtaí Faisnéise agus Slándála (IOWG-SSA)
- Siompóisiam iTrust 6A ar fhianaise leictreonach
- Fóram Azure le haghaidh Straitéis Chomhaimseartha Slándála
- Comhdháil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas maidir le Ceannaireacht ar Chearta an Duine agus Comhionannas

Arís, le linn na tréimhse sin, tháinig roinnt daoine a raibh saineolas acu ar na nithe sin ar aghaidh chun leas a gcuid léargas agus taithí a thairiscint dom. Táim buíoch díobh as a ucht sin.

# CUID 2

## Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme agus Éifeachtacht na Reachtaíochta Slándála



2

# An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993

## Cúlra na Reachtaíochta

2.1 Leis an Acht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993, rialáiltear na himthosca ina bhféadfar cumarsáidí a thascradh go dleathach sa Stát. Cé gurbh é an chéad Acht riamh lena ndearnadh foráil shainráite lena n-údaraítear tascraí é, ní chiallaíonn sé sin gur thosaigh tascraí le hachtú Acht 1993. Ina ionad sin, is cosúil go n-eisíodh an tAire Dlí agus Cirt barántais lena bhforálfaí do phost agus teachtaireachtaí teileachumarsáide a thascradh roimh theacht i bhfeidhm Acht 1993, ach nach raibh aon reacht mar bhonn agus thaca ag an gcleachtas sin.

2.2 Bhí dhá bhreith mar chúlra na reachtaíochta: ceann amháin ón Ard-Chúirt agus ceann amháin ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. D'eascair cás *Kennedy v Éire* [1987] IR 587[2] as gaireas cúléisteachta a chur ar na fóin a bhí ag beirt iriseoirí a raibh cáil orthu i réimse na polaitíochta. Ansin, thionscain siad imeachtaí le haghaidh damáistí as tascradh neamhdhleathach a nglaonna teileafóin, á áitiú go raibh na gníomhartha de chuid gníomhairí Stáit ina sárú ar a gceart pearsanta chun príobháideachta agus chun saoirse ó chur isteach neamhdhleathach agus gan údar, rud a ráthaíodh dóibh le hAirteagal 40 den Bhunreacht.

2.3 Chinn an Ard-Chúirt (Hamilton P.) go raibh an ceart chun príobháideachta ar cheann de chearta pearsanta an tsaoránaigh a eascraíonn as cineál Críostaí agus daonlathach an Stáit, cé nach bhfuil sé ráthaithe go sonrach leis an mBunreacht. Chinn an Chúirt ina dhiaidh sin gur áiríodh leis an gceart bunreachtúil chun príobháideachta an ceart chun comhráite príobháideacha teileafóin a dhéanamh gan aon chur isteach a dhéanann seirbhísigh an Stáit d'aon ghnó, go comhfhiosach agus gan údar, agus nach raibh an ceart chun príobháideachta ina cheart gan choinníoll ach go raibh sé faoi réir cearta bunreachtúla daoine eile agus faoi réir cheanglais an oird phoiblí, na moráltachta poiblí agus an leasa choitinn.

2.4 Bhí tábhacht mhór freisin ag baint leis an mbreith ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine i gcás *Malone v United Kingdom* (1985) 7 EHRR 14[3]. Chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine gur shárú ar cheart an iarratasóra chun meas ar a shaol príobháideach faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine é barántais a eisiúint ar bhonn neamhreachtúil le haghaidh cumarsáidí a thascradh sa Ríocht Aontaithe. Chinn an Chúirt nach raibh an cur isteach "de réir an dlí" mar a cheanglaítear le hAirteagal 8(1) mar "seachas easpa aon toirmisc [ar thascradh faoi dhlí Shasana], ba chosúil nach raibh aon rialacha dlíthiúla ann maidir le raon feidhme agus modh fheidhmiú na lánrogha a bhí ag na húdaráis phoiblí."[4]

2.5 Mar thoradh ar an mbreithiúnas i gcás *Malone*, iarradh ar Rialtas na Ríochta Aontaithe an Interception of Communications Act 1985 a achtú. Ba reachtaíocht í sin ar chinn cúirt Strasbourg nár chomhlíon sí ceanglais Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ach oiread.[5] Is suntasach an rud é, sa chomhthéacs intíre, go raibh an cáineadh a rinne an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine i gcás *Malone* chomh hábhartha céanna don staid in Éirinn.

2. Ar fáil ag https://ie.vlex.com/vid/kennedy-v-ireland-804355141 [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].
3. Ar fáil ag https://hudoc.echr.coe.int/fre#{%22itemid%22:[%22001-57533%22]} [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].
4. Nóta 3, ag mír 87.
5. Féach *Liberty v United Kingdom* (2009) 48 EHRR 1. Ar fáil ag https://hudoc.echr.coe.int/fre#{%22itemid%22:[%22001-87207%22]} [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].



2.6 Cé nach raibh aon bhunús reachtúil le tascradh ann in Éirinn ná sa dlínse chomharsanach, ní foláir a rá nach gciallaíonn sé sin gur ceilte a bhí fíoras an tascartha. I gcás *Kennedy*, tharraing cosantóirí an Stáit aird ar alt 56 den Post Office Act 1908 mar alt lena soláthraítear bunús dlíthiúil le gaireas cúléisteachta a chur ar ghlaonna teileafóin na ngearánaithe. Sa dlínse chomharsanach, is amhlaidh, i dtuarascáil ó choiste Ríchomhairleoirí ón mbliain 1957, mar a bhí The Birkett Report[6], agus trácht á dhéanamh inti go raibh bunús na cumhachta chun cumarsáid a thascradh doiléir, a luadh forógra ríoga ón mbliain 1663 lenar cuireadh cosc ar chur isteach ar an bpost ach amháin faoi bharántas Rúnaí Stáit.

## Forálacha Reachtúla

2.7 Mínítear 'tascradh' in alt 1 den Acht mar a leanas:

"...gníomh arb éard é postphaicéad a bheidh dírithe chuig aon duine a oscailt nó iarracht a dhéanamh é a oscailt nó aon phostphaicéad den sórt sin a mhoilliú nó a choinneáil nó aon ní a dhéanamh chun a sheachadadh cuí a chosc, nó a údarú, a ligean nó a cheadú do dhuine eile (nach é an duine a mbeidh an postphaicéad dírithe chuige) déanamh amhlaidh... agus dá ndéanfaí ar shlí eile é seachas de bhun ordacháin faoi alt 110 d'Acht 1983, ar cion é faoi alt 53 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011,

nó

...gníomh arb éard é éisteacht nó iarracht a dhéanamh éisteacht le teachtaireacht teileachumarsáide, nó í a thaifeadadh nó iarracht a dhéanamh í a thaifeadadh, ar aon mhodh, i gcúrsa a tarchuir, seachas éisteacht nó taifeadadh den sórt sin, nó iarracht den sórt sin, i gcás gur thoiligh an duine ar thar a cheann a tharchuirtear an teachtaireacht nó an duine atá beartaithe an teachtaireacht a fháil leis an éisteacht nó an taifeadadh,

agus

...dá ndéanfaí é ar shlí eile seachas de bhun ordacháin faoi alt 110 d'Acht 1983, ar cion é faoi alt 98 den Acht sin."

Is é an tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983, "Acht 1983" dá dtagraítear thuas.

6. *Report of the Committee of Privy Councillors appointed to inquire into the interception of communications* (Cmd. 283, Londain: HMSO 1957) ("the Birkett Report").

2.8 Ní mhínítear postphaicéid ná teachtaireachtaí teileachumarsáide go sonrach ann agus, ina ionad sin, tá rud ann a d'fhéadfaí a thuairisciú mar mhíniú trí thagairt sa mhéid is go luaitear go bhfuil leis na frásaí na bríonna atá leo in Acht 1983, agus luaitear freisin go ndearbhaítear leis seo "d'fhonn amhras a sheachaint" go bhfolaíonn an frása "teachtaireacht teileachumarsáide" teileagram. Tá an tagairt do theileagraim ina leid go bhfuil an reachtaíocht i bhfad as dáta.

2.9 Mínítear "cion tromaí" mar chion a bhféadfar a phionósú le príosúnacht ar feadh téarma 5 bliana nó níos mó, agus:

"(i) lena ngabhann bás duine, díobháil phearsanta thromaí nó cailleadh tromaí maoine nó damáiste tromaí do mhaoin nó baol tromaí go mbeidh aon chailleadh, díobháil nó damáiste den sórt sin ann,

(ii) a bhfuil, nó ar dócha go mbeidh, gnóchan substaintiúil de thoradh air, nó

(iii) gur de chineál iad na fíorais agus na himthosca ina leith a thabharfadh gur cás fíorthromaí den saghas sin é."

2.10 Cuirtear in iúl go soiléir in alt 2(1) go bhféadfaidh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce údarú a thabhairt i leith tascraí, "ach sin amháin chun críche imscrúdaithe choiriúil nó ar mhaithe le slándáil an Stáit". Leagtar amach sa chuid eile d'alt 2 na ceanglais ghinearálta maidir le húdaruithe, lena n-áirítear go dtabharfar iad le barántas faoi láimh an Aire, go bhféadfar iad a thabhairt ó bhéal i gcásanna lena mbaineann práinn eisceachtúil, agus ceanglas ann ar an oifigeach ainmnithe taifead ar údaruithe a choinneáil (alt 2(2)(c)); an teorainn ama 3 mhí le húdaruithe (alt 2(5)), a fhéadfar a fhadú go ceann tréimhse breise 3 mhí (alt 2(6)(a)); agus go bhféadfaidh an tAire dul i gcomhairle leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách sula gcinnfidh sé nó sí údarú a thabhairt nó údarú a fhadú. Ba thagairt don Bhreitheamh Sainainmnithe ar dtús í an tagairt don Scrúdaitheoir Neamhspleách.

2.11 Ní dheachthas i gcomhairle liom ar an mbealach sin riamh le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, agus níl a fhios agam an ndeachthas i gcomhairle le haon Bhreitheamh Sainainmnithe ar an mbealach sin riamh san am atá thart.

2.12 Leagtar amach in alt 4 agus in alt 5 na coinníollacha nach foláir don Aire a mheas a bheith comhlíonta sula n-eiseofar údarú. Le halt 4, pléitear le himscrúduithe coiriúla agus, le halt 5, pléitear le cásanna a bhaineann le slándáil an Stáit.

2.13 Foráiltear le halt 4(a)(i) gurb iad seo a leanas na coinníollacha:

"go bhfuil—

(I) imscrúduithe á ndéanamh ag an nGarda Síochána, ag an Ombudsman Póilíneachta nó ag údarás poiblí eile a mbeidh sé de chúram air cionta (bíodh siad déanta cheana féin, amhrasta nó tuarta[7]) den chineál atá i gceist a imscrúdú, a bhaineann le cion tromaí nó le cion tromaí amhrasta,

(II) teipthe ar imscrúduithe nach bhfuil tascradh ag gabháil leo, nó gur dóigh go dteipfidh orthu, ceachtar den dá ní seo a leanas nó, de réir mar a bheidh, iad araon, a thabhairt ar aird nó a thabhairt ar aird sách luath, is é sin le rá:

(A) faisnéis a léireoidh an amhlaidh a rinneadh an cion nó maidir leis na fíorais a bhaineann leis,

(B) fianaise chun críche imeachtaí coiriúla i ndáil leis an gcion,

agus

(III) ionchas réasúnach ann go mbeadh tascradh postphaicéad arna seoladh chuig seoladh poist áirithe nó tascradh teachtaireachtaí teileachumarsáide arna seoladh chuig seoladh teileachumarsáide áirithe nó uaidh, ina chúnamh ábhartha (cibé acu ann féin nó i dteannta faisnéise nó fianaise eile) maidir le faisnéis nó fianaise den chineál sin a dúradh a sholáthar...

...agus

(b) go bhfuil an tábhacht a bhaineann leis an bhfaisnéis nó leis an bhfianaise lena mbaineann a fháil leordhóthanach chun go mbeidh an tascradh cóir, ag féachaint do na himthosca go léir agus d'ainneoin an tábhacht atá le príobháideacht postphaicéad agus teachtaireachtaí teileachumarsáide a shlánchoimeád."

7. Alt 4(a)(ii) d'Acht 1993. Cuireadh cionta a thuartar leis le halt 12(b) d'Acht an Gharda Síochána (Leasú), 2015.

2.14 Leagtar amach in alt 5 na coinníollacha is infheidhme maidir le tascraí ar mhaithe le slándáil an Stáit:

> "(a) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil gníomhaíochtaí áirithe á ndéanamh nó go mbeartaítear iad a dhéanamh ar gníomhaíochtaí iad atá ag cur slándáil an Stáit i mbaol nó ar dóigh dóibh slándáil an Stáit a chur i mbaol,
>
> (b) go bhfuil imscrúduithe á ndéanamh ag an duine nó thar ceann an duine atá ag déanamh iarratais ar an údarú lena mbaineann d'fhonn a fháil amach an bhfuil na gníomhaíochtaí den chineál a dúradh á ndéanamh iarbhír nó an bhfuil sé beartaithe iad a dhéanamh agus más rud é go bhfuil, cé atá á ndéanamh agus cineál agus méid na ngníomhaíochtaí,
>
> (c) go bhfuil teipthe, nó gur dócha go dteipfidh, ar imscrúduithe nach raibh tascradh ag gabháil leo, faisnéis a thabhairt ar aird nó a thabhairt ar aird sách luath a léireodh an bhfuil na gníomhaíochtaí á ndéanamh nó á mbeartú lena ndéanamh, agus más rud é go bhfuil, cé atá á ndéanamh agus cineál agus méid na ngníomhaíochtaí,
>
> (d) go bhfuil ionchas réasúnach ann go mbeadh tascradh postphaicéad arna seoladh chuig seoladh poist áirithe nó tascradh teachtaireachtaí teileachumarsáide arna seoladh chuig seoladh teileachumarsáide áirithe nó uaidh ina chúnamh ábhartha (cibé acu ann féin nó i dteannta faisnéise eile) i dtaca le faisnéis den chineál a dúradh a sholáthar, agus
>
> (e) go bhfuil an tábhacht a bhaineann leis an bhfaisnéis lena mbaineann a fháil leordhóthanach chun go mbeidh an tascradh cóir, ag féachaint do na himthosca go léir agus d'ainneoin an tábhacht atá le príobháideacht postphaicéad agus teachtaireachtaí teileachumarsáide a shlánchoimeád."

2.15 Le halt 6, pléitear leis na nósanna imeachta le haghaidh iarratas a dhéanamh ar údarú. Ceanglaítear leis nach foláir an t-iarratas a bheith déanta ag Coimisinéir an Gharda nó ag an Ombudsman Póilíneachta i gcásanna imscrúdaithe choiriúil, nó ag Coimisinéir an Gharda nó ag Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann i gcásanna lena mbaineann slándáil an Stáit. Ceanglaítear iarratais a bheith i scríbhinn chuig oifigeach ainmnithe an Aire agus ní foláir dóthain faisnéise a bheith iontu chun a chumasú don Aire a chinneadh an bhfuil na coinníollacha a shonraítear in alt 4 nó 5 comhlíonta. Más é Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann a dhéanann iarratas, ní foláir moladh i scríbhinn ón Aire Cosanta a bheith ag gabháil leis ag tacú leis an iarratas.

2.16 Baineann alt 6(2) le ról oifigeach ainmnithe an Aire. An t-oifigeach, arb oifigeach an-sinsearach don Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce é nó í i ngach cás, ceanglaítear air nó uirthi iarratais faoin alt a bhreithniú agus, tar éis dó nó di aon fhiosruithe is dóigh leis nó léi is gá a dhéanamh, cuirfidh sé nó sí aighneacht faoina shíniú nó faoina síniú faoi bhráid an Aire ina dtabharfaidh sé nó sí a thuairim nó a tuairim i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil na coinníollacha a shonraítear in alt 4 nó 5, de réir mar a bheidh, den Acht arna gcomhlíonadh i ndáil leis an tascradh beartaithe. Más é tuairim an oifigigh ainmnithe nach bhfuil na coinníollacha sin arna gcomhlíonadh amhlaidh, luafaidh sé nó sí na dóigheanna nach bhfuil siad arna gcomhlíonadh amhlaidh.

2.17 Is díol spéise é go sonraítear in alt 6(3) go bhféadfar déileáil le faisnéis a bheidh i seilbh an oifigigh ainmnithe, cibé acu de thoradh údaraithe nó iarratais roimhe sin nó ar shlí eile), amhail is dá mba rud é a bhí ar áireamh san iarratas.

2.18 Tá foráil ann go gcomhlíonfaidh oifigeach eile ról an oifigigh ainmnithe in éagmais an oifigigh ainmnithe.

2.19 Foráiltear le halt 7 go scoirfidh tascraí de bheith i bhfeidhm nuair nach bhfuil siad ag teastáil a thuilleadh.

2.20 Le halt 8, pléitear le ról an Scrúdaitheora Neamhspleách chun a fháil amach an bhfuil forálacha an Achta á gcomhlíonadh agus chun oibriú an Achta a choimeád faoi athbhreithniú. Foráiltear le halt 8(6) gurb amhlaidh, má chuireann an Scrúdaitheoir Neamhspleách in iúl don Aire gur dóigh leis nó léi, maidir le húdarú áirithe a bheidh i bhfeidhm, nár chóir é a bheith tugtha nó gur chóir é a chealú nó nár chóir an tréimhse a raibh sé i bhfeidhm lena linn a bheith fadaithe, a cheanglaítear ar an Aire an méid sin a chur in iúl don Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus ansin an t-údarú a chealú. Níor tharla an cás sin riamh ó uair mo cheapacháin i leith.

## Nós Imeachta Gearán

2.21 Foráiltear le halt 9 maidir le nós imeachta gearán agus cruthaítear oifig an Réiteora Gearán leis. Más rud é, tar éis imscrúdú a dhéanamh ar ghearán, go gcinneann an Réiteoir Gearán go ndearnadh sárú ar forálacha an Achta, ní foláir dó nó di fógra a thabhairt don ghearánach agus an fhionnachtain a thuairisciú don Taoiseach. Féadfaidh an Réiteoir Gearán an t-údarú a neamhniú agus féadfaidh sé nó sí a ordú go ndéanfar aon chóip den chumarsáid a tascradh a scriosadh, agus tá foráil ann freisin maidir le moladh a dhéanamh go n-íocfar cúiteamh leis an ngearánach.

2.22 I gcás gur chinn an Réiteoir Gearán nach ndearnadh sárú ar fhorálacha sonraithe den Acht ann ach go dtagann sé nó sí ar an tuairim nár chion tromaí an cion mar atá mínithe, féadfaidh sé nó sí an cheist i dtaobh ar chion tromaí an cion a tharchur chuig an Scrúdaitheoir Neamhspleách. Má aontaíonn an Scrúdaitheoir Neamhspleách nár chion tromaí an cion, tagann na nósanna imeachta céanna atá leagtha amach thuas chun cinn; is é sin le rá, fógra a thabhairt don ghearánach, tuairisciú don Taoiseach, agus an chumhacht chun an t-údarú a neamhniú, chun scriosadh a ordú, chun cúiteamh a mholadh agus mar sin de. Má thagann an Scrúdaitheoir Neamhspleách ar an tuairim gur chion tromaí an cion, ansin ceanglaítear ar an Réiteoir Gearán fógra a thabhairt don ghearánach nach ndearnadh aon sárú ar an Acht.

2.23 Maidir leis an gceanglas chun fógra a thabhairt don ghearánach i dtaobh an fhíorais nach ndearnadh aon sárú agus gan aon rud eile a dhéanamh thairis sin, d'fhéadfaí breathnú air mar úsáid an phrionsabail "gan deimhniú ná gan séanadh".

2.24 Mar a fheicfimid, leithdháileadh ról lena ngabhann an fheidhm chéanna faoi Achtanna 2009 agus 2011 ar an oifig a cruthaíodh leis an alt seo.

2.25 Le halt 10, pléitear le himeachtaí áirithe agus le fianaise. Rith sé liom go raibh trí rud ina ndíol suntais:

- Ceanglaítear toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le haghaidh ionchúisimh i leith cionta lena mbaineann tascradh neamhdhleathach faoin reachtaíocht shonraithe um post agus teileachumarsáid (alt 10(1)(a));
- In aon ionchúiseamh den sórt sin, ní foláir an cheist fhíorasach i dtaobh an ndearnadh dáiríre gníomh nó neamhghníomh a raibh dliteanas coiriúil ag gabháil leis a chinneadh sula dtabharfar aon fhianaise ar aird i dtaobh ar tugadh údarú (alt 10(2)(b));
- Lasmuigh de chomhthéacs imeachtaí den sórt sin, ní inordaithe d'aon duine fianaise nó faisnéis a thabhairt d'aon chúirt, d'aon bhinse nó d'aon duine seachas an Scrúdaitheoir Neamhspleách nó an Réiteoir Gearán a léireodh gur tugadh údarú nó go ndearnadh iarratas air (alt 10(3)).

2.26 Tugann Hogan, Morgan agus Daly le fios go bhféadfadh bunreachtúlacht an fho-ailt sin a bheith i gceist ar bhonn bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí i gcás *Ambiorix Ltd v an tAire Comhshaoil (Uimh. 1)* [1992] 1 IR 277[8]:

> "Mar chosaint ar an gcoimirce sin, deirtear go bhféadfadh aon duine 'ar mian leis a fháil amach ar cuireadh gaireas cúléisteachta ar a theileafón' imeachtaí a thionscnamh d'fhonn iallach a chur ar oifigeach 'a rá an ndearnadh tascradh' [ag lua a raibh ráite ag Pádraig Flynn, an tAire Dlí agus Cirt ag an am, agus é ag míniú na réasúnaíochta is bun leis an bhforáil sa Dáil]. Mar sin féin, cé nach foláir leas an phobail i sláine aon chórais oifigiúil tascartha a bheith ina leas an-mhór, ní foláir a bheith in ann bhunreachtúlacht aon chlásail eisiaimh chomh forleathan sin, i bhfianaise cásanna amhail cás *Murphy* agus cás *Ambiorix*, a cheistiú. Ina theannta sin, murach tairbhe an fhollasaithe, ní fhéadfadh gearánaí a bhí thíos le tascradh neamhdhleathach an fíoras sin a shuíomh go héasca. Is é sin an cás díreach de chineál 'rogha an dá dhíogha' a d'aithisigh an Breitheamh McCarthy i gcás *Ambiorix* mar shárú ar nósanna imeachta cothroma, mar atá feicthe againn cheana féin."[9]

Mar a fheicfimid in am trátha, glacadh cur chuige beagán níos caolchúisí san Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009.

8. Ar fáil ag https://ie.vlex.com/vid/ambiorix-ltd-v-minister-802625257 [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].
9. *Administrative Law in Ireland* (an 5ú heagrán, Round Hall 2019) ag mír 22-136.

2.27 Le halt 12, forchuirtear oibleagáidí ar an Aire an fíoras gur údaraíodh tascraí, agus ábhar aon tascraí údaraithe, a nochtadh a mhéid is lú is gá, agus a áirithiú nach ndéanfar níos mó cóipeanna de chumarsáidí ná mar is gá, agus go ndéanfar iad a dhíothú a luaithe nach bhfuil gá leo a thuilleadh. Mínítear 'gá' gá maidir le cionta tromaí a chosc nó a bhrath nó gá ar mhaithe le slándáil an Stáit.

2.28 Le hailt 13 agus 14, déantar reachtaíocht eile a leasú agus a aisghairm. Díol suntais ar leith is ea aisghairm alt 18 den Acht um Rúin Oifigiúla, 1963. Leis sin, tugadh cumhacht don Aire a cheangal go dtabharfaí teileagram áirithe ar aird. Is díol spéise é sin toisc go raibh alt 18 ina shampla neamhchoitianta de chumhacht reachtach chun rochtain a fháil ar chineál cumarsáide ar leith roimh Acht 1993.

# Cuairteanna Athbhreithnithe

## An Garda Síochána

2.29 Tharla mo chéad chuairt athbhreithnithe ar an nGarda Síochána tar éis dom páirt a ghlacadh i gcruinnithe ní ba luaithe leis an gCoimisinéir agus lena chomhghleacaithe, lenar áiríodh an Leas-Choimisinéir atá i gceannas ar Shlándáil, Straitéis agus Rialachas tar éis a cheapacháin chuig an gcéim sin, agus na Coimisinéirí Cúnta a bhfuil freagracht orthu as an tSeirbhís Faisnéise Coireachta agus Slándála agus as Coireacht Eagraithe agus Thromchúiseach.

2.30 Chomh maith leis sin, tháinig sé sna sála ar chruinniú i m'oifig leis an mBleachtaire Ard-Cheannfoirt Slándála agus Faisnéise iomchuí, a raibh na ceannfoirt éagsúla ina fhoireann ina chuideachta. Thug gach duine de na ceannfoirt láithreoireacht i ndáil lena gcuid oibre. Oibríonn na baill de na foirne Slándála agus Faisnéise sin i réimsí ar leith lena mbaineann cumhacht reachtúil shonrach, bíodh tascradh dleathach, faireachas nó coimeád sonraí i gceist léi. Luaigh mé ní ba luaithe go ndearna mé léargas an-soiléir ar an gcomhthéacs ina n-úsáideann an Garda Síochána cumhachtaí reachtúla a ghnóthú ón gcruinniú sin.

## Nós imeachta

2.31 Is láraithe atá dul i muinín postphaicéad nó teileachumarsáidí a thascradh go dleathach. Déileálann aonad laistigh de rannóg Slándála agus Faisnéise an Gharda Síochána, atá lonnaithe i gCeanncheathrú an Gharda Síochána, leis an ngníomhaíocht ar fad sa réimse sin. Is é sin an t-aonad céanna a dhéileálann le coimeád sonraí ó lá go lá.

2.32 I gcás go dtiocfaidh tuairim chun cinn laistigh den Gharda Síochána ar leibhéal rannáin nó ar leibhéal dúiche go bhfuil gá le cúnamh trí bhíthin faisnéis bhreise chun imscrúdú coiriúil tromchúiseach a chur chun cinn nó go bhfuil sé ar mhaithe le slándáil an Stáit a shlánchoimeád, déanfar iarratas chuig an bhfoireann iomchuí sa rannóg Slándála agus Faisnéise, ar thaobh na faisnéise coiriúla nó ar thaobh na faisnéise slándála náisiúnta, de réir mar is cuí. Déantar gach iarraidh a threorú trí na cainéil sin, agus meastar go bhfuil sé sin thar a bheith tábhachtach maidir le rialú cáilíochta inmheánach agus lena inmhianaithe atá sé go gcoinneofaí scaradh ar bun idir an fhoireann imscrúdaithe agus iad siúd atá ag déanamh iarratais ar údaruithe.

2.33 Nuair a chuirtear an t-iarratas faoi bhráid an aonaid laistigh den rannóg Slándála agus Faisnéise ansin, déantar measúnú air ag leibhéal an bhleachtaire sáirsint chun a fháil amach an bhfuil dóthain substainte ann chun an tairseach reachtúil a chomhlíonadh agus an bhfuil an t-iarratas indéanta. Ina lán cásanna, iarrfar soiléiriú nó tuilleadh faisnéise. Tar éis an mheasúnaithe tosaigh sin, téann an t-iarratas suas an líne ansin lena bhreithniú ag cigire agus ansin téann sé chuig ceannfort. Ag an gcéim sin, déantar dréacht-iarratas atá dírithe chuig oibritheoir nó chuig soláthraí seirbhíse a tharraingt suas. Sula bhféadfar gníomhú dá bhun, áfach, ní foláir é a bheith ceadaithe ag an mBleachtaire Ard-Cheannfoirt, agus cuirtear an ní faoi bhráid Choimisinéir an Gharda ansin lena bhreithniú aige nó aici go pearsanta. Tá an dearcadh laistigh den Gharda Síochána go bhfuil gá le "síniú fliuch", mar a thugtar air, ón gCoimisinéir. Is síniú traidisiúnta fisiciúil i gcóip chrua é sin. Meastar freisin nach féidir leis an gCoimisinéir feidhmeanna faoin Acht a tharmligean ach amháin má tá sé nó sí as láthair óna dhualgas nó óna dualgas nó ar shaoire bhliantúil. Is féidir leis an léiriú sin a bheith ina fhadhb má tá an Coimisinéir lasmuigh den dlínse ar ghnó oifigiúil – ag freastal ar chruinniú trasteorann, ar chruinnithe idirnáisiúnta le gníomhaireachtaí póilíneachta agus slándála is comhpháirtithe, nó ar ócáidí idirnáisiúnta nó Aontais Eorpaigh eile, mar shampla. Ní féidir an ní a chur faoi bhráid oifigeach ainmnithe an Aire ach amháin nuair a bheidh an iarraidh ar údarú sínithe ag an gCoimisinéir.

2.34 Is ionann go bunúsach an nós imeachta a leantar i gcás údaruithe a iarrtar ar mhaithe le himscrúdú coiriúil agus an nós imeachta a leantar i gcás údaruithe a iarrtar chun tacú le slándáil an Stáit. Má cheadaítear an t-údarú, coimeádtar é faoi athbhreithniú leanúnach ó thaobh na comhréireachta de. Chomh maith leis an athbhreithniú leanúnach, déantar athbhreithniú inmheánach níos foirmiúla gach 14 lá, agus breithnítear an cheist an bhfuil gá leis an tascradh fós, an bhfuil údar maith leis fós, agus an bhfuil sé fós comhréireach, agus aird á tabhairt ar a thábhachtaí atá sé go dtabharfaí urraim do phríobháideacht na cumarsáide. Is ionann í sin agus coimirce bhreise agus is fiú moladh a thabhairt di.

2.35 Tá údarú bailí go ceann trí mhí ón uair a eisítear é, agus tá foráil ann maidir lena athnuachan. De ghnáth, bíonn tascraí a údaraítear ar mhaithe le slándáil an Stáit níos faide ná iad siúd a eisítear ar mhaithe le himscrúdú coiriúil. Tá an patrún céanna fíor freisin maidir le feidhmiú cumhachtaí faoi Acht 2009. Is míniú simplí é sin – go mbíonn bagairtí ar shlándáil an Stáit ina mbagairtí fadtéarmacha nó ina mbagairtí meántéarmacha ar a laghad.

2.36 Ar mo chéad chuairt formhaoirsiúcháin, léigh mé na comhaid a bhaineann leis na húdaruithe uile ón 2 Aibreán 2025 i leith, arbh é dáta bunaithe na hoifige é. A bhuí leis an deis a bhí agam gach comhad nua a léamh agus ceisteanna a chur faoi gach úsáid a baineadh as na cumhachtaí reachtúla, tá léargas cuimsitheach agam anois ar úsáid an tascartha ag an nGarda Síochána agus ar an leibhéal breithniúcháin agus an tástáil comhréireachta a úsáideadh i ngach cás.

2.37 Ar bhonn breithniú a dhéanamh ar na comhaid iomchuí uile ar na trí bhabhta cuairteanna athbhreithnithe, agus ar bhonn na gcomhráite a bhí agam ar gach ócáid le comhaltaí den Gharda Síochána a bhfuil baint acu le hoibriú Acht 1993, is deimhin liom go bhfuil an Garda Síochána ag oibriú an Achta ar bhealach freagrach agus gairmiúil.

2.38 Baineann tábhacht leis an gcumas chun cumarsáidí a thascradh in imthosca cuí agus faoi réir coimircí cuí, chun coireacht thromchúiseach a imscrúdú agus a chosc agus ar mhaithe le slándáil an Stáit araon. Ba dheimhin liom go ndearnadh breithniú cúramach ar gach iarratas ar údarú nuair a fuair an rannóg Slándála agus Faisnéise iad. An fhíric nach bhfuil baint ag na comhaltaí den fhoireann Slándála agus Faisnéise atá ag bainistiú an phróisis iarratais leis an imscrúdú féin ach, ina ionad sin, go bhfuil siad ag freagairt d'iarrataí ó imscrúdaitheoirí, rannchuidíonn sí le rialú inmheánach éifeachtach. Tá idirlíne shoiléir ann idir an ról a imríonn imscrúdaitheoirí ar iarratasóirí agus an ról a imríonn an fhoireann údarúcháin i gCeanncheathrú an Gharda Síochána.



2.39 De bhun mo chomhráite leis na comhaltaí sinsearacha den aonad a bhí ag plé le hAcht 1993 agus de bhun mo scrúdaithe ar na comhaid, is deimhin liom go hiomlán nach nglactar le hiarrataí gan iad a bhreithniú riamh. Éilítear leis an bpróiseas go leagtar amach go hiomlán na mionsonraí uile a bhaineann le hiarraidh – mar shampla, an sprioc straitéiseach a bhaineann le tascradh a úsáid in imscrúdú ar leith, cén fáth a mbeadh an leibhéal sin cur isteach ar an aon bhealach indéanta amháin chun an fhaisnéis a iarrtar a fháil, cé na modhanna imscrúdaithe eile a úsáideadh cheana féin – agus ansin déantar measúnú críochnúil ar an iarratas ó thaobh na comhréireachta, na hábharthachta agus an ghá de. Go deimhin, ba cheart a lua gurbh amhlaidh, sa tréimhse a ndearnadh scrúdú uirthi, a seoladh 10% de na hiarratais ar ais le haghaidh soiléiriú nó tuilleadh faisnéise a fháil agus a diúltaíodh do 35% de na hiarratais ar fad go hinmheánach. Feictear dom gur léiriú soiléir é sin go ndéantar measúnú críochnúil ar gach iarratas chun a chinntiú go gcomhlíontar an tairseach chuí.

## Óglaigh na hÉireann

2.40 Tharla mo chéad chuairt athbhreithnithe ar Óglaigh na hÉireann i gceanncheathrú nua Sheirbhís Faisnéise Míleata na hÉireann (IMIS). Tháinig sí sna sála ar idirghníomhaíocht ní ba luaithe, arbh é a bhí i gceist léi ná cruinniú leis an gCeann Foirne ag an am, a raibh oifigeach sinsearach in IMIS ina chuideachta, chomh maith le réamhchruinniú leis an Stiúrthóir um Fhaisnéis Mhíleata agus lena Stiúrthóir ionaid.

2.41 Faoi mar atá amhlaidh i gcás an Gharda Síochána, is láraithe atá cinntí maidir le hÓglaigh na hÉireann do dhul i muinín a gcumhachtaí reachtúla faoi Acht 1993. Glacann Óglaigh na hÉireann cur chuige comhchosúil agus iad ag dul i muinín a gcumhachtaí reachtúla eile a bhí ina n-ábhar d'fhormhaoirsiú ag Breitheamh Sainainmnithe, agus a thagann anois faoi shainchúram an Scrúdaitheora Neamhspleách.

## Nós imeachta

2.42 An nós imeachta a leanann IMIS chun úsáid chumhachtaí tascartha agus, go deimhin, úsáid na gcumhachtaí reachtúla eile atá faoi réir formhaoirsithe a rialú, tá sé beagáinín difriúil leis an gcur chuige a ghlacann an Garda Síochána ina leith. I gcás Óglaigh na hÉireann, sanntar oifigigh agus comhaltaí chun obair i réimse imní ar leith, mar shampla slándáil inmheánach Óglaigh na hÉireann, seachas chun cumhacht reachtúil shonrach a fheidhmiú. Tugtar oifigeach deisce ar an duine sannta atá i gceannas ar an bhfoireann atá ag déileáil le réimse ar leith. D'fhéadfadh go mbeadh ar oifigigh dheisce díriú in amanna ar an gceist i dtaobh ar cheart bogadh i dtreo féachaint le cumhachtaí reachtúla a ghairm agus, sa chás sin, d'fhéadfadh go mbeadh orthu breithiúnas a thabhairt maidir le cé acu de na cumhachtaí a bheadh ar an gcumhacht reachtúil is cuí.

2.43 Leis na nósanna imeachta laistigh den aonad, ceanglaítear gurb amhlaidh, sula gcuirtear an t-iarratas beartaithe ar thascradh teileachumarsáide nó poist faoi bhráid an Chinn Foirne, a dhéanann líon nach lú ná triúr oifigeach a bhfuil céimeanna éagsúla acu laistigh den rannóg breithniú ar an iarratas. Díríonn gach oifigeach a intinn nó a hintinn ar an mbagairt ar shlándáil an Stáit agus ar an ngá atá leis an tascradh beartaithe, ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, agus ar chomhréireacht an tascraidh bheartaithe, agus iad á gcur sa mheá i gcoinne luach phríobháideacht an phoist agus na teileachumarsáide. Breithnítear freisin an cheist faoi chur isteach comhthaobhach ar chearta príobháideachta.

2.44 Ar ócáid mo chéad chuairte athbhreithnithe, ba é a bhí i gceist leis an gcuid luath ná láithreoireachtaí ó roinnt de na hoifigigh dheisce, ar thug gach duine díobh breac-chuntas ar a réimsí freagrachta ar leith. Le linn na láithreoireachtaí sin, rinneadh tagairtí sonracha d'ócáidí inar gaireadh gach ceann de na cumhachtaí reachtúla, lenar áiríodh cumhacht an tascartha. Míníodh cé chomh suntasach agus a bhí infhaighteacht na gcumhachtaí agus conas a tháinig torthaí rathúla as dul i muinín na gcumhachtaí sna cásanna ar leith sin.

2.45 Rud eile a bhí i gceist leis an gcuairt sin ba ea gur léigh mé gach ceann de na comhaid nua a osclaíodh ó bhunú m'oifige ar leith, mar aon le comhaid reatha atá ar siúl. Ar chuairteanna ina dhiaidh sin, léigh mé na comhaid a bhain leis an tréimhse ó bhí an chuairt roimhe sin ann.

2.46 Mar thoradh ar mo chomhráite agus ar an léamh a rinne mé ar na comhaid, is deimhin liom go hiomlán go bhfuil IMIS ag oibriú na reachtaíochta ar bhealach coinsiasach, freagrach agus cúramach. Déileáladh go cuimsitheach agus chun mo shástachta le haon cheisteanna a bhí agam agus na comhaid á léamh agam.

### Fiosrú

2.47 Tá cumhachtaí ag an Ombudsman Póilíneachta faoin reachtaíocht seo anois. Déantar foráil ina leith sin le halt 274(1)(d) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, lenar leasaíodh Acht 1993. I ngach ceann de na hidirghníomhaíochtaí a bhí agam le Fiosrú, phléamar an fhoráil reachtach sin. Mar sin féin, leagadh díriú sa phlé ar fheidhmiú cumhachtaí reachtúla eile a bhí faoi athbhreithniú. Le linn na tréimhse athbhreithnithe, níor fheidhmigh an tOmbudsman Póilíneachta na cumhachtaí reachtúla dá bhforáiltear faoi Acht 1993.

### An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

2.48 I gcúrsa gach babhta cuairteanna, bhuail mé le hoifigigh na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a bhfuil freagracht orthu faoi Acht 1993. Ar gach ócáid, phléigh mé a dtuiscint ar threochtaí agus forbairtí le déanaí leo. D'fhreastail oifigeach ainmnithe an Aire ar gach ceann de na cruinnithe sin, mar aon le hoifigeach ainmnithe chun an t-oifigeach sin a ionadú nuair ba ghá.

2.49 Ag an gcéad cheann de na cruinnithe sin, leagadh amach dom go mion an nós imeachta a leantar ar iarratas ar údarú a fháil. Go háirithe, míníodh gurbh amhlaidh ina lán cásanna, ar iarratas a fháil, a bheadh teagmháil ann idir an t-oifigeach ainmnithe agus an t-iarratasóir chun soiléiriú nó tuilleadh faisnéise a lorg. Ar na cuairteanna sin, léigh mé na comhaid a bhí i seilbh na Roinne maidir le hiarratais ar údaruithe ó lá bunaithe na hoifige i leith nó ón gcuairt roimhe i leith.

2.50 Tríd is tríd, ba dheimhin liom go hiomlán go bhfuil na nósanna imeachta atá i bhfeidhm cuimsitheach agus críochnúil agus nach gcuireann an t-oifigeach ainmnithe aon iarratas ar údarú faoi bhráid an Aire lena bhreithniú nó lena breithniú nó lena chinneadh nó lena cinneadh gan leibhéal cuí grinnscrúdaithe agus scrúdaithe a bheith déanta air.

## Minicíocht Úsáide Cumhachtaí Reachtúla

2.51 Rinne mé breithniú i dtaobh ar cheart staitisticí a sholáthar maidir leis an líon uaireanta inar baineadh úsáid as an gcumhacht tascartha. Tar éis dom machnamh a dhéanamh ar an ní, áfach, tháinig mé ar an gconclúid nach mbeadh sé cuí déanamh amhlaidh. Tháinig mé ar an tuairim sin ar roinnt cúiseanna. Ní bheadh mórán luacha ag baint le figiúirí foriomlána, agus d'fhéadfadh a bhfoilsiú a bheith míthreorach. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh na figiúirí a d'fhéadfaí a sholáthar a bheith saofa leis an bhfíric go bhféadfadh go mbeadh údaruithe iolracha ann i leith an aon fhóin amháin nó i leith an aon duine spéise amháin. Is féidir leis sin tarlú nuair a athraíonn an duine aonair atá ag úsáid an fhóin spriocdhírithe a líonra nó i gcás nach eol, nó nach eol go cinnte, cad atá sa líonra lena mbaineann agus, sa chás sin, ní foláir údaruithe a sheoladh chuig na soláthraithe líonra go léir.

2.52 Ar an iomlán, is féidir liom a rá go bhfuil an leibhéal tascartha ag teacht den chuid is mó leis an méid a tuairiscíodh le roinnt blianta anuas. I gcás Óglaigh na hÉireann, tá laghdú éigin tagtha ar an méid a théitear i muinín na cumhachta cunóraí le déanaí, cé gur tharla sé sin roimh an tréimhse atá faoi athbhreithniú, agus tugadh cúiseanna láidre leis sin.

2.53 Is cinnte gur féidir a rá gur beag atá an leibhéal tascartha. Ní thacaíonn an leibhéal foriomlán ar chor ar bith le haon mhaíomh go ndearna na comhlachtaí a bhfuil cumhachtaí acu sa réimse sin iad a fheidhmiú ar nós cuma liom. Os a choinne sin, maidir leis an líon iarrataí ar údarú ó na comhlachtaí sin a d'fheidhmigh iad dáiríre le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, léiríonn sé a lán faoi ghairm shrianta agus dhírithe cumhachtaí reachtúla.

2.54 Treisíodh an tuairim sin a mhéid a bhain sé leis an mbreithniú ar a bhfuil i gcomhaid aonair. Gan aon eisceacht, tháinig an réasúnaíocht ba bhun leis an iarratas agus an t-údar a bhí leis an tascradh chun solais go soiléir ó gach ceann de na comhaid.

## Barúlacha maidir le hAcht 1993 agus Moltaí Gaolmhara

### Bearnaí

2.55 Tá trácht poiblí déanta ag roinnt de shealbhóirí oifig an Bhreithimh Shainainmnithe i gcúrsa tuarascálacha bliantúla ar an bhfíric go bhfuil Acht 1993 i bhfad as dáta.

2.56 Is ann do roinnt réimsí a bhfuil an reachtaíocht easnamhach iontu. Sa rannán seo, tá sé i gceist agam aird a tharraingt ar bhearnaí a tháinig chun solais dom le linn mo chuairteanna athbhreithnithe:

- Eascraíonn an bhearna is suntasaí as an bhfíric gur tháinig an reachtaíocht roimh chumarsáid dhigiteach nua-aimseartha agus, dá bhrí sin, nach ndéantar foráil maidir léi ach amháin do thascradh teachtaireachtaí gutha, do theachtaireachtaí SMS (Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí) agus do theachtaireachtaí MMS (Seirbhís Teachtaireachtaí Ilmheán). Ní dhéantar aon fhoráil leis an Acht maidir le seirbhísí sonraíbhunaithe nó de mhuin an Idirlín (OTT) a thascradh. Is samplaí de sheirbhísí OTT iad WhatsApp, Telegram agus Snapchat, agus mar sin de. Níl aon bhunús reachtach ann le rochtain a fháil ar a bhfuil in ábhar sonraíbhunaithe, amhail leathanaigh Ghréasáin nó stair brabhsála idirlín, trí thascradh. D'fhéadfadh sé sin cur isteach ar chumas an Stáit chun a oibleagáidí faoi Chuid 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008, a chomhlíonadh.
- Ceadaítear ina lán dlínsí eile úsáid a bhaint as trealamh leictreonach scanta atá ceaptha chun sonraí aitheantóra ó fheistí soghluaiste a aimsiú agus a thaifeadadh.  Sampla coitianta de threalamh den sórt sin is ea an glacaire IMSI (Aitheantas Suibscríobhaí Teileafónaíochta Soghluaiste Idirnáisiúnta). Is é is glacairí IMSI ann ná feistí cúléisteachta teileafóin a úsáidtear chun trácht fón póca a thascradh agus chun sonraí suímh a rianú. Oibríonn siad trí ghníomhú mar thúir fón póca díthreorach agus is féidir leo tacú le himscrúdú trí spriocanna nó feistí spéise a d'fhéadfadh a bheith nasctha a shainaithint. In amanna, tugtar ionsaithe "fear sa lár"[10] ar a n-úsáid. Ba cheart reachtaíocht a fhorbairt chun foráil a dhéanamh maidir le húsáid a bhaint as an trealamh sin agus as trealamh leictreonach scanta eile atá ceaptha chun sonraí aitheantóra a aimsiú agus a thaifeadadh.
- Maidir le tascraí poist, ní chumhdaítear ach An Post leis an reachtaíocht. Ní chumhdaítear aon chúiréirí ná aon seirbhísí seachadta eile léi.

2.57 Molaim go dtabharfaí aghaidh ar na bearnaí sin sa chumhdach agus tugaim faoi deara gur chuir an tAire in iúl, i ráiteas poiblí an 20 Eanáir 2026[11], go raibh ceadú an Rialtais faighte aige chun teidil bhille a dhréachtú chun rialú a dhéanamh ar thascradh dleathach cumarsáidí, rud a chuirfear in ionad Acht 1993.

### Criptiú

2.58 Tuairiscíodh 'criptiú' mar "faisnéis atá i bhfoirm intuigthe – a thuairiscítear de ghnáth mar 'gnáth-théacs' – a thiontú ina faisnéis nach bhfuil i bhfoirm intuigthe – a thuairiscítear de ghnáth mar 'rúntéacs'".[12] Tá rúntéacs comhdhéanta de shreangán doléite litreacha, uimhreacha agus siombailí. Féadfar faisnéis a chriptiú "faoi bhealach", agus í ag bogadh idir feistí leictreonacha, nó "ar fos", agus í á stóráil i bhfeiste.

2.59 Cuireann aipeanna OTT criptiú "ó cheann go ceann" (arna ghiorrú go "E2EE") ar fáil anois mar ghnáthsheirbhís, rud a fhágann go ndéanann feiste an tseoltóra an gnáth-théacs a chriptiú trí úsáid a bhaint as eochair criptithe agus nach ndéantar é a dhíchriptiú ach amháin nuair a shroicheann sé feiste an fhaighteora trí úsáid a bhaint as eochair díchriptithe eile. Mar thoradh air sin, ní bhíonn rochtain ag an soláthraí seirbhíse cumarsáide atá freagrach as an teachtaireacht a tharchur, ná ag aon duine eile a dhéanann an teachtaireacht a thascradh agus í faoi bhealach, ach amháin ar rúntéacs dothuigthe na teachtaireachta, agus ní bhíonn rochtain acu ar an ngnáth-théacs intuigthe. Trí E2EE a úsáid, ní féidir ach le seoltóir na teachtaireachta agus le faighteoir na teachtaireachta – na "úsáideoirí deiridh" – an teachtaireacht gnáth-théacs a léamh.

10. Féach Paul F Scott, "Secrecy and surveillance: lessons from the law of IMSI catchers" (2019) 33(3) *International Review of Law, Computers & Technology* 349, 352. Ar fáil ag https://eprints.gla.ac.uk/177707/7/177707.pdf [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].
11. Preaseisiúint, an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce: Minister Jim O'Callaghan strengthens lawful interception powers. Ar fáil ag https://www.gov.ie/en/department-of-justice-home-affairs-and-migration/press-releases/minister-jim-ocallaghan-strengthens-lawful-interception-powers/ [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].
12. Paul F. Scott & Micheál Ó Floinn, "Technical backdoors and legal backdoors: regulating encryption in the UK" (2024) 35(3) *King's LJ* 441, 442. Ar fáil ag https://eprints.gla.ac.uk/343679/1/343679.pdf [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

2.60 Tá dúshláin dheacra ag baint le ceist an chriptithe. Ar thaobh amháin, úsáideann an-chuid daoine ina lán réimsí éagsúla den saol an criptiú ar bhonn laethúil agus spreagtar iad chun déanamh amhlaidh. Tá slándáil bhreise shuntasach ag idirbhearta airgeadais agus ag cumarsáidí dá bharr.

2.61 Mar sin féin, tá an criptiú chomh mealltach céanna do choirpigh agus do sceimhlitheoirí. Cé go mbíonn an teicneolaíocht ag éirí níos sofaisticiúla, d'éirigh le húdaráis forfheidhmithe dlí roinnt éachtaí suntasacha a bhaint amach, amhail i gcás EncroChat, áit ar insíothlaigh údaráis na Fraince agus na hÍsiltíre isteach i líonra cumarsáide a raibh tóir ag coirpigh air.

2.62 Cuirtear in iúl go soiléir sa ráiteas ón Aire gurb é a thuairim ná gur cheart a bheith in ann rochtain dhleathach a fháil ar chumarsáidí ó gach feiste, bíodh siad criptithe nó ná bíodh. Tá sé rídhoiligh a áitiú gur cheart do choirpigh nó do sceimhlitheoirí díolúine a bheith acu ó rochtain a dheonú ar a gcumarsáid. Mar sin féin, ní bheidh sé éasca reachtaíocht a chur i bhfeidhm chun an méid sin a bhaint amach agus cearta príobháideachta gach duine eile á gcosaint ag an am céanna. Is cinnte go mbeidh gá le coimircí soiléire agus láidre.

## Stóráil agus Rochtain

2.63 Leis an Acht, ní phléitear go sonrach le saincheisteanna a bhaineann le coimeád, le stóráil dhaingean, nó le rochtain ar tháirge an tascraidh. Leis an reachtaíocht níos nua-aimseartha i réimse na gcumhachtaí cunóracha, amhail an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009, forchuirtear oibleagáidí sonracha ina leith sin, agus foráiltear léi go deimhin maidir le horduithe ón Aire a dhéanamh ina leagfar amach níos mó mionsonraí.  Cé go bhfuilim sách sásta go bhfuil na gníomhaireachtaí a fheidhmíonn cumhachtaí sa réimse sin láneolach ar an tábhacht a bhaineann le stóráil dhaingean agus le rochtain a shrianadh, is saincheist í ar cheart aghaidh a thabhairt uirthi i reachtaíocht leasaitheach.

## Cásanna Práinne

2.64 Is nós imeachta casta a mbíonn Coimisinéir an Gharda, oifigeach rannach ainmnithe agus an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce páirteach ann é an nós imeachta nach foláir a leanúint sula n-eiseoidh an tAire údarú. I gcás údaruithe a iarann Óglaigh na hÉireann chun tacú le slándáil an Stáit a shlánchoimeád, bíonn baint ag an gCeann Foirne, ag an Aire Cosanta, agus ag an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce leis an ní.  Faoi láthair, is í an t-aon fhoráil atá ann chun aghaidh a thabhairt ar chás práinne ná go bhféadfar údaruithe ón aire, a bhíonn i scríbhinn de ghnáth, a thabhairt ó bhéal i gcásanna práinne eisceachtúla. Déantar foráil maidir le cásanna práinne le reachtaíocht eile i réimse na slándála, amhail an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009, agus an tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011. Ba cheart foráil a bheith ann maidir le nós imeachta simplithe agus brostaithe i gcásanna práinne, agus ceanglas ann go ndéanfar tuairisciú ar údaruithe a luaithe is indéanta agus go bhfaighfear údarú cúlghabhálach.

2.65 Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an gceanglas dealraitheach atá ann go bhfaightear síniú fisiciúil nó "síniú fliuch" ó Choimisinéir an Gharda agus ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis sin dá mbeadh sé nó sí thar lear ar ghnó.

## Iarratais ar Údaruithe

2.66 Na forálacha maidir le réamhúdarú le haghaidh teileachumarsáid agus postphaicéid a thascradh, tá siad difriúil ar roinnt bealaí leis na córais atá curtha i bhfeidhm le haghaidh údaruithe chun dul i muinín cumhachtaí reachtúla eile, go háirithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009, agus faoin Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011. I gcás tascradh, ceanglaítear le tascradh dleathach go n-eiseoidh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce údarú. Faoi láthair, níl aon ról ann do réamhbhreithniú breithiúnach ná do réamhbhreithniú neamhspleách eile, cé is moite d'fhoráil in alt 2(7), ar foráil í a úsáideadh go hannamh, má úsáideadh í riamh, go bhféadfaidh an tAire dul i gcomhairle leis an Scrúdaitheoir Neamhspleách, an breitheamh sainainmnithe roimhe seo, agus breithniú á dhéanamh aige nó aici ar iarratas ar leith a dheonú nó a fhadú. Tá foráil ann gur féidir le duine aonair ar a bhfuil imní gearán a dhéanamh leis an Réiteoir Gearán.

2.67 A mhéid a bhaineann leis na cumhachtaí reachtúla eile, is amhlaidh, i gcás faireachais, a dhéantar idirdhealú idir feistí rianúcháin agus feistí faireachais níos cunóraí, agus nach gceadaítear na feistí faireachais sin a úsáid ach amháin de bhun barántas arna eisiúint ag breitheamh den Chúirt Dúiche. Is díol suntais go ndéantar foráil le hAcht 2009 freisin maidir le nós imeachta brostaithe in imthosca práinne, agus foráil ann maidir le hiarratas ina dhiaidh sin ar dhearbhú breithiúnach.

2.68 Mar an gcéanna, i gcás coimeád sonraí, déantar idirdhealú sa reachtaíocht idir cineálacha difriúla sonraí, áit a bhfuil feidhm ag nósanna imeachta éagsúla maidir le húdarú a iarraidh. I gcás sonraí níos íogaire, mar a fheicfimid sa rannán den tuarascáil seo ina bpléitear le hAcht 2011, tá iarratas chuig breitheamh i gceist leis an nós imeachta maidir le húdarú.

2.69 Maidir leis an bhfíric nach ndéantar aon fhoráil le hAcht 1993 maidir le rannpháirtíocht bhreithiúnach agus nach ndéantar ach foráil an-teoranta leis maidir le rannpháirtíocht neamhspleách ag céim an iarratais ar údarú, níl sí ag teacht leis an gcur chuige a glacadh sna reachtanna eile níos déanaí lena ndéantar foráil maidir le feidhmiú cumhachtaí cunóracha ar bhonn reachtúil.

2.70 Suirbhé ar an gcur chuige a ghlac Coimisiún na Veinéise i líon mór dlínsí éagsúla, dar teideal *Report on a Rule of Law and Human Rights Compliant Regulation of Spyware*[13], agus a ghlac Coimisiún na Veinéise ag an 141ú seisiún iomlánach dá chuid ar an Veinéis i mí na Nollag 2024, tugtar le fios ann go bhfuil cur chuige na hÉireann ina asluiteach go pointe éigin toisc nach n-áirítear aon údarú breithiúnach ná aon údarú neamhspleách eile leis.

2.71 Maidir le dlí-eolaíocht na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, lena n-áirítear i mbreitheanna i gcásanna amhail cás *Szabó and Vissy v Hungary* (2016) 63 EHRR 3,[14] tá an chuma ar an scéal go mbeadh sí i bhfabhar réamhúdarú breithiúnach, cé nach bhfuil sí ró-shaintreorach.

2.72 Ó na laethanta tosaigh tar éis an ainmniúcháin i leith, chuir mé in iúl, le linn idirghníomhaíochtaí le geallsealbhóirí éagsúla, go raibh mé oscailte ar a laghad don smaoineamh bogadh chuig méid áirithe rannpháirtíochta breithiúnaí nó rannpháirtíochta neamhspleáiche eile. Níor cuireadh ina aghaidh sin, ach ba mhaith liom a chur in iúl go soiléir nach raibh mé ag díriú ar aon samhail ar leith ach, ina ionad sin, go raibh mé ag sainaithint treo féideartha taistil. Má táthar le bogadh amach ó ról eisiach a bheith ag an bhfeidhmeannas i réimse an údarúcháin go ról ina nglacann údarás breithiúnach nó údarás neamhspleách eile ionad an róil sin nó ina méadaíonn sé é, is í an chéad cheist ná ar cheart an ról a leithdháileadh ar bhreitheamh nó ar cheart é a leithdháileadh ar údarás neamhspleách éigin eile. Níl aon amhras orm gur fearr údarú breithiúnach ó thaobh na praiticiúlachta de.

2.73 Is dócha, bunaithe ar an taithí san am atá thart, go mbeidh an líon iarratas a mbeidh breithniú le déanamh orthu i mbliain ar leith measartha beag agus nach mbeadh údar maith le hoifig nua amhail oifig coimisinéara údarúcháin thiomnaithe a bhunú. Is soiléire fós an cás é sin dá nglacfaí leis an dearcadh gurbh amhlaidh, dá mbeadh struchtúr nua ann, ba ghá cumhachtaí údarúcháin a leathnú chuig níos mó ná duine aonair amháin chun freastal ar chásanna nach mbeadh duine aonair ar fáil, ar cásanna iad a thiocfadh chun cinn go cinnte.

2.74 Ar an taobh eile, dá gcuirfí ról sa phróiseas údarúcháin ar iontaoibh breithiúna, chomhlánódh sé sin an ról a imríonn siad maidir le hiarratais ar údaruithe faoi reachtaíocht slándála eile a bhreithniú agus chomhlánódh sé freisin a ról seanbhunaithe maidir le hiarratais ar bharántais a bhreithniú i raon leathan réimsí.

2.75 Tugaim faoi deara go ndéantar tagairt sa ráiteas ón Aire don fhíric go bhfuil freagracht air faoi láthair faoi Acht 1993 as tascraí a údarú agus go ndéanfar le scéim ghinearálta an bhille atáthar ag ullmhú ról a choimeád don Aire ach go dtabharfar údarú breithiúnach d'iarrataí ar thascradh isteach léi den chéad uair riamh freisin.

2.76 Má tá ról le bheith ag réamhúdarú breithiúnach, agus is cosúil go bhfuil tacaíocht fhorleathan ann dó sin, tá roinnt bealaí éagsúla ann a bhféadfaí é sin a bhaint amach. Féidearthacht amháin ba ea na cumhachtaí atá á bhfeidhmiú ag an Aire anois a aistriú go bunúsach chuig breitheamh den Chúirt Dúiche. Féidearthacht eile ba ea foráil a dhéanamh maidir le déghlas, rud a cheanglódh go mbeadh iarratais ceadaithe ag an Aire agus ag breitheamh. Is fiú a thabhairt faoi deara gur cur chuige é sin a bhfuil tóir tagtha air sa Ríocht Aontaithe.

13. Ar fáil ag https://www.venice.coe.int/webforms/documents/default.aspx?pdffile=CDL-AD(2024)043-e [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

14. Ar fáil ag https://hudoc.echr.coe.int/fre#{%22itemid%22:[%22001-160020%22]} [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

2.77 Féidearthacht eile ba ea idirdhealú a dhéanamh idir údaruithe a iarrtar i gcúrsa imscrúduithe coiriúla agus údaruithe a iarrtar ar fhorais shlándáil an Stáit. D'fhéadfadh sé sin a fhágáil go mbeadh iarratais ar an taobh coiriúil á láimhseáil ag breithiúna agus go mbeadh na hiarratais sin ar ina leith a iarrtar an t-iarratas ar fhorais shlándáil an Stáit á mbreithniú ag an Aire, cibé acu ina aonar nó ina haonar nó in éineacht le breitheamh mar chuid de chur chuige déghlais.

2.78 Má tá an tAire le ról leantach a bheith aige nó aici maidir le húdaruithe, is dócha gurb amhlaidh sin toisc go bhfuiltear den tuairim gur cheart don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a bheith páirteach ann i gcás go bhfuil ceist shlándáil an Stáit i dtrácht. Cé go bhfeicim neart na hargóinte sin, nílim cinnte go hiomlán. Nuair atá cumhachtaí reachtúla cunóracha eile á mbreithniú ar chúiseanna shlándáil an Stáit, déantar údaruithe gan aon rannpháirtíocht ó airí. Cén fáth ar cheart difear a bheith ann i gcás tascradh? Cé go bhfuil sé cuí go hiomlán, ar ndóigh, go mbeadh an tAire ar an eolas go hiomlán faoi na forbairtí suntasacha go léir i réimse shlándáil an Stáit, ní fheictear dom go bhfuil sé riachtanach go mbeadh sé sin ag an leibhéal maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart fón aonair nó postphaicéad aonair a thascradh.

2.79 Cé gur féidir argóintí a dhéanamh i bhfabhar aon cheann de na roghanna a bhfuil tagairt déanta agam dóibh, agus i bhfabhar cinn eile chomh maith, is dócha, agus cé go léiríonn siad uile gluaiseacht sa treo céanna, feictear dom gurb é an cur chuige is néata ná an cúram arb éard é réamhúdarú a chur ar iontaoibh na mbreithiúna agus, tríd is tríd, is é sin an cur chuige a mbeinn ina fhabhar.

## Dlí-eolaíocht na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine

2.80 Sa réimse um chumarsáid a thascradh, leag an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine béim arís agus arís eile ar an ngá atá le rialáil agus le maoirseacht, agus d'áitigh sí gur cheart an tslí ar ar féidir le húdaráis stáit cur isteach ar an gceart chun príobháideachta a shonrú go soiléir sa dlí:

- Ní foláir an dlí a bheith sách soiléir ina théarmaí "chun léiriú leordhóthanach a thabhairt do shaoránaigh maidir leis na himthosca ina bhfuil cumhacht ag údaráis phoiblí chun faireachas a dhéanamh agus maidir leis na coinníollacha ar a bhfuil an chumhacht sin acu."[15]
- Ní foláir an dlí intíre lena rialaítear na bearta imscrúdaitheacha sin a bheith inrochtana agus comhoiriúnach leis an smacht reachta.[16] Chuige sin, ní foláir do dhuine aonair a bheith in ann impleachtaí na mbeart reachtach a thuar agus ní foláir iad a bheith soiléir go leor chun léiriú a thabhairt do shaoránaigh maidir leis na himthosca agus na coinníollacha ina bhfuil cead ag údaráis phoiblí dul i muinín bearta faireachais agus bearta tascartha cumarsáide.[17]
- Ní féidir leis an lánrogha atá dílsithe don Stát chun tascradh agus faireachas a údarú a bheith ina cumhacht gan srian, agus ní foláir raon feidhme agus modh na lánrogha sin a léiriú go soiléir. Áirítear leis sin ceanglas maidir le "cineál na gcionta a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le hordú tascartha; míniú ar na hearnálacha daoine a bhféadfar gaireas cúléisteachta a chur ar a dteileafóin; teorainn leis an bhfad ama atá gaireas cúléisteachta ar theileafóin; an nós imeachta atá le leanúint le haghaidh na sonraí a fhaightear a scrúdú, a úsáid, agus a stóráil; na réamhchúraimí atá le glacadh agus na sonraí á gcur in iúl do pháirtithe eile; agus na himthosca ina bhféadfar nó ina gcaithfear taifeadtaí a léirscriosadh nó na téipeanna a scriosadh".[18]

Caithfidh na daoine a bheidh ag ullmhú na reachtaíochta sa réimse sin díriú go mór ar an dlí-eolaíocht sin.

15. *Malone v United Kingdom* (1985) 7 EHRR 14, ag mír 67. Ar fáil ag https://hudoc.echr.coe.int/fre#{%22itemid%22:[%22001-57533%22]} [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

16. *Liberty v United Kingdom* (2009) 48 EHRR 1. Ar fáil ag https://hudoc.echr.coe.int/fre#{%22itemid%22:[%22001-87207%22]} [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026]; *Malone v United Kingdom* (1985) 7 EHRR 14, ag mír 68.

17. *Weber and Saravia v Germany* (2008) 46 EHRR SE5, ag mír 93. Ar fáil ag https://hudoc.echr.coe.int/eng#{%22appno%22:[%2254934/00%22],%22itemid%22:[%22001-76586%22]} [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

18. *Weber and Saravia v Germany* (2008) 46 EHRR SE5, ag míreanna 94-5.

# ACHOIMRE AR MHOLTAÍ – ACHT 1993

- Forbairt a dhéanamh ar bhonn reachtach le cumarsáidí digiteacha nua-aimseartha a thascradh agus a rochtain.
- Forbairt a dhéanamh ar bhonn reachtach le rochtain dhleathach ar gach cineál cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáidí criptithe, agus coimircí cuí á gcur ar áireamh ann.
- Foráil a dhéanamh maidir le stóráil dhaingean agus le rochtain dhaingean in aon reachtaíocht leasaitheach nó nua.
- Forbairt a dhéanamh ar bhonn reachtach le húsáid a bhaint as trealamh leictreonach scanta ar féidir leis sonraí aitheantóra ó fheistí soghluaiste a aimsiú agus a thaifeadadh.
- Raon feidhme an tascartha poist a leathnú chun seirbhísí seachadta agus cúiréireachta atá de bhreis ar An Post a chur ar áireamh.
- Nós imeachta brostaithe a fhorbairt chun foráil a dhéanamh maidir le cásanna práinne.
- Aghaidh a thabhairt ar an ngá dealraitheach atá le síniú fisiciúil a fháil ó Choimisinéir an Gharda.
- Scrúdú a dhéanamh ar shamhlacha féideartha le haghaidh réamhúdarú breithiúnach a dhéanamh ar iarratais ar thascradh.

3

# An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009

## Cúlra na Reachtaíochta

3.1 Ba é cúlra na reachtaíochta an imní shuntasach a bhí ar an bpobal ag an am i ndáil leis an méadú suntasach dealraitheach ar an gcoireacht eagraithe. Is léir é sin sna tagairtí a rinneadh don choireacht eagraithe arís agus arís eile i ndíospóireachtaí an Oireachtais. Agus an Bille um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009, á chur i láthair aige sa Dáil, dúirt Dermot Ahern, an tAire Dlí agus Cirt ag an am, gurb é "príomhchuspóir na reachtaíochta cabhrú le hábhar a fuarthas trí fhaireachas rúnda a úsáid in imeachtaí coiriúla mar fhianaise."[19]

3.2 Go luath sa bhreithiúnas uaithi i gcás *Na Daoine (an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí) v Hannaway* [2021] IESC 31, [2023] 2 IR 591,[20] dúirt an Breitheamh O'Malley gur cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil bailiú faisnéise chun críocha faisnéise beartaithe go soiléir sa reacht freisin, cé gur le feidhmiú cumhachta chun críche imscrúdaithe choiriúil a bhain an t-achomharc a bhí os comhair na Cúirte.

## Forálacha Reachtúla

3.3 D'ainneoin theideal leathan oscailte na reachtaíochta, agus d'ainneoin a teidil fhada go deimhin, tá raon feidhme Acht 2009 níos teoranta ná mar a shílfí ar an gcéad amharc, agus go leor gníomhaíocht faireachais ag titim lasmuigh dá raon feidhme.

Mínítear 'faireachas' in alt 1 den Acht mar a leanas:

"(a) maidir le duine áirithe nó grúpa daoine nó a ngluaiseachtaí, a ngníomhartha agus a gcumarsáid, faireachán nó breathnú a dhéanamh orthu, éisteacht leo nó taifeadadh a dhéanamh díobh, nó

(b) faireachán nó taifeadadh a dhéanamh ar áiteanna nó ar rudaí le feistí faireachais nó le cuidiú feistí faireachais."

Mínítear 'feiste faireachais' san alt céanna mar a leanas:

"...gaireas arna dhearadh nó arna oiriúnú lena úsáid le linn faireachais, ach ní fholaíonn sé—

(a) gaireas atá ceaptha chun géire radhairc nó radharc oíche a fheabhsú, a mhéid nach n-úsáidtear é chun taifeadadh a dhéanamh d'aon duine, nó d'aon áit nó rud a bhfuil faireachán nó breathnú á dhéanamh air nó uirthi,

(b) Teilifís Chiorcaid Iata de réir bhrí alt 38 d'Acht an Gharda Síochána 2005, ná

(c) ceamara (físcheamara san áireamh), a mhéid a úsáidtear é chun grianghraif nó scannáin físe a thógáil d'aon duine nó d'aon rud atá in áit a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi."

3.4 Tugtar in alt 1 freisin an míniú seo a leanas ar 'feiste rianúcháin': "feiste faireachais nach n-úsáidtear ach amháin chun faisnéis a sholáthar maidir le cén áit a bhfuil duine, feithicil nó rud."

19. Díospóireacht Dála an 29 Aibreán 2009, iml. 681, uimh. 2. Ar fáil ag https://debatesarchive.oireachtas.ie/debates%20authoring/debateswebpackpre2016.nsf/takes/dail2009042900010?opendocument [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

20. Ar fáil ag https://ie.vlex.com/vid/the-people-at-the-866550641 [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

3.5 Baineann ríthábhacht sa mhíniú ar 'faireachas' leis an bhfrása "le feistí faireachais nó le cuidiú feistí faireachais". Ciallaíonn sé nach dtagann faoi rialáil reachtúil aon fhaireachas faoi cheilt, ná aon fhaireachas follasach, a bhfuil leanúint nó breathnú gan feiste faireachais a úsáid i gceist leis.

3.6 D'fhéadfaí an míniú reachtúil sách srianta sa dlínse seo a chur i gcodarsnacht leis an gcur chuige a glacadh sa Ríocht Aontaithe. Ansin, mínítear 'faireachas' in alt 48(2) den Regulation of Investigatory Powers Act 2000 mar rud a fholaíonn na nithe seo a leanas:

"(a) monitoring, observing or listening to persons, their movements, their conversations or their other activities or communications;

(b) recording anything monitored, observed or listened to in the course of surveillance; and

(c) surveillance by or with the assistance of a surveillance device."

3.7 D'fhéadfaí a thabhairt faoi deara nach bhfuil an míniú uileghabhálach, agus nach gá an faireachán, an breathnú ná an éisteacht a bheith taifeadta, agus nach gá úsáid teicneolaíochta a bheith i gceist leis nó léi chun teacht faoin míniú reachtúil sa Ríocht Aontaithe.

3.8 Bhreithnigh an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach faireachas, seachas i gcomhthéacs reachtúil, i gcás *Kane v Rialtóir Phríosún Mhuinseo* [1988] 1 IR 757.[21] Is é cúlra an cháis ná gur aimsíodh an tUas. Kane i bhfolach in áiléar tí gar don áit a raibh airm thine agus armlón suite. Gabhadh agus coinníodh é faoi alt 30 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939, agus, ag deireadh na tréimhse 48 uair an chloig, scaoileadh saor é. Ar a scaoileadh saor, áfach, bhí sé faoi réir faireachas follasach dian ag comhaltaí den Gharda Síochána. Lean gardaí é cibé áit a ndeachaigh sé, lenar áiríodh tóir ardluais. Nuair a stopadh an carr ina raibh an tUas. Kane ag taisteal sa deireadh, gabhadh arís é, ar an mbonn gur líomhnaíodh go ndearna sé ionsaí ar chomhalta den Gharda Síochána.

3.9 Cé go raibh an tUas. Kane faoi choimeád i ndáil leis an ní ionsaithe, fuair na gardaí barántas sealadach de bhun alt 49 den Acht um Eiseachadadh, 1965. Nuair a scaoileadh saor ar bannaí é i ndáil leis an gcúiseamh ionsaithe, gabhadh é ar an mbarántas eiseachadta sealadach a fhorghníomhú, tugadh os comhair na Cúirte Dúiche é agus coinníodh faoi choimeád é. D'iarr an tUas. Kane go scaoilfí saor é faoi Airteagal 40 den Bhunreacht, á áitiú gurbh ionann, de réir dlí, fairsinge agus cineál an fhaireachais a rinne na gardaí agus leanúint neamhdhleathach a choinneála tar éis 48 uair an chloig do dhul in éag. D'áitigh sé freisin gurbh ionann an faireachas agus ciapadh neamhdhleathach agus gur shárú é ar a cheart bunreachtúil chun príobháideachta agus chun saoirse gluaiseachta. Agus an t-iarratas á dhiúltú acu, leag an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach araon béim ar an bhfíoras gurbh amhlaidh, cé go raibh an tUas. Kane faoi réir faireachas follasach an-dian, nár cuireadh cosc air dul go dtí an áit ar theastaigh uaidh dul agus, mar sin, nach bhféadfaí an faireachas, beag beann ar chomh dian agus a bhí sé, a mheas mar chineál coinneála *de facto*.

3.10 Tá feidhm ag an Acht maidir le faireachas a dhéanann comhaltaí den Gharda Síochána, oifigigh ainmnithe don Ombudsman Póilíneachta (a ndearnadh foráil maidir leis ar dtús le halt 13(b) d'Acht an Gharda Síochána (Leasú), 2015, agus a ndéantar foráil maidir leis anois le halt 281(d) d'Acht 2024 lenar leasaíodh Acht 2009), comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann, oifigigh do na Coimisinéirí Ioncaim, agus oifigigh údaraithe don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, a ndéantar foráil leis an Acht Iomaíochta (Leasú), 2022, maidir leis.

3.11 Foráiltear leis an Acht arna leasú nach bhféadfaidh comhalta den Gharda Síochána, comhalta d'Óglaigh na hÉireann, oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim, oifigeach údaraithe don Ombudsman Póilíneachta, ná oifigeach údaraithe don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí faireachas a dhéanamh ach amháin de réir údarú bailí nó de réir ceadú arna dheonú de réir alt 7 nó alt 8.

3.12 Le halt 4 den Acht, pléitear le hiarratais ar údarú. Foráiltear leis go bhféadfaidh oifigeach uachtarach den Gharda Síochána, atá mínithe sa reacht mar oifigeach nach ísle céim ná ceannfort, iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar údarú i gcás go mbeidh forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint—

21. Ar fáil ag https://ie.vlex.com/vid/kane-v-governor-of-792894597 [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].


"(a) mar chuid d'oibríocht nó d'imscrúdú a bheidh á déanamh nó á dhéanamh ag an nGarda Síochána i dtaca le cion inghabhála, gur gá an faireachas a iarrtar a údarú chun faisnéis a fháil i dtaobh an amhlaidh go ndearnadh an cion nó maidir leis na himthosca a bhaineann le déanamh an chiona, nó chun fianaise a fháil chun críocha imeachtaí i ndáil leis an gcion,

(b) gur gá an faireachas a iarrtar a údarú chun cosc a chur le cionta inghabhála a dhéanamh, nó

(c) gur gá an faireachas a iarrtar a údarú chun slándáil an Stáit a choimeád ar bun."

3.13 Mar an gcéanna, foráiltear leis an Acht go bhféadfaidh oifigeach uachtarach don Ombudsman Póilíneachta, atá mínithe mar oifigeach ainmnithe sinsearach, iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar údarú i gcás go mbeidh forais réasúnacha aige nó aici lena chreidiúint gurb amhlaidh, mar chuid d'imscrúdú a bheidh á dhéanamh ag an Ombudsman Póilíneachta i dtaca le cion inghabhála, is gá an faireachas a iarrtar a údarú chun faisnéis a fháil i dtaobh an amhlaidh go ndearnadh an cion nó maidir leis na himthosca a bhaineann le déanamh an chiona, nó chun fianaise a fháil chun críocha imeachtaí i ndáil leis an gcion.

3.14 Arís, foráiltear leis an Acht go bhféadfaidh oifigeach uachtarach d'Óglaigh na hÉireann, atá mínithe mar oifigeach nach ísle céim ná coirnéal, iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar údarú i gcás go mbeidh forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint gur gá an faireachas a iarrtar a údarú chun slándáil an Stáit a choimeád ar bun.



3.15 Mar an gcéanna, féadfaidh oifigeach uachtarach do na Coimisinéirí Ioncaim, atá mínithe mar oifigeach nach ísle céim ná príomhoifigeach, iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar údarú i gcás go mbeidh forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint:

“(a) mar chuid d’oibríocht nó d’imscrúdú a bheidh á déanamh nó á dhéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim i dtaca le cion ioncaim, gur gá an faireachas a iarrtar a údarú chun faisnéis a fháil i dtaobh an amhlaidh go ndearnadh an cion nó maidir leis na himthosca a bhaineann le déanamh an chiona, nó chun fianaise a fháil chun críocha imeachtaí i ndáil leis an gcion, nó

(b) gur gá an faireachas a iarrtar a údarú chun cosc a chur le cionta ioncaim a dhéanamh.”

Mínítear an téarma “cion ioncaim” san alt léirithe den reacht.

3.16 Foráiltear leis an Acht freisin go bhféadfaidh oifigeach uachtarach don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, atá mínithe an athuair mar oifigeach nach ísle céim ná príomhoifigeach, iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar údarú i gcás go mbeidh forais réasúnacha aige nó aici lena chreidiúint gurb amhlaidh, mar chuid d’imscrúdú a bheidh á dhéanamh ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí i dtaca le cion iomaíochta iomchuí, is gá an faireachas a bheidh á iarraidh a údarú chun faisnéis a fháil i dtaobh an amhlaidh go ndearnadh an cion nó maidir leis na himthosca a bhaineann le déanamh an chiona, nó chun fianaise a fháil chun críocha imeachtaí i ndáil leis an gcion. Tá feidhm ag an Acht maidir le cionta iomaíochta iomchuí mar atá mínithe san Acht Iomaíochta, 2002, agus is iad na cionta atá i gceist ná na cionta a bhaineann le comhaontuithe idir gnóthais iomaíocha chun iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh.

3.17 Sonraítear san Acht ag alt 4(5) gurb amhlaidh, maidir le hoifigeach uachtarach a dhéanfaidh iarratas, a bheidh forais réasúnacha aige nó aici freisin chun a chreidiúint, maidir leis an bhfaireachas a iarrtar a údarú:

“(a) gurb é an modh is lú cur isteach atá ar fáil é, ag féachaint do na cuspóirí a ghabhann leis agus do chúinsí iomchuí eile,

(b) go bhfuil sé ar comhréir leis na cuspóirí a ghabhann leis, ag féachaint do na himthosca go léir lena n-áirítear an éifeacht is dóigh a bheidh aige ar chearta aon duine, agus

(c) go mairfidh sé go ceann tréimhse a theastóidh le réasún chun na cuspóirí a ghabhann leis a bhaint amach.”

3.18 Sonraítear san Acht go bhféadfaidh breitheamh a bhfuil údarú á eisiúint aige nó aici cibé coinníollacha is cuí leis nó léi a fhorchur i leith an fhaireachais.

3.19 Ceanglaítear údarú a bheith i scríbhinn agus na nithe seo a leanas a bheith sonraithe ann:

“(a) sonraí i dtaobh na feiste faireachais a údaraítear a úsáid,

(b) an duine, nó an áit nó an rud, atá le bheith ina ábhar nó ina hábhar don fhaireachas,

(c) ainm an oifigigh uachtaraigh dá n-eisítear é,

(d) na coinníollacha (más ann) ar faoina réir a eisítear an t-údarú, agus

(e) dáta éagtha an údaraithe.”

3.20 Rachaidh an t-údarú in éag an dáta a bheidh socraithe ag an mbreitheamh agus a mheasfaidh sé nó sí a bheith réasúnach agus ar lá é nach déanaí ná 3 mhí ón dáta a eisíodh é. Tá foráil ann maidir leis an údarú a athrú, nó an t-údarú a athnuachan, ar na coinníollacha céanna nó ar choinníollacha éagsúla.

22. Tagraítear leis sin do chionta inghabhála fúthu seo a leanas:
“(a) alt 186 den Customs Consolidation Act 1876;
(b) alt 1078 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;
(c) alt 102 d’Acht na Leanaí, 1999;
(d) alt 119 d’Acht na Leanaí, 2001;
(e) alt 79 (arna chur isteach le halt 62 den Acht Airgeadais, 2005) den Acht Airgeadais 2003;
(f) alt 78 den Acht Airgeadais, 2005...”

3.21 Tá foráil ann in alt 7 freisin maidir le húdarú le haghaidh faireachais i gcásanna práinne gan údarú roimh ré ó bhreitheamh. Foráiltear leis an Acht go bhféadfaidh comhalta den Gharda Síochána, oifigeach údaraithe don Ombudsman Póilíneachta nó don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, comhalta d'Óglaigh na hÉireann nó oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim faireachas a dhéanamh gan údarú más rud é go bhfuil oifigeach uachtarach tar éis an faireachas a cheadú.

3.22 Féadfaidh comhalta nó oifigeach do cheann de na comhlachtaí i gceist iarratas a dhéanamh chuig oifigeach uachtarach ar cheadú a dheonú chun faireachas a dhéanamh má chreideann sé nó sí ar fhorais réasúnacha go gcomhlíontar ceanglais le haghaidh údaraithe agus go bhfuil bonn cirt faoin bhfaireachas, ach, sula bhféadfaí údarú a eisiúint:

"(a) gur dóigh go n-éalódh duine chun ceartas a sheachaint, go gcuirfeadh sé nó sí bac ar chúrsa an cheartais nó go ndéanfadh sé nó sí cion inghabhála, cion ioncaim nó cion iomaíochta iomchuí, de réir mar a bheidh,

(b) gur dóigh go scriosfaí nó go gcaillfí faisnéis nó fianaise i ndáil le cion inghabhála, cion ioncaim nó cion iomaíochta iomchuí, de réir mar a bheidh, a dhéanamh, nó go dtarlódh ar shlí eile nach mbeadh sí ar fáil, nó

(c) gur dóigh go gcuirfí slándáil an Stáit i mbaol."

3.23 An t-oifigeach uachtarach a ndéanfar iarratas chuige nó chuici, ceadóidh sé nó sí cibé faireachas a dhéanamh is cuí leis nó léi, más deimhin leis nó léi go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go n-eiseofaí údarú ach go bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na himthosca práinne. Ceanglaítear leis an reacht go ndéanfaidh oifigeach uachtarach a cheadóidh faireachas a dhéanamh taifead scríofa a ullmhú a luaithe is indéanta agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 8 n-uaire an chloig. Tá faireachas faoin nós imeachta ceadúcháin sin teoranta go 72 uair an chloig. Maidir leis an oifigeach uachtarach a cheadaigh an faireachas, má chreideann sé nó sí ar fhorais réasúnacha gur cheart leanúint den fhaireachas go ceann tréimhse ab fhaide ná an tréimhse 72 uair an chloig, déanfaidh sé nó sí iarratas ar údarú chun leanúint leis an bhfaireachas.

3.24 I gcás gach ceann de na comhlachtaí, tá foráil ann go dtabharfar tuarascáil d'oifigeach ardchéime cibé uair a ghairtear na forálacha práinne.

## Feistí Rianúcháin

3.25 Tá córas sách difriúil i bhfeidhm maidir le feistí rianúcháin. Féadfar faireachán a dhéanamh ar ghluaiseachtaí daoine, feithiclí nó rudaí trí fheiste rianúcháin shonraithe a úsáid má tá an úsáid sin ceadaithe ag oifigeach uachtarach.

3.26 Féadfaidh comhalta nó oifigeach do cheann de na comhlachtaí iarratas a dhéanamh chuig oifigeach uachtarach ar cheadú a dheonú chun feiste rianúcháin a úsáid má chreideann sé nó sí go gcomhlíontar ceanglais an fho-ailt lena bpléitear le hiarratais ar údarú agus go bhfuil bonn cirt leis an bhfaireachas, ach gur leor feiste rianúcháin a úsáid chun an fhaisnéis nó an fhianaise a fháil sna himthosca lena mbaineann. Ceanglaítear freisin ar an oifigeach a bheith den tuairim go bhféadfaí an fhaisnéis nó an fhianaise a lorgaítear a fháil le réasún trí fheiste rianúcháin a úsáid ar feadh tréimhse sonraithe a bheidh chomh gearr agus is indéanta chun gur féidir an fhaisnéis nó an fhianaise a fháil.

3.27 Faoi mar atá amhlaidh i gcás údaruithe, tá ceanglais ann i ndáil leis an deonú ceadaithe a thaifeadadh agus le tuarascáil a thabhairt d'oifigeach ardchéime. Sonraítear an faireachán a údaraítear a bheith go ceann tréimhse nach faide ná 4 mhí (alt 8(1)).

## Ábhar a Choimeád agus Rochtain air

3.28 Déantar foráil le halt 9 go ndéanfar iarratais ar údarú agus doiciméadacht tacaíochta a choimeád go ceann tréimhse 3 bliana tar éis an lae a scoir údarú de bheith i bhfeidhm nó go dtí an lá nach mbeidh gá leis nó léi a thuilleadh i gcomhair aon ionchúisimh nó aon achomhairc. Tá forálacha comhchosúla ann maidir le taifid scríofa ar cheadú, agus maidir le tuarascálacha agus doiciméid a fhaightear mar thoradh ar fhaireachas nó mar thoradh ar fheiste rianúcháin a úsáid. Folaíonn an míniú ar "doiciméad" sa reacht aon taifeadadh, lena n-áirítear aon sonraí nó faisnéis a stóráiltear, a chothabháiltear nó a chaomhnaítear go leictreonach nó ar shlí seachas i bhfoirm inléite.

3.29 Ceanglaítear le foráil bhreise go scriosfar doiciméid a luaithe is féidir nuair nach mbeidh gá le hiad a choimeád a thuilleadh. In alt 9(5), sonraítear go bhféadfaidh an tAire a údarú aon doiciméid dá dtagraítear san alt seo a choimeád más rud é go gceapann sé nó sí gur gá déanamh amhlaidh,

> "ag féachaint don mhéid seo a leanas—
>
> (a) an ní is leas maidir le príobháideacht agus cearta eile daoine a chosaint,
> (b) slándáil an Stáit,
> (c) na haidhmeanna maidir le déanamh cionta inghabhála a chosc agus cionta inghabhála a bhrath, agus
> (d) an ní is leas maidir leis an gceartas."

3.30 Le halt 10, pléitear le stóráil agus rochtain ar fhaisnéis agus le srianta ar nochtadh doiciméadachta. Ba é an t-alt a bhí i gceist go príomha i gcás *Hannaway*[23] é, arbh é an t-aon uair a bhreithnigh an Chúirt Uachtarach an reachtaíocht sin é. Leagtar síos le halt 10(1) go gcinnteoidh an tAire go ndéanfar faisnéis agus doiciméid lena mbaineann an tAcht a stóráil go daingean agus nach mbeidh rochtain orthu ach ag daoine a údaróidh sé nó sí chun na críche sin.

3.31 Sonraítear i bhfo-alt 2 go bhféadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar na daoine nó na haicmí daoine a mbeidh rochtain acu ar fhaisnéis, na nósanna imeachta agus na socruithe chun an fhaisnéis a stóráil go daingean, agus an líon cóipeanna de dhoiciméid a fhéadfar a dhéanamh, agus scriosadh na gcóipeanna sin.

3.32 Sonraítear i bhfo-alt 3 go bhféadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh maidir le nochtadh go bhfuil údaruithe nó ceaduithe ann.

3.33 Ní dhearnadh aon rialacháin den sórt sin faoi cheachtar den dá fho-alt sin go fóill. Pléifear é sin tuilleadh ag mír 3.78.

## Nós Imeachta Gearán

3.34 Foráiltear leis an Acht freisin maidir le nós imeachta gearán. Aon duine a chreideann go mb'fhéidir gur ábhar d'údarú nó do cheadú é nó í, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chuig an Réiteoir Gearán. Mar atá luaite cheana féin, is é is an Réiteoir Gearán ann ná oifig a ndearnadh foráil maidir léi ar dtús faoin Acht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993, ach leathnaíodh sainchúram na hoifige chun faireachas agus coimeád sonraí a chumhdach freisin. Is oifig í a bhíonn i seilbh breithimh den Chúirt Chuarda de ghnáth agus tá sí i seilbh breitheamh den Chúirt Chuarda faoi láthair.

3.35 Ceanglaítear ar an Réiteoir imscrúdú. Más rud é, tar éis an ní a imscrúdú, gurb é tátal an Réiteora go ndearnadh sárú iomchuí, déanfaidh an Réiteoir:


> "(a) fógra i scríbhinn a thabhairt don iarratasóir, agus d'aon duine eile a ndéanann an sárú iomchuí difear ábhartha dá leasa, faoin tátal sin, agus
> (b) tuarascáil i dtaobh a fhionnachtana nó a fionnachtana a thabhairt don Taoiseach."

3.36 Tá foráil ann freisin maidir leis an údarú a neamhniú nó leis an gceadú a fhreaschur, maidir leis na taifid a bhaineann leis an údarú nó leis an gceadú a scriosadh, agus maidir le haon fhaisnéis nó doiciméid a fuarthas a scriosadh.

3.37 Féadfaidh an Réiteoir freisin moladh a dhéanamh go ndéanfar cibé suim, nach mó ná €5,000, a íoc ar mhodh cúitimh leis an duine ab ábhar don údarú.

3.38 I gcás tátal go raibh sárú ann, ceanglaítear freisin ar an Réiteoir an ní agus aon mholadh atá déanta aige nó aici a thuairisciú don Ombudsman Póilíneachta, i gcás sárú a bheith déanta ag an nGarda Síochána; don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, i gcás sárú a bheith déanta ag an Ombudsman Póilíneachta; don Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, i gcás sárú a bheith déanta ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí; don Aire Cosanta, i gcás sárú a bheith déanta ag Óglaigh na hÉireann; agus don Aire Airgeadais, i gcás sárú a bheith déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim.

23. Nóta 20.



3.39 Ar an taobh eile, más rud é, tar éis an ní a imscrúdú, gurb é tátal an Réiteora nach ndearnadh sárú iomchuí, sonraítear san Acht nach dtabharfaidh an Réiteoir fógra i scríbhinn don iarratasóir nach mbeidh ráite ann *ach* nach ndearnadh sárú den sórt sin. Mar atá luaite cheana féin, d'fhéadfaí breathnú ar an bhforáil sin mar shampla de phrionsabal "gan deimhniú ná gan séanadh".

## Inghlacthacht Fianaise

3.40 Ceann de na hailt is suntasaí den Acht is ea alt 14, lena bhforáiltear go bhféadfar fianaise a gheofar de thoradh faireachais a dhéanfar faoi údarú nó faoi cheadú a ghlacadh mar fhianaise in imeachtaí coiriúla. Mar atá feicthe againn, ba í sin an ghné ar tharraing an tAire aird uirthi san óráid dara céim uaidh. Bhí roinnt trialacha coiriúla ardphróifíle ann a raibh fianaise faireachais ina gné díobh, cé nach bhfuil fianaise den sórt sin ar an ngnáthrud in aon chor. Cé go mbíonn ábhar a bhailítear le haghaidh faireachais ar taispeáint mar fhianaise i dtrialacha coiriúla in amanna, ba cheart é sin a chur i gcodarsnacht leis an gcás maidir le tascradh dleathach, rud a úsáidtear, sa chleachtas, mar uirlis bailithe faisnéise agus ar an modh sin amháin.

## Faisnéis a Nochtadh

3.41 Leis an reacht, cuirtear srian le faisnéis a nochtadh. Sonraítear le halt 15 nach nochtfar gur ann nó nach ann do roinnt nithe ar mhodh follúsaithe ná ar shlí eile mura n-údaróidh an chúirt é. Tá feidhm ag an srian maidir le hiarratais, le húdaruithe agus le ceaduithe, le faireachas arna dhéanamh faoi údarú breithiúnach nó faoi cheadú, le feiste rianúcháin a bheith á úsáid, agus le faisnéis nó fianaise dhoiciméadach nó eile i ndáil leis an gcinneadh iarratas a dhéanamh ar údarú nó ar cheadú. Foráiltear leis an alt nach n-údaróidh an chúirt an nochtadh más deimhin léi gur dóigh dá ndéanfaí amhlaidh go mbeadh baol ann:

"(a) do shlándáil an Stáit,

(b) do chumas an Stáit daoine a chosaint ar ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta, ar ghníomhaíocht a bhaineann le sceimhlitheoireacht, ar choireacht eagraithe agus ar choireacht thromchúiseach eile,

(c) do chaomhnú shláine, éifeachtacht agus shlándáil oibríochtaí an Gharda Síochána, an Ombudsman Póilíneachta, Óglaigh na hÉireann, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, nó

(d) do chumas an Stáit finnéithe, lena n-áirítear a gcéannacht, a chosaint."

3.42 Sonraítear ann ina dhiaidh sin ag fo-alt (3) go bhféadfaidh an chúirt an nochtadh a údarú, faoi réir cibé coinníollacha a gceapfaidh sí bonn cirt a bheith fúthu, más rud é sna himthosca go léir gur ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh. Mar atá luaite cheana féin, is féidir an cur chuige a glacadh ina leith sin a chur i gcodarsnacht leis an seasamh níos absalóidí atá in alt 12 d'Acht 1993.

3.43 Le linn an bhreithiúnais uaithi i gcás *Hannaway*,[24] luaigh an Breitheamh O'Malley ag mír 117: "...d'fhéadfadh go mbeadh ... cásanna ann ina bhfuil amhras ar an gcosaint go ndearnadh faireachas agus go bhféadfadh fianaise faoin bhfaireachas sin, nó fianaise a tháinig as, a bheith ina cúnamh." Ag mír 129, luaigh sí go bhféadfadh go n-áireofaí le cásanna den sórt sin cásanna ina bhféadfaí an bonn a bhaint den fhianaise chreidimh ó ard-cheannfort le taifeadtaí ar chomhráite duine chúisithe le comhaltaí aitheanta.

3.44 Tacaíonn na barúlacha sin leis an tuairim gur fearr an cur chuige níos nua-aimseartha agus níos caolchúisí i leith nochtadh a glacadh in Acht 2009 ná an cur chuige a glacadh siar sa bhliain 1993 i ndáil le tascradh.

## Cuairteanna Athbhreithnithe

3.45 Mar atá luaite cheana féin sa tuarascáil seo, rinne mé trí bhabhta cuairteanna athbhreithnithe. Tharla an chéad cheann tar éis lá an bhunaithe, agus tugadh cuairteanna leantacha i dtréimhse Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair 2025 agus i dtréimhse Eanáir/Feabhra 2026.

### An Garda Síochána

3.46 I gcás an Gharda Síochána, b'amhlaidh le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú a bhí feidhmiú cumhachtaí reachtúla faireachais láraithe laistigh den rannóg Slándála agus Faisnéise. Is tríd an rannóg sin a sheoltar iarrataí ó ghardaí ag leibhéal dúiche nó ag leibhéal rannáin. Ina lán cásanna, tarlaíonn sé go ndearnadh faireachas breathnóireachta cheana féin sa mhéid is go ndearnadh faireachán nó breathnú ar shuíomh ar leith nó ar dhuine ar leith. Má tá gardaí áitiúla den tuairim go bhfuil níos mó faireachais ag teastáil, féadfar iarraidh faisnéise a chomhdú ansin. Déanfar an iarraidh a cheistiú, agus go háirithe, iniúchfar an cheist i dtaobh an mbeadh cur chuige nach mbeadh chomh cunórach céanna oiriúnach do riachtanais an imscrúdaithe. Tá an fhíric nach foláir iarratais a chur faoi bhráid sainaonad láraithe ag fónamh mar rialú cáilíochta inmheánach an-luachmhar go dtí seo.

3.47 Déanann an rannóg Slándála agus Faisnéise measúnú ar a bhfuil ag teastáil agus ar na hacmhainní atá ar fáil. Más é an cinneadh feiste rianúcháin a úsáid, is féidir dul ar aghaidh leis sin faoi údarás ceannfoirt. Má mheastar gur cuí feiste faireachais fuaime nó closamhairc a úsáid, beidh iarratas chuig an gCúirt Dúiche ag teastáil chuige sin.

3.48 Tríd is tríd, téann an Garda Síochána i muinín cumhachtaí reachtúla faireachais, bíodh feistí rianúcháin nó feistí faireachais i gceist leis sin, ar feadh tréimhse ghearr ama. Ina lán cásanna, baineann an gá measta le faireachas le hoibríocht ar leith de chuid an Gharda Síochána atá ag spriocdhíriú ar ghníomhaíocht choiriúil ar leith. D'fhéadfadh go mbeadh forais ann, mar shampla, lena chreidiúint go bhfuil gníomhaíocht choiriúil ar leith, a bhaineann le gluaiseacht drugaí nó arm tine, b'fhéidir, le tarlú le linn tréimhse shonraithe ama sna laethanta beaga atá le teacht, agus cinnfear fad an fhaireachais ina fhianaise sin.

3.49 Ar mo chéad chuairt, rinne mé athbhreithniú ar na comhaid a bhain leis an tréimhse ó lá an bhunaithe go dtí dáta na cuairte sin. Ní raibh an leibhéal faireachais chomh fairsing sin gur féidir é a mheas a bheith fairsing nó iomarcach, agus níor thug sé le fios ach oiread go rabhthas ag dul i muinín faireachais ar bhonn tráthrialta nó mar chuid de chleachtadh lorgaireachta. A bhuí leis na comhaid a ndearna mé athbhreithniú orthu le linn mo chéad chuairte agus go deimhin ar chuairteanna ina dhiaidh sin, ba dheimhin liom gur breithníodh go cúramach an cheist i dtaobh an raibh an faireachas cuí agus comhréireach, an raibh úsáid feiste faireachais ag teastáil chun an rud a bhí le baint amach a bhaint amach, nó, mar a tharla go minic, ar measadh úsáid feiste rianúcháin a bheith leordhóthanach.

3.50 Bhí an leibhéal faireachais a rinneadh ag teacht den chuid is mó leis an méid a thuairiscigh Breithiúna Sainainmnithe san am atá thart, gan tréimhse ama ar leith inar taifeadadh leibhéil níos airde faireachais a chur san áireamh. Tharla an tréimhse sin i gcomhthráth le leibhéil an-ard gníomhaíochta drong coiriúil eagraithe.

24. Nóta 20.

3.51 De bhreis ar chuairteanna formhaoirsiúcháin, thug mé cuairt ar oifigí an Choimisinéara Chúnta ar a bhfuil freagracht as Coireacht Eagraithe agus Thromchúiseach ar chuireadh a fháil uaithi. Tharla sé sin in imthosca ina ndearnadh cinneadh go mbeadh ról ag an rannóg sin amach anseo i bhfeidhmiú cumhachtaí áirithe faoi Acht 2009.  Phléamar na hullmhúcháin a bhí ar siúl ag an am ó thaobh cúrsaí teicniúla de agus ó thaobh an rialachais de araon. Faoi dheireadh na bliana, níor fheidhmigh an rannóg sin aon chumhachtaí reachtúla faoin reachtaíocht. Pléifear lena ról sa réimse sin i dtuarascálacha amach anseo.

## Óglaigh na hÉireann

3.52 Is láraithe laistigh d'aonad ar leith, mar atá Seirbhís Faisnéise Míleata na hÉireann (IMIS), atá gairm na gcumhachtaí reachtúla faireachais ag Óglaigh na hÉireann agus, go deimhin, atá gairm na gcumhachtaí cunóracha reachtúla eile acu. Tá tagairt déanta agam cheana féin don fhíric gur tugadh láithreoireacht dom go luath sa phróiseas ar an dóigh ar gaireadh cumhachtaí reachtúla éagsúla le linn oibríochtaí ar leith agus ar luach na dtorthaí a fuarthas. Go sonrach, bhí sé sin amhlaidh i gcás faireachais.

3.53 Is gnách go mbíonn feidhmiú cumhachtaí reachtúla in Óglaigh na hÉireann ar siúl ar feadh tréimhsí beagán níos faide. Tá sé sin i gcodarsnacht leis an staid atá i réim sa Gharda Síochána, áit inarb amhlaidh, go háirithe ar thaobh an imscrúdaithe choiriúil de, is gníomhaíocht ghearrthéarmach í an-chuid dá ghníomhaíocht faireachais, agus í bainteach de ghnáth le himeacht ar leith nó le gníomhaíocht ar leith a bhfuiltear ag súil léi. Tá trácht déanta agam in áit eile gur rud sách intuigthe é an patrún úsáide sin ar feadh tréimhsí níos faide, i bhfianaise gur gnách go dtagann bagairtí ar shlándáil an Stáit chun cinn thar thréimhse ama agus gur gnách go leanann siad ar aghaidh ar feadh tréimhse ama.

3.54 Trí athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaid thar na trí chuairt, ba dheimhin liom gur feidhmíodh na cumhachtaí le cúram agus le srianadh. Bhí an páipéarachas cuimsitheach agus leagadh amach go soiléir agus go láidir an argóint i bhfabhar dul i mbun faireachais agus an gá atá leis sin

## Fiosrú

3.55 Níor bhraith Fiosrú ar chumhachtaí dá bhforáiltear le hAcht 2009 le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú.

## Na Coimisinéirí Ioncaim

3.56 Le linn an chaidrimh leis na Coimisinéirí Ioncaim, leagadh díriú an-trom ar Acht 2009 sna cruinnithe. Tionóladh cruinnithe leis an bpríomhoifigeach a bhí i gceannas ar feadh i bhfad ar an aonad de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a bhí ag déileáil leis an réimse sin, le comharba an oifigigh sin agus leis an Rúnaí Cúnta a bhí i gceannas foriomlán ar an réimse.

3.57 I gcás na gCoimisinéirí Ioncaim, ba bheag a bhí an líon comhad a raibh athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ba é a bhí i gceist le formhór mór na gcomhad sin ná cinntí inmheánacha chun úsáid a bhaint as feiste rianúcháin, agus ní raibh ach líon an-bheag iarratas chuig an gCúirt Dúiche ann.

3.58 Is ann do dhoiciméad athbhreithnithe inmheánaigh, mar atá an *Tax and Duty Manual*, ina leagtar amach na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás iarratais faoi Acht 2009. Breithnítear go hinmheánach an cinneadh chun feiste rianúcháin a úsáid. Má cheadaíonn an t-oifigeach uachtarach/an príomhoifigeach an iarraidh ar fheiste rianúcháin a úsáid, téann an cás ar aghaidh chuig an aonad teicniúil cuí ansin chun éifeacht a thabhairt don chinneadh.

3.59 Ar dhá cheann de na trí chuairt athbhreithnithe, is amhlaidh, chomh maith leis na comhaid iomchuí a léamh, a bhuail mé le baill d'fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim ar cuireadh de chúram uirthi faireachas a dhéanamh. Ba chleachtadh an-fhiúntach é sin.

3.60 Ar gach cuairt, déileáladh go cúramach agus go cuimsitheach le haon cheisteanna a bhí agam. Arís eile, is deimhin liom go bhfeidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim a gcumhachtaí faoin reachtaíocht faireachais ar bhealach cáiréiseach, freagrach agus lánghairmiúil.

### An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

3.61 Tá cumhachtaí ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009, agus faoin Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011, arna leasú. Déantar foráil maidir leis na cumhachtaí sin anois leis an Acht Iomaíochta (Leasú), 2022, a tháinig i bhfeidhm an 27 Meán Fómhair 2023. Le linn mo chéad bhabhta cuairteanna athbhreithnithe, níor thug mé cuairt ar áitreabh an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, toisc gur cuireadh in iúl dom nach ndearna an Coimisiún na cumhachtaí a bhí gnóthaithe aige tamaillín roimhe sin a fheidhmiú faoin am sin.

3.62 Ag cruinniú tionscnaimh leis an gCoimisiún tar éis m'ainmniúcháin, bhuail mé leo siúd a bheadh i gceannas ar ghníomhaíocht an Choimisiúin sa réimse sin, lenar áiríodh ball foirne a earcaíodh le déanaí agus ag a bhfuil cúlra an-ábhartha agus taithí shuntasach. Le linn an chéad phlé sin, rith sé liom go raibh na pearsana sinsearacha go léir an-eolach ar thábhacht na gcumhachtaí, agus ar a thábhachtaí a bhí sé nach bhfeidhmeofaí na cumhachtaí ach amháin i gcomhréir leis an reachtaíocht agus nach ngairfí iad murach breithniú iomlán cúramach.

3.63 Thug mé cuairt ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí dhá uair idir mí Mheán Fómhair 2025 agus mí Feabhra 2026 agus bhí mé an-tógtha lena ullmhúcháin le haghaidh úsáid na gcumhachtaí reachtúla faireachais, ar cumhachtaí iad nár feidhmíodh faoi dheireadh na tréimhse tuairiscithe. Tugaim faoi deara go bhfuil an cumas teicniúil is gá i bhfeidhm anois.

## Minicíocht Úsáide Cumhachtaí Reachtúla

### Staitisticí

3.64 Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, rinne an Garda Síochána naoi n-iarratas chuig an gCúirt Dúiche faoi alt 4, ar deonaíodh gach ceann díobh faoi alt 5, agus rinne sé ocht n-iarratas faoi alt 6 le haghaidh athruithe nó athnuachaintí. Sa bhliain roimhe, ba iad na figiúirí inchomparáide don tréimhse chéanna naoi mí ná 11 iarratas faoi alt 5 agus sé iarratas faoi alt 6. Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú agus le linn na tréimhse inchomparáide sa bhliain 2024 araon, níor bhain an Garda Síochána leas as nós imeachta práinne alt 7. Úsáideadh feistí rianúcháin 47 n-uaire, agus ba é 41 uair an figiúr inchomparáide don bhliain roimhe. Níl aon chásanna taifeadta ann sa tréimhse atá faoi athbhreithniú inar diúltaíodh d'iarratais chuig oifigeach sinsearach; taifeadadh líon an-bheag diúltuithe den sórt sin san am atá thart.

3.65 I gcás Óglaigh na hÉireann le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, bhí sé údarú ann tar éis iarratais faoi alt 4. Sa bhliain 2024, ní raibh aon iarratais faoi alt 4 ann sa tréimhse inchomparáide. Ní raibh aon iarratais ar cheaduithe faoi alt 8 le haghaidh feistí rianúcháin ann sa bhliain 2025, faoi mar a bhí amhlaidh sa bhliain roimhe. Ní raibh aon iarratais ar athnuachaintí nó ar athruithe faoi alt 6 ann, agus níor gaireadh nós imeachta práinne alt 7 le linn na tréimhse tuairiscithe seo. Baineadh úsáid as alt 7 uair amháin le linn na tréimhse céanna naoi mí sa bhliain 2024.

3.66 Rinne na Coimisinéirí Ioncaim trí iarratas faoi alt 4 le linn na tréimhse tuairiscithe, i gcomparáid le ceann amháin don bhliain féilire 2024. Ní raibh aon iarratais ar údaruithe a athrú nó a athnuachan ann sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, i gcomparáid le ceann amháin sa bhliain roimhe. Níor gaireadh alt 7. Úsáideadh feistí rianúcháin 21 uair le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, i gcomparáid le 22 uair sa bhliain 2024.

## Barúlacha maidir le hAcht 2009 agus Moltaí Gaolmhara

### Cur Chuige Dhá Chiseal

3.67 Mar atá feicthe againn, déantar foráil leis an Acht maidir le dhá chóras ar leith: ceann amháin le haghaidh feistí fuaime agus closamhairc a úsáid; agus an ceann eile le haghaidh feistí rianúcháin a úsáid. Ní cheadaítear feistí faireachais nach feistí rianúcháin a úsáid ach amháin de bhun barántas arna eisiúint ag breitheamh den Chúirt Dúiche, seachas i gcás práinne.

3.68 Cé nach seasann cur chuige na hÉireann leis féin, is féidir an toimhde intuigthe san Acht nach bhfuil faireachas trí fheiste rianúcháin róchunórach a cheistiú. De réir a cineáil, is é an toradh atá ar úsáid a bhaint as feiste rianúcháin ná gur féidir suíomh beacht na feithicle rianaithe nó an réada rianaithe a dhéanamh amach thar an tréimhse ama atá an fheiste in úsáid. Is dóigh go nochtfar leis sin sonraí suntasacha faoin duine/faoi na daoine atá i gceannas ar an bhfeithicil nó ar an réad, amhail cá háit a dtaistealaíonn siad agus cén uair a thaistealaíonn siad. I sraith cásanna i réimse an choimeádta sonraí (ar a bhfuil plé níos mine thíos), chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhféadfadh catagóirí sonraí ar leith, lena n-áirítear sonraí suímh go háirithe:

> "...faisnéis a nochtadh faoi líon suntasach gnéithe de shaol príobháideach na ndaoine lena mbaineann, lena n-áirítear faisnéis íogair amhail claonadh gnéasach, tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnacha, fhealsúnacha nó shochaíocha nó creidimh eile, agus staid sláinte ... Tríd is tríd, d'fhéadfadh na sonraí sin a chumasú conclúidí an-bheacht a bhaint amach maidir le saol príobháideach na ndaoine a bhfuil a sonraí á gcoimeád, amhail nósanna an tsaoil laethúil, áiteanna cónaithe buana nó sealadacha, gluaiseachtaí laethúla nó eile, na gníomhaíochtaí a dhéantar, caidrimh shóisialta na ndaoine sin, agus na timpeallachtaí sóisialta a mbíonn siad ag freastal orthu. Go háirithe, soláthraítear leis na sonraí sin an modh le haghaidh próifíl na ndaoine lena mbaineann a dhéanamh amach, faisnéis atá chomh híogair céanna, agus aird á tabhairt ar an gceart chun príobháideachta, le hábhar iarbhír na cumarsáide... "2[5]

3.69 Cé go n-aithnítear gur réimsí leithleacha iad faireachas agus coimeád sonraí agus rochtain ar shonraí, is amhlaidh, i mo thuairimse, is féidir a áitiú ar a laghad go bhféadfaí loighic bhuntuiscint Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm de réir analaí leis an bhfeidhm chéanna maidir leis an bhfaisnéis a fhaightear trí fheistí rianúcháin a úsáid. Go deimhin, d'fhéadfaí a áitiú go bhfuil barúlacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh níos ábhartha fós i ndáil leis na sonraí atá ar fáil ó fheistí rianúcháin ar féidir faireachán a dhéanamh orthu i bhfíor-am. Tá sé sin i gcodarsnacht le sonraí coimeádta, a stóráiltear i bhfoirm anaithnid den chuid is mó agus nach bhfaightear rochtain ar a bhformhór choíche.

3.70 Is amhlaidh sa Ríocht Aontaithe, áfach, atá cur chuige dhá chiseal i leith faireachais ann, rud ina ndéantar idirdhealú idir faireachas dírithe agus faireachas cunórach, agus níos mó srianta ann sa chás deireanach sin. Titeann úsáid feistí rianúcháin faoi chatagóir an chéad chisil, is é sin faireachas dírithe.

3.71 Is féidir roinnt tacaíochta don chur chuige sin a fháil freisin sa bhreith ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine i gcás *Uzun v Germany* (2011) 53 EHRR 24.[26] Bhí amhras ann gur comhalta de chraobh den Fhaicsean Airm Dheirg an t-iarratasóir. Ciontaíodh é in iarracht ar dhúnmharú agus i bpléascanna a dhéanamh ag tithe feisirí parlaiminte agus ag consalacht Pheiriú. Ba é a bhí i gcuid den fhianaise ina choinne ná sonraí faireachais ó fheiste rianúcháin GPS, agus d'áitigh sé go bhfuarthas na sonraí sin de shárú ar a chearta chun an tsaoil phríobháidigh faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Dhiúltaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine an t-áitiú sin, á chinneadh nach raibh na tástálacha níos déine ar fhorbair an Chúirt iad i ndáil le tascradh cumarsáide agus le faireachas teileachumarsáide infheidhme go díreach maidir le feistí rianúcháin "nach foláir a mheas mar fheistí a dhéanann níos lú cur isteach ar shaol príobháideach an duine lena mbaineann ná tascradh a chomhráite teileafóin nó a comhráite teileafóin..." [27]

25. Cásanna C-511/18, C-512/18 & C-520/18 *La Quadrature du Net v Premier Ministre* ECLI:EU:C:2020:791 ag mír 117 [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].
26. Ar fáil ag https://hudoc.echr.coe.int/eng#{%22itemid%22:[%22001-100293%22]} [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].
27. Nóta 27 ag mír 66 [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

3.72 In imthosca ina bhféadfadh fadú cumhachtaí cunóracha reachtúla a bheith faoi mheastóireacht, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh go tairbheach ar an gceist an bhfuil sé fós cuí foráil a dhéanamh maidir le húsáid feistí rianúcháin gan aon údarú breithiúnach roimh ré. Dá nglacfaí leis an tuairim go gcuirfí ualach rómhór ar na daoine a bheadh ag feidhmiú na gcumhachtaí dá gceanglófaí údaruithe breithiúnacha neamhspleácha roimh ré ar bhonn iomlán agus go mbeadh sé neamhphraiticiúil déanamh amhlaidh, d'fhéadfaí cur chuige dhá chiseal a bhreithniú, rud lena gceadófaí úsáid a bhaint as feistí rianúcháin ar feadh tréimhse ghearr ar bhonn ceadaithe inmheánaigh, agus ceanglas ann daingniú breithiúnach a iarraidh ansin.

3.73 Saincheist eile ar fiú machnamh a dhéanamh uirthi is ea cé acu ba cheart nó nár cheart ceanglas reachtach sainráite a bheith ann go mbeadh sé de cheangal ar oifigigh shinsearacha a dhéileálann le hiarratais phráinneacha ar fhaireachas agus le hiarratais ar úsáid feistí rianúcháin, i bhfianaise an chinnidh i gcás *Damache v an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2012] IESC 11, [2012] 2 IR 266,[28] a bheith neamhspleách ar an imscrúdú nó ar an oibríocht. Déanfar tuilleadh plé sa rannán ar choimeád sonraí thíos ar impleachtaí an cháis sin don reachtaíocht lena rialáiltear cumhachtaí cunóracha.

## Fad an Fhaireacháin

3.74 Saincheist eile a bhaineann le feistí rianúcháin ar fiú tuilleadh breithnithe a dhéanamh uirthi is ea fad an fhaireacháin a cheadaítear faoin reachtaíocht. Foráiltear maidir leis an méid seo a leanas le halt 8(1):

> "d'ainneoin ailt 4 go 7, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, oifigeach ainmnithe don Ombudsman Póilíneachta, comhalta d'Óglaigh na hÉireann, oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim nó oifigeach údaraithe don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, ar feadh tréimhse nach faide ná 4 mhí nó cibé tréimhse is giorra a fhorordóidh an tAire le rialacháin, faireachán a dhéanamh ar ghluaiseachtaí daoine, feithiclí nó rudaí trí fheiste rianúcháin a úsáid má tá an úsáid sin ceadaithe ag oifigeach uachtarach de réir an ailt seo."

3.75 Is féidir a áitiú go bhfuil dhá léiriú oscailte. Ceann amháin is ea gurb amhlaidh, in éagmais aon fhoráil shonrach maidir le ceadú a athnuachan, is féidir tuilleadh faireacháin a dhéanamh tar éis iarratas ina dhiaidh sin chuig oifigeach uachtarach. Ar ndóigh, bheadh ar aon iarratas den sórt sin a bheith bunaithe ar fhaisnéis atá cothrom le dáta, lena n-áirítear faisnéis a fuarthas le linn an fhaireacháin tosaigh.

3.76 An léiriú eile is ea gurb amhlaidh, in éagmais aon fhoráil shonrach maidir le ceaduithe le haghaidh feistí rianúcháin a athnuachan, nach foláir deireadh a chur leis an bhfaireachán tar éis ceithre mhí. Is léiriú réasúnach é sin, go háirithe má chuirtear san áireamh go ndéantar foráil shainráite le halt 6 maidir le hathnuachan cineálacha eile faireachais ach nach ndéantar foráil leis maidir le hathnuachan feistí rianúcháin. Moltar go ndéanfaí an ní a shoiléiriú agus a chur thar amhras trí leasú cuí a dhéanamh.

28. Ar fáil ag https://www2.courts.ie/acc/alfresco/cc9927d8-2a95-40e5-ba1f-2e996b7adb22/2012_IESC_11_1.pdf/pdf [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

## Ábhar a Choimeád agus Rochtain air

3.77 Mar atá leagtha amach, déantar foráil le halt 9 maidir le tréimhse coimeádta 3 bliana tar éis an lae a scoir údarú de bheith i bhfeidhm nó go dtí an lá nach mbeidh gá leis a thuilleadh i gcomhair aon ionchúisimh nó aon achomhairc. Is féidir cásanna a shamhlú ina bhféadfadh fadhb a bheith ag baint leis an gceanglas maidir le scriosadh tar éis trí bliana. Sampla a thagann chun cuimhne is ea cás ina ndéanfaí ionchúiseamh roinnt blianta tar éis teagmhas a imscrúdú ar dtús, rud a d'fhéadfadh teacht as athbhreithniú ar fhuarchás. Cás eile a bheadh ann ba ea cás ina ndéanfaí gearán déanach leis an Réiteoir Gearán. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí féideartha sin trí fhoráil a dhéanamh maidir le tréimhse coimeádta níos faide, ach a mbeadh srianta an-dian ar rochtain ag gabháil léi. Cé go mbeadh rud éigin le rá i bhfabhar coimeád buan agus gan rochtain a thabhairt ach amháin in imthosca eisceachtúla agus tar éis údarú neamhspleách, d'fhéadfadh deacrachtaí teacht as foráil den sórt sin i bhfianaise roinnt cinntí ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, amhail *S and Marper v the United Kingdom* [2008] ECHR 1581, (2009) EHRR 50[29] agus *Gaughran v United Kingdom* [2020] ECHR 144.[30] Ba cheart breithniú a dhéanamh, áfach, ar fhoráil a dhéanamh maidir le tréimhsí coimeádta níos faide i gcás ábhar faireachais, a mbeadh srianta a bheadh docht go cuí ar rochtain ag gabháil leo.

3.78 Mar a pléadh, bhí an easpa rialachán faoi alt 10 i gcroílár aighneachtaí na cosanta i gcás *Hannaway* os comhair na Cúirte Coiriúla Speisialta agus ar achomharc uaithi, rud a d'fhág go raibh cur chuige éagsúil ann idir an Chúirt Uachtarach ar thaobh amháin, agus an chúirt trialach agus an Chúirt Achomhairc ar an taobh eile.

3.79 Ní gá a rá gur réimse lena mbaineann íogaireacht shuntasach é sin. Más mian linn nach ndéanfar sárú ar chearta daoine aonair, tá sé ríthábhachtach go ndéileálfaí le doiciméadacht i gceart. Cé nach bhfuil aon chúis agam le hamhras a bheith orm faoi inniúlacht agus gairmiúlacht na ndaoine ar cuireadh de chúram orthu an reachtaíocht a oibriú, ceapaim go mbeadh sé cuí do na hAirí iomchuí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí rialachán.

3.80 Luaigh an tOllamh Liz Heffernan, agus í ag scríobh san Irish Supreme Court Review, go bhfágann cás *Hannaway* an tuiscint láidir ag an léitheoir gurbh fhéidir leis an Oireachtas, agus gur cheart dó, reachtaíocht maidir le stóráil, le rochtain agus le nochtadh a rith i dtéarmaí níos soiléire, níos sainráite agus níos cuimsithí.[31] Beag beann ar an argóint i bhfabhar reachtaíocht phríomha níos mine, is léir go bhfuil argóint láidir ann i bhfabhar aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin trí reachtaíocht thánaisteach.

29. Ar fáil ag https://hudoc.echr.coe.int/fre#{%22itemid%22:[%22001-90051%22]} [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].
30. Ar fáil ag https://hudoc.echr.coe.int/fre#{%22itemid%22:[%22001-200817%22]} [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].
31. Liz Heffernan, "Surveillance, Statutory Compliance and the Admissibility of Evidence: *DPP v Hannaway*" (2022) 4 ISCR 101.

# ACHOIMRE AR MHOLTAÍ – ACHT 2009

- Foráil a dhéanamh maidir le húdarú feistí rianúcháin ag oifigigh uachtaracha ar bhonn gearrthéarmach, agus ceanglas ann dearbhú breithiúnach a lorg.
- Ceanglas reachtach a thabhairt isteach maidir le hoifigigh shinsearacha a údaraíonn iarratais phráinneacha ar fhaireachas nó iarratais ar fheistí rianúcháin a bheith neamhspleách ar an imscrúdú nó ar an oibríocht.
- Aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist arb éard í úsáid feistí rianúcháin tar éis tréimhse faireacháin ceithre mhí.
- Breithniú a dhéanamh ar fhoráil a dhéanamh maidir le tréimhsí coimeádta níos faide i gcás ábhar faireachais, agus srianta rochtana atá docht go cuí ann.
- Foráil a dhéanamh le hordú ón Aire maidir le stóráil dhaingean chuí agus le srianadh ar rochtain ar ábhar faireachais.

# An tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011

## Cúlra na Reachtaíochta

4.1 Ba é an tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011, faoi réir leasú an-suntasach sa bhliain 2022. Is é an tAcht arna leasú an rud a ndírítear aird air.

4.2 Is cúlra casta é cúlra Acht 2011 ina fhoirm reatha. Chun é a chur i gcomhthéacs, is cuí a chuimhneamh gur achtaigh an tOireachtas an tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011, sa bhliain 2011 chun éifeacht a thabhairt do Threoir 2006/24/CE, dá ngairtear an Treoir maidir le Sonraí a Choimeád de ghnáth. I bhfianaise forbairtí ina dhiaidh sin, is fiú a chuimhneamh gur thug an Coimisiún Eorpach Éire os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, roimh achtú Acht 2011, mar gheall ar mhainneachtain Treoir 2006 a thrasuí. I gcás C-301/06 Éire v an Pharlaimint agus an Chomhairle [2009] ECR I-593,[32] rinne an Stát agóid i gcoinne bhunús dlíthiúil na Treorach freisin, á áitiú nach raibh inniúlacht ag an Aontas Eorpach i réimse an imscrúdaithe choiriúil agus an ionchúisimh choiriúil.

4.3 I gcomhthéacs na hagóide nár éirigh léi agus na n-imeachtaí sáraithe, rinne an Stát iarracht Treoir 2006 a thrasuí sa dlí náisiúnta tríd an Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011, a achtú. I gcroílár na reachtaíochta sin bhí ceanglas ar gach soláthraí seirbhíse sonraí teileafónaíochta líonra fhosaithe agus teileafónaíochta soghluaiste a choimeád ar feadh tréimhse dhá bhliain. Rinneadh foráil leis an Acht maidir le rochtain ar na sonraí coinnithe tar éis iarraidh nochta ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ard-cheannfort nó ó chomhalta nó oifigeach d'Óglaigh na hÉireann nó do na Coimisinéirí Ioncaim a bhfuil céim shonraithe aige nó aici.

4.4 Rinneadh agóid i gcoinne fhorálacha Acht 2011 ina dhiaidh sin os comhair chúirteanna na hÉireann i gcás *Digital Rights Ireland Ltd. v an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha* [2010] IEHC 221, [2010] 3 IR 251.[33] Rinne an Ard-Chúirt (an Breitheamh McKechnie) réamhthagairt do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh inar ardaíodh bailíocht Threoir 2006. I mí Aibreáin 2014, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[34] go raibh Treoir 2006 neamhbhailí, á lua go raibh sí mar chúis le "cur isteach forleathan" agus le "cur isteach tromchúiseach" ar an gceart chun príobháideachta agus ar an gceart chun cosaint sonraí a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 faoi seach den Chairt um Chearta Bunúsacha. Bhí an Chúirt den tuairim go raibh an cur isteach ar chearta na Cairte díréireach i bhfianaise shainghné ghinearálta na scéime coimeádta sonraí dá bhforáiltear agus i bhfianaise aon choinníollacha substainteacha agus nós imeachta chun mí-úsáid a chosc a bheith in easnamh.

4.5 I sraith breitheanna ina dhiaidh sin, lenar áiríodh Cásanna Uamtha C-203/15 agus C-698/15 *Tele2 Sverige AB v Post- och telestyrelsen and Secretary of State for the Home Department v Watson* EU:C:2016:970,[35] phléigh an Chúirt cumas na mBallstát chun oibleagáid a chur ar sholáthraithe seirbhíse cumarsáide sonraí tráchta agus suímh a choimeád i leith gach suibscríobhaí agus i leith gach úsáideora chláraithe. Sna cásanna sin, chinn an Chúirt gurb amhlaidh, maidir leis an reachtaíocht náisiúnta lena ndearnadh foráil maidir le coimeád ginearálta agus neamh-idirdhealaitheach shonraí tráchta agus suímh gach úsáideora seirbhísí cumarsáide leictreonaí a bhaineann le gach modh cumarsáide leictreonaí, agus lenar forchuireadh dualgas ar sholáthraithe seirbhíse na sonraí uile a choimeád, gan aon eisceacht, a chuaigh sí thar a raibh riachtanach agus comhréireach.

32. Ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:62006CJ0301 [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

33. Ar fáil ag https://ww2.courts.ie/acc/alfresco/08a2f2b3-7bc4-473c-a9f1-0caf8fec4ece/2010_IEHC_221_1.pdf/pdf#view=fitH [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

34. Cásanna Uamtha C-293/12 agus C-594/12 *Digital Rights Ireland Ltd. v an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus Imeachtaí arna dtionscnamh ag Kärntner Landesregierung agus daoine eile* EU:C:2014:238. Ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:62012CJ0293 [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

35. Ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:62015CJ0203 [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

4.6 Sa dlínse seo, rinne an cheist i dtaobh an raibh Acht 2011 ag luí le dlí an Aontais Eorpaigh, tar éis neamhniú Threoir 2006, teacht chun solais go mór le linn imeachtaí coiriúla a raibh an-ardphróifíl orthu. I mí Eanáir 2015, sheas Graham Dwyer os comhair na Príomh-Chúirte Coiriúla agus é cúisithe i ndúnmharú. Tuairiscíodh a íospartach a bheith ar iarraidh ag deireadh mhí Lúnasa 2012. An 13 Meán Fómhair 2013, thángthas ar iarsmaí daonna nuair a bhí duine ag siúl i gceantar Choill an Chaoich i sléibhte Bhaile Átha Cliath. Sainaithníodh iad mar iarsmaí Elaine O'Hara, íospartach an dúnmharaithe. Mar a tharla sé, aisghabhadh ag an am céanna roinnt míreanna ó Thaiscumar Fheartraí, áit a raibh na leibhéil uisce níos ísle ná mar a bhíonn siad de ghnáth. Bhí na míreanna sin nasctha leis an duine ar iarraidh, ar aimsíodh a hiarsmaí. I measc na míreanna sin bhí dhá fhón póca, ina raibh cártaí SIM.

4.7 Ag an triail, bhí cás an ionchúisimh i gcoinne Graham Dwyer ag brath go páirteach ar fhianaise theileafóin. Bhí roinnt gnéithe i gceist leis sin. Ar an gcéad dul síos, bhí an t-ionchúiseamh ag iarraidh trí fhón a chur i leith an chúisí. Gaireadh "fón oibre" de cheann amháin de na fóin sin, a bhí cláraithe le fostóir an chúisí ach a bhí á úsáid aigesean. D'iarr an t-ionchúiseamh dhá fhón eile a chur ina leith freisin, ach shéan sé go raibh aon eolas aige orthu. Bhí spéis ar leith ag an ionchúiseamh i líon an-mhór teachtaireachtaí téacs a bhí ag dul idir an dá fhón sin, ar mhaígh an t-ionchúiseamh gur cheart iad a chur i leith an chúisí, agus dhá fhón a bhí an t-ionchúiseamh in ann a chur i leith an duine éagtha. Bhí ábhar na dteachtaireachtaí sin thar a bheith tábhachtach chun go mbeifí in ann seoltóir na dteachtaireachtaí chuig na fóin a bhí nasctha leis an duine éagtha a shainaithint, agus bhí sé suntasach freisin maidir le faisnéis a sholáthar faoi chineál an chaidrimh idir an cúisí agus an duine éagtha.

4.8 Ag an triail, d'iarr an cúisí go ndéanfaí fianaise ar shonraí tráchta agus suímh a bhain leis an bhfón oibre – rud a raibh an t-ionchúiseamh ag brath air chun cabhrú le hé a nascadh leis an dá fhón eile – a eisiamh ar an bhforas gur coimeádadh na sonraí sin agus go bhfuarthas rochtain orthu de shárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh, rud a d'fhág, dar leis, nach raibh siad inghlactha. Bhí an t-áitiú ag brath ar an mbreith ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás *Digital Rights Ireland*. Theip ar na hargóintí ag an triail. Tar éis a chiontaithe, rinne an tUas. Dwyer achomharc chuig an gCúirt Achomhairc[36], rud nár éirigh leis, agus rinne sé achomharc breise chuig an gCúirt Uachtarach, rud nár éirigh leis ach oiread, agus an Chúirt sin ag tabhairt breithiúnais an 31 Iúil 2024.[37]

4.9 Le linn na trialach, d'eisigh an tUas. Dwyer imeachtaí leithleacha inar iarradh dearbhuithe á rá nach raibh forálacha an Achta lena ndearnadh foráil maidir le coimeád sonraí fón póca agus le rochtain orthu, lenar áiríodh sonraí tráchta agus sonraí suímh, ag teacht le Treoir ón Aontas Eorpach, mar a bhí Treoir 2002/58/CE, dá ngairtear an Treoir maidir le r-Phríobháideachas in amanna. Tar éis neamhniú na Treorach maidir le Sonraí a Choimeád, ba í an Treoir maidir le r-Phríobháideachas an phríomh-Threoir sa réimse. Dheonaigh an Ard-Chúirt (an Breitheamh O'Connor)[38] na dearbhuithe a iarradh, á dhearbhú nach raibh alt 3(1), alt 6(1)(a) ná alt 7 d'Acht 2011 ag teacht le Treoir 2002/58 CE. Rinne cosantóirí an Stáit achomharc agus ceadaíodh dóibh achomharc cliobógach a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach. Cinneadh ansin gur ghá ceisteanna áirithe a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.[39] An 2 Aibreán 2022, thug Mór-Dhlísheomra Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas ar an tarchur.[40]

---

36. *Na Daoine (an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí) v Graham Dwyer* [2023] IECA 70. Ar fáil ag https://ww2.courts.ie/acc/alfresco/3d53966e-9888-4066-84a9-6f7766fe035b/2023_IECA_70.pdf/pdf#view=fitH [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

37. *Na Daoine (an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí) v Graham Dwyer* [2024] IESC 39. Ar fáil ag https://ww2.courts.ie/acc/alfresco/e0339c95-8692-41b2-a5cc-0789284e4e38/2024_IESC_39_(Collins%20J)_Approved.pdf/pdf#view=fitH (an Breitheamh Collins) agus https://ww2.courts.ie/acc/alfresco/2b48bc0b-222a-4d48-bfb5-d4490a17ad63/2024_IESC_39_(Hogan%20J).pdf/pdf#view=fitH (an Breitheamh Hogan) [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

38. *Graham Dwyer v Coimisinéir an Gharda Síochána* [2018] IEHC 685, [2019] 1 ILRM 461. Ar fáil ag https://ww2.courts.ie/acc/alfresco/37f5f57c-0173-4e22-8cd8-d608d16fbe4f/2018_IEHC_685_1.pdf/pdf#view=fitH [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

39. *Graham Dwyer v Coimisinéir an Gharda Síochána* [2020] IESC 4, [2020] 1 ILRM 389. Ar fáil ag https://ww2.courts.ie/acc/alfresco/4a0df0ae-b64d-4f3a-92d4-bf178dbbb43f/2020_IESC_4_Clarke%20CJ.pdf/pdf#view=fitH [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

40. Cás C-140/20 *GD v Coimisinéir an Gharda Síochána* EU:C:2022:258. Ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:62020CJ0140 [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

4.10 Seo a leanas an chuid oibríoch den bhreithiúnas (an *dispositif*):

> "Ní mór Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach), arna leasú ag Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009, léite i bhfianaise Airteagail 7, 8, 11 agus 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú amhail agus go gcuirtear toirmeasc leis ar bhearta reachtacha lena bhforáiltear, mar bheart réamhchúraim, chun coireacht thromchúiseach a chomhrac agus bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí a chosc, do choinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach sonraí tráchta agus sonraí suímh."[41]

4.11 Mar sin féin, chinn an Chúirt freisin:

> "nach gcuirtear toirmeasc, le hAirteagal 15(1), léite i bhfianaise Airteagail 7, 8, 11 agus 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha, le bearta reachtacha lena bhforáiltear, chun coireacht thromchúiseach a chomhrac agus chun bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí a chosc:
>
> - do choinneáil na sonraí tráchta agus sonraí suímh ar bhonn spriocdhírithe, ar bhonn gnéithe oibiachtúla agus neamh idirdhealaitheacha, de réir chatagóirí na n-ábhar sonraí nó trí bhíthin critéir gheografacha, ar feadh tréimhse ama atá teoranta go téarma a bhfuil dianghá leis ach atá in-athnuaite;
> - do sheoltaí PI atá curtha i leith foinse cheangail a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach ar feadh tréimhse lena bhfuil téarma ar dianghá leis;
> - do choinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach sonraí a bhaineann le stádas sibhialta úsáideoirí na modhanna cumarsáide leictreonaí; agus
> - do dhul i muinín teagasc ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí tabhairt faoi, go ceann tréimhse ar leith, caomhnú brostaithe ar na sonraí tráchta agus na sonraí suímh atá ag na soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí seo, trí bhíthin cinneadh ón údarás inniúil atá faoi réir grinnscrúdaithe breithiúnach éifeachtach,
>
> ós rud é go n áirítear, le rialacha soiléire mionsonraithe, go gcoinneofar na sonraí atá i gceist i gcomhréir leis na coinníollacha substainteacha agus nós imeachta lena mbaineann agus go mbeidh cosaintí leordhóthanacha ag na hábhair sonraí i gcoinne an bhaoil go mbainfí mí-úsáid astu."



41. Nóta 40, mír 129(1).
42. Nóta 41.

4.12 Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin go raibh cosc ar chúirteanna na hÉireann teorainn a chur le héifeachtaí ama dhearbhú neamhbhailíochta na Treorach maidir le Sonraí a Choimeád agus lena héifeacht iarmhartach ar Acht 2011 lenar cuireadh chun feidhme í. D'fhág sé sin go raibh "an choinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach sonraí tráchta agus suímh" a cheadaítear leis an Acht neamhdhleathach faoi dhlí an Aontais Eorpaigh de bhua Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58, arna léamh i bhfianaise na Cairte um Chearta Bunúsacha. Mar sin féin, dheimhnigh an Chúirt gur faoi ní atá le cinneadh ag an mBallstát é inghlacthacht na fianaise a fhaightear trí choinneáil den sórt sin, faoi réir chomhlíonadh phrionsabail choibhéise agus éifeachtachta dhlí an Aontais Eorpaigh.

4.13 Ag teacht sna sála ar an mbreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, dhíbh an Chúirt Uachtarach an t-achomharc a bhí os a comhair agus dhaingnigh sí an t-ordú a rinne an Breitheamh O'Connor.

## An Fhreagairt Reachtach

4.14 An fhreagairt reachtach do na forbairtí sin ba ea an tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád) (Leasú), 2022 ("Acht 2022"), a achtú. Ba é an cur chuige ginearálta a glacadh in Acht 2022 ná Acht 2011 a leasú chun comhréireacht a bhaint amach le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i réimse na coinneála ginearálta agus neamh-idirdhealaithí sonraí cumarsáide ar chúiseanna slándála náisiúnta agus chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil.

4.15 Leis an Acht, déantar sonraí a chatagóiriú ina "sonraí úsáideora" ina "sonraí Sceideal 2" agus ina "sonraí foinse idirlín".

4.16 Áirítear na nithe seo a leanas le sonraí úsáideora:

- aitheantas an úsáideora,
- ainm agus seoladh an tsuibscríobhaí,
- uimhir teileafóin shoghluaiste nó fhosaithe,
- Aitheantas Suibscríobhaí Teileafónaíochta Soghluaiste Idirnáisiúnta (IMSI),
- Aitheantas Trealaimh Teileafónaíochta Soghluaiste Idirnáisiúnta (IMEI) agus a leithéid.

4.17 Is é is sonraí Sceideal 2 ann, dá ngairtear sonraí tráchta agus suímh go coitianta, ná na sonraí is gá chun na nithe seo a leanas a rianú agus a shainaithint:

- foinse na cumarsáide,
- ceann scríbe cumarsáide,
- am agus dáta thús na cumarsáide agus dheireadh na cumarsáide,
- cineál na cumarsáide,
- trealamh cumarsáide,
- na huimhreacha teileafóin óna ndéantar glao agus ar a nglaoitear,
- IMSI agus IMEI na bpáirtithe a ghlaonn agus na bpáirtithe a nglaoitear orthu,
- i gcás seirbhísí anaithnide réamhíoctha, an dáta agus an t-am a gníomhachtaíodh an tseirbhís den chéad uair agus an t-aitheantas cille óna ndearnadh an tseirbhís a ghníomhachtú, mar aon leis na sonraí is gá chun suíomh an trealaimh shoghluaiste a shainaithint,
- an t-aitheantas cille i dtús na cumarsáide agus an t-aitheantas cille le linn thréimhse na cumarsáide, áit arb é an t-aitheantas cille aitheantas na cille ónar tháinig glao teileafónaíochta soghluaiste nó inar foirceannadh é.

4.18 Mínítear 'Sonraí Foinse Idirlín' mar a leanas:

"...na sonraí seo a leanas is gá chun foinse cumarsáide a rianú nó a aithint trí rochtain idirlín, trí ríomhphost idirlín nó trí theileafónaíocht idirlín:

(a) an seoladh Prótacail Idirlín (seoladh PI), bíodh sé dinimiciúil nó statach, a leithroinn an soláthraí seirbhíse ar an bhfoinse cumarsáide;

(b) ainm agus seoladh an tsuibscríobhaí nó an úsáideora chláraithe ar ar leithroinneadh seoladh Prótacail Idirlín (seoladh PI) tráth na cumarsáide."

4.19 Déantar foráil leis an reachtaíocht maidir le córais dhifriúla le haghaidh sonraí a choimeád agus le haghaidh sonraí a rochtain i ngach cás. I gcás rochtain, tá córas cisealta ann go bunúsach, áit a bhfuil na forálacha is infheidhme maidir le Sonraí Foinse Idirlín agus le sonraí Sceideal 2 níos déine. Is é an seasamh ginearálta ná gur féidir rochtain a fháil ar shonraí úsáideora de bhun ceanglas arna chur ar sholáthraithe seirbhíse ag daoine a bhfuil sinsearacht shonraithe acu laistigh de na comhlachtaí a bhfuil cumhachtaí reachtúla acu sa réimse, agus is gnách go mbíonn údarú breithiúnach roimh ré ag teastáil chun rochtain a fháil ar Shonraí Foinse Idirlín agus ar shonraí Sceideal 2, cé go ndéantar foráil maidir le nósanna imeachta brostaithe agus simplithe i gcásanna práinne.

4.20 Mar aon leis an idirdhealú atá bunaithe ar chineál agus catagóiriú na sonraí, tá dara hidirdhealú ann atá bunaithe ar an gcríoch a bhfuil rochtain á hiarraidh ina leith, agus an t-idirdhealú á dhéanamh ag brath ar cé acu is é slándáil an Stáit an rud i gceist nó a bhaineann an rud atá i gceist le himscrúdú coiriúil nó le críocha ceadaithe eile.

4.21 Is féidir an t-idirdhealú idir slándáil an Stáit agus críocha eile a bhféadfaí rochtain a iarraidh ina leith a rianú go díreach go breitheanna ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is fiú trácht go mion ar conas a dhéileáil an Chúirt leis an tsaincheist sin le linn an bhreithiúnais uaithi i gcás *GD*, toisc go raibh tionchar chomh mór sin aige ar ár reachtaíocht reatha sa réimse sin.

4.22 I mír 58 agus sna míreanna ina dhiaidh sin, luaigh an Chúirt an méid seo a leanas:

"58. Dá bhíthin sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach gcuirtear toirmeasc le hAirteagal 15(1) de Threoir 2002/58, léite i bhfianaise Airteagail 7, 8, 11 agus 52(1) den Chairt, ar bhearta reachtacha lena gceadaítear, chun an tslándáil náisiúnta a choimirciú, dul i muinín teagasc ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí chun sonraí tráchta agus sonraí suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach, i gcásanna ina bhfuil bagairt thromchúiseach ar an tslándáil náisiúnta roimh an mBallstát lena mbaineann atá iarbhír faoi láthair nó is féidir a thuar; ina bhfuil an cinneadh lena bhforchuirtear teagasc den sórt sin faoi réir grinnscrúdú éifeachtach ag cúirt nó ag eintiteas neamhspleách riaracháin a bhfuil a chinneadh ceangailteach; gur cuspóir don ghrinnscrúdú sin a fhíorú an ann do cheann de na cásanna sin agus an gcomhlíontar na coinníollacha agus na cosaintí nach mór a fhoráil; agus nach n-eisítear an teagasc seo ach ar feadh tréimhse ama atá teoranta go téarma a bhfuil dianghá leis, ach atá in-athnuaite má leanann an bhagairt sin ar aghaidh...

"59. Maidir leis an gcuspóir cionta tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú, agus a ionchúiseamh, luaigh an Chúirt Bhreithiúnais, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, nach bhféadfaí an oiread sin údar a thabhairt le cur isteach tromchúiseach ar na cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt ach amháin chun coireacht thromchúiseach a chomhrac agus chun bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí a chosc, amhail iad atá i gceist le sonraí tráchta agus sonraí suímh a choinneáil. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí údar a thabhairt le cur isteach ar na cearta bunúsacha gan tromchúis ag gabháil leo ach leis an gcuspóir cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go ginearálta amháin ...

"60. Le linn na héisteachta, d'áitigh an Coimisiún Eorpach go bhféadfaí caitheamh mar bhagairt ar an tslándáil náisiúnta le coireacht atá thar a bheith tromchúiseach.

"61. Rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin gurb ionann an cuspóir an tslándáil náisiúnta a chaomhnú agus an leas sáraitheach dualgais agus leasanna bunúsacha na sochaí a chosaint, tríd an oiread sin gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh bunstruchtúir pholaitiúla, bhunreachtúla, eacnamaíocha nó shóisialta tíre a dhíchobhsú go tromchúiseach agus go háirithe, a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt dhíreach ar an tsochaí, ar an daonra nó ar an Stát go díreach, amhail, inter alia, gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta....

"62. Is fíor chomh maith, murab ionann agus an choireacht, fiú má tá sí thar a bheith tromchúiseach, go gcaithfeadh bagairt ar an tslándáil náisiúnta a bheith iarbhír faoi láthair nó, ar a laghad, a bheith amhail go bhféadfaí í a thuar, tromchúis de chineál a thabharfadh le tuiscint go bhfuil imthosca nithiúla ann go leordhóthanach chun údar a thabhairt le beart lena gcoinnítear sonraí tráchta agus sonraí suímh go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach ar feadh tréimhse theoranta. Is inaitheanta í bagairt den sórt sin ón mbaol ginearálta agus buan go dtarlóidh teannas nó go gcuirfí isteach, fiú go tromchúiseach, ar an tslándáil phoiblí nó go ndéanfaí cionta coiriúla tromchúiseacha de bharr a cineáil, a tromchúise agus shainiúlacht a himthosca...

"63. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí caitheamh mar bhagairt ar an tslándáil náisiúnta le coireacht, fiú coireacht atá thar a bheith tromchúiseach. Go deimhin, mar atá luaite ag an Abhcóide Ginearálta i míreanna 49 agus 50 dá Thuairim, dá gcaithfí léi mar sin, d'fhéadfaí meánchatagóir a thabhairt isteach idir an tslándáil náisiúnta agus an tslándáil phoiblí, chun ceanglais na slándála náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir leis an tslándáil phoiblí."

4.23 I gcúinse inar reachtaíocht a ritheadh le déanaí í an reachtaíocht éifeachtach sa réimse seo, agus foráil déanta maidir léi faoin Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád) (Leasú), 2022, agus in imthosca ina ndearnadh leasú as cuimse ar an bpríomh-Acht a gceanglaítear tuairisciú air, mar atá Acht 2011, is cosúil go bhfuil sé cuí forbhreathnú a thabhairt ar an reachtaíocht reatha. Agus mé ag iarraidh déanamh amhlaidh, admhaím gur bhain mé an-leas as an leagan athbhreithnithe agus nuashonraithe d'Acht 2011, ar ullmhaigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí é.[43]

# Forálacha Reachtúla

## Sonraí a Choimeád

4.24 Pléitear in alt 3 leis an oibleagáid sonraí úsáideora a choimeád. Ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse sonraí a choimeád ar feadh tréimhse bliana nó ar feadh cibé tréimhse a fhorordófar le rialachán. Féadfaidh an tAire tréimhse a fhorordú is lú ná bliain amháin ach nach faide ná dhá bhliain. Ní dhearna an tAire aon rialacháin shonracha faoin alt sin go dtí seo, ach pléitear leis an tsaincheist leis na Rialacháin Chumarsáide (Sonraí a Choimeád) (Slándáil Sonraí), 2023 (I.R. 352/2023).[44]

4.25 Níl an scéal chomh simplí céanna maidir le coimeád shonraí Sceideal 2. Braitheann sé ar cé acu a rinne nó nach ndearna "breitheamh iomchuí" den Ard-Chúirt ordú faoi alt 3A (arna chur isteach le halt 4 d'Acht 2022) i gcomhthéacs bagairt ar shlándáil an Stáit de bhun iarratais arna thabhairt chuig an gCúirt ag an Aire.

4.26 Foráiltear le halt 3A go bhféadfaidh an tAire, nuair is deimhin leis nó léi go bhfuil bagairt atá tromaí, iarbhír agus láithreach nó is féidir a thuar ann ar shlándáil an Stáit, iarratas a dhéanamh chuig breitheamh iomchuí ar ordú faoin alt sin. Le fo-alt 2, foráiltear go ndéanfaidh an tAire, sula ndéanfaidh sé nó sí iarratas, measúnú ar an mbagairt ar shlándáil an Stáit, agus, le linn dó nó di déanamh amhlaidh, go mbeidh aird aige ar an ngá le sonraí Sceideal 2 a choimeád agus ar chomhréireacht an choimeádta sin, agus tionchar an choimeádta sin ar chearta bunúsacha daoine aonair á chur san áireamh.

4.27 Sonraítear i bhfo-alt 3 go ndéanfar an t-iarratas chuig an gCúirt ón Aire *ex parte*, ar fhaisnéis faoi mhionn ina sonrófar na forais ar a bhfuil an t-ordú á iarraidh; áireofar leis sin an measúnú ar an mbagairt ar shlándáil an Stáit. Ní foláir an tréimhse ama a gcreideann an tAire gur gá sonraí Sceideal 2 a choimeád ar a feadh chun slándáil an Stáit a shlánchoimeád a shonrú san iarratas freisin. Foráiltear freisin go n-éistfí an t-iarratas ar shlí seachas go poiblí.

4.28 Sonraítear i bhfo-alt 4 nach bhféadfaidh breitheamh iomchuí, agus iarratas á láimhseáil aige nó aici, ordú a dhéanamh lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse sonraí Sceideal 2 a choimeád ach amháin más deimhin leis nó léi gur gá ordú den sórt sin a dhéanamh chun na críocha ar chucu a rinneadh an t-iarratas agus go bhfuil sé comhréireach leo. Le hordú a dhéantar faoin bhfo-alt, ceanglaítear ar gach soláthraí seirbhíse sonraí Sceideal 2, nó cibé sonraí a shonraítear san ordú, a choimeád ar feadh tréimhse 12 mhí ón dáta ar ar próiseáladh na sonraí den chéad uair.

4.29 Rinne Uachtarán na hArd-Chúirte beirt bhreithiúna den Chúirt sin a ainmniú chun feidhmeanna breithimh iomchuí a chomhlíonadh. Rinne an Breitheamh Owens, duine de na breithiúna a ainmníodh mar bhreitheamh iomchuí, ordú den sórt sin an 26 Meitheamh 2023 agus orduithe comhchosúla an 21 Meitheamh 2024 agus an 20 Meitheamh 2025.

4.30 Ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse le halt 3B sonraí foinse idirlín a choimeád ar feadh tréimhse bliana nó ar feadh cibé tréimhse a fhorordófar.

43. Ar fáil ag https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2011/act/3/front/revised/en/html [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

44. Ar fáil ag https://www.irishstatutebook.ie/eli/2023/si/352/made/en/print [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].



## Slándáil Sonraí

4.31 In alt 4 den reachtaíocht, pléitear le saincheist na slándála sonraí. Ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse bearta slándála sonraithe a ghlacadh i ndáil le sonraí coimeádta. Ceanglaítear sonraí a choimeád ar feadh bliana agus déanfaidh an soláthraí seirbhíse na sonraí sin, seachas na sonraí sin a bhfuarthas rochtain orthu agus a caomhnaíodh, a scriosadh ina dhiaidh sin. Sna Rialacháin Chumarsáide (Sonraí a Choimeád) (Slándáil Sonraí), 2023 (I.R. 352/2023), sonraítear gurb iad 13 mhí ón dáta ar ar phróiseáil an soláthraí seirbhíse na sonraí den chéad uair agus mí amháin ón dáta ar a scoireann ordú caomhnaithe d'éifeacht a bheith aige na dátaí nach foláir na sonraí a scriosadh fúthu.

## Ceanglas chun Sonraí Úsáideora a Nochtadh

4.32 Le halt 6, pléitear leis na ceanglais chun sonraí úsáideora a nochtadh. Foráiltear mar a leanas leis:

> "(1) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ard-cheannfort a cheangal ar sholáthraí seirbhíse sonraí úsáideora atá i seilbh an tsoláthraí seirbhíse nó atá faoina rialú a nochtadh don chomhalta sin—
>
> (a) i gcás go gcreidfidh an comhalta sin go mbaineann na sonraí le duine a bhfuil drochamhras ar an gcomhalta, ar fhorais réasúnacha—
>
> (i) go ndearna sé nó sí cion, nó
>
> (ii) go bhfuil sé nó sí ina bhagairt nó ina bagairt iarbhír nó fhéideartha ar shlándáil an Stáit,
>
> nó
>
> (b) i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an gcomhalta chun a chreidiúint gur gá na sonraí ar shlí eile—
>
> (i) chun cionta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh,
>
> (ii) chun slándáil an Stáit a shlánchoimeád,
>
> (iii) chun beatha nó sábháilteacht phearsanta duine a chosaint, in imthosca ina gcreideann an comhalta go bhfuil baol tromaí ann do bheatha nó sábháilteacht phearsanta an duine,
> nó
>
> (iv) chun a fháil amach cá bhfuil duine ar iarraidh.

"(2) Féadfaidh comhalta de na Buan-Óglaigh nach ísle céim ná leifteanantchoirnéal a cheangal ar sholáthraí seirbhíse sonraí úsáideora atá i seilbh an tsoláthraí seirbhíse nó atá faoina rialú a nochtadh don chomhalta sin—

(a) i gcás go gcreidfidh an comhalta sin go mbaineann na sonraí le duine a bhfuil drochamhras ar an gcomhalta, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil sé nó sí ina bhagairt nó ina bagairt iarbhír nó fhéideartha ar shlándáil an Stáit, nó

(b) i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an gcomhalta chun a chreidiúint gur gá na sonraí ar shlí eile chun slándáil an Stáit a shlánchoimeád.

"(3) Féadfaidh oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim nach ísle céim ná príomhoifigeach a cheangal ar sholáthraí seirbhíse sonraí úsáideora atá i seilbh an tsoláthraí seirbhíse nó atá faoina rialú a nochtadh don oifigeach sin—

(a) i gcás go gcreidfidh an t-oifigeach sin go mbaineann na sonraí le duine a bhfuil drochamhras ar an oifigeach, ar fhorais réasúnacha, go ndearna sé nó sí cion ioncaim, nó

(b) i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach chun a chreidiúint gur gá na sonraí ar shlí eile chun cion ioncaim a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh."

Mínítear "cion ioncaim" faoi threoir roinnt forálacha reachtúla i dtéarmaí atá cosúil leo sin a fhaightear san Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009.

"(4) Féadfaidh oifigeach don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí nach ísle céim ná príomhoifigeach a cheangal ar sholáthraí seirbhíse sonraí úsáideora atá i seilbh an tsoláthraí seirbhíse nó atá faoina rialú a nochtadh don oifigeach sin—

(a) i gcás go gcreidfidh an t-oifigeach sin go mbaineann na sonraí le duine a bhfuil drochamhras ar an oifigeach, ar fhorais réasúnacha, go ndearna sé nó sí cion iomaíochta, nó

(b) i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach chun a chreidiúint gur gá na sonraí ar shlí eile chun cion iomaíochta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh."

4.33 Tá míniú reachtúil ar 'cion iomaíochta' ann atá ag teacht leis an míniú sin atá san Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009.

4.34 Is féidir a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh an comhalta den Gharda Síochána nochtadh a cheangal i gcás go gcreidfidh an comhalta sin go mbaineann na sonraí le duine a bhfuil drochamhras, ar fhorais réasúnacha, go ndearna sé nó sí "cion". Tá codarsnacht le déanamh idir sin agus forálacha eile a bhaineann le feidhmiú cumhachtaí cunóracha i gcás go bhfeicfear tagairt do "cionta tromaí" nó do "cionta inghabhála". Ar an ócáid seo, is tagairt do "cion" atá ann, gan aon cháiliú.

4.35 Foráiltear leis an Acht gur trí fhógra i scríbhinn a dhéanfaidh an comhalta nó an t-oifigeach lena mbaineann a cheanglas nó a ceanglas maidir le nochtadh, ach tá foráil ann i gcásanna práinne eisceachtúla go bhféadfar an ceanglas a dhéanamh ar mhodh seachas i scríbhinn, agus sa chás sin is gá fógra i scríbhinn a dhéanamh laistigh de dhá lá.

## Údarú a Cheanglaítear le haghaidh Sonraí Sceideal 2 a Nochtadh

4.36 Déantar foráil go bhféadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire, nó comhalta de na Buan-Óglaigh nach ísle céim ná ceannfort, iarratas a dhéanamh chuig breitheamh údarúcháin, breitheamh den Chúirt Dúiche atá ainmnithe ag Uachtarán na Cúirte Dúiche, i gcás go mbeidh an comhalta den tuairim, maidir le sonraí Sceideal 2 atá i gceist:

"(a) go mbaineann siad le duine a bhfuil drochamhras ar an gcomhalta, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil sé nó sí ina bhagairt nó ina bagairt iarbhír nó fhéideartha ar shlándáil an Stáit, nó

(b) gur gá iad a chaomhnú ar shlí eile chun slándáil an Stáit a shlánchoimeád."

4.37 Ní fhéadfaidh an breitheamh eisiúna an t-údarú a eisiúint ach amháin más deimhin leis nó léi go bhfuil an critéar iomchuí infheidhme agus gur gá eisiúint an údaraithe chun na gcríoch a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh chucu, agus go bhfuil sí comhréireach leo.

4.38 I gcásanna práinne, tá foráil ann maidir le hiarratas a dhéanamh chuig oifigeach uachtarach. Is é an rud is gá ná go bhfuil an comhalta atá ag déanamh an iarratais chuig an oifigeach uachtarach den tuairim réasúnach go mbaineann na sonraí le duine a bhfuil drochamhras ar an gcomhalta, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil sé nó sí ina bhagairt nó ina bagairt iarbhír nó fhéideartha ar shlándáil an Stáit, nó gur gá iad ar shlí eile chun slándáil an Stáit a shlánchoimeád. Ní foláir don chomhalta a bheith den tuairim freisin, sula bhféadfaí sonraí Sceideal 2 a fháil de bhun údarú ó bhreitheamh:

> "(i) go scriosfaí na sonraí go hiomlán nó go páirteach nó go bhfágfaí iad gan a bheith ar fáil ar shlí eile, nó
>
> (ii) go gcuirfí slándáil an Stáit i mbaol."

4.39 Tá oibleagáid ar na hoifigigh uachtaracha taifead a ullmhú i scríbhinn agus an tuarascáil sin a chur faoi bhráid duine a bhfuil sinsearacht shonraithe aige nó aici san eagraíocht. Tá ceanglas ann freisin iarratas a dhéanamh chuig breitheamh údarúcháin ar dhearbhú an údaraithe. Sonraítear nach ndéanfar iarratas ar údarú chuig oifigeach uachtarach a raibh aon bhaint aige nó aici le bagairt nó bagairt thuarta ar shlándáil an stáit a imscrúdú, a bhrath nó a chosc, rud ba chúis leis an iarratas a dhéanamh, agus nach mbreithneoidh oifigeach uachtarach den sórt sin aon iarratas ná nach n-eiseoidh sé nó sí aon údarú. Is díol spéise é sin i gcomhthéacs na reachtaíochta eile lena rialáiltear úsáid cumhachtaí cunóracha, amhail Acht 2009. Is é an fonn atá ann freagairt don bhreith i gcás *Damache v an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* a spreag an fhoráil sin (agus forálacha comhchosúla, atá le fáil i roinnt áiteanna san Acht). Tá an cur chuige a glacadh ag teacht le hailtireacht an Achta um Cheartas Coiriúil (Barántais Chuardaigh), 2012, rud lena gceadaítear do cheannfoirt an Gharda Síochána agus d'oifigigh a bhfuil aicme níos airde acu barántais a eisiúint in imthosca práinne, ach nach bhféadfaidh siad déanamh amhlaidh ach amháin má tá siad neamhspleách ar an imscrúdú ar an gcion.

## Sonraí Foinse Idirlín a Rochtain

4.40 Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire iarratas a dhéanamh chuig breitheamh údarúcháin ar údarú faoin alt seo i gcás go mbeidh an comhalta den tuairim, maidir leis na sonraí foinse idirlín a ndéantar an t-iarratas i ndáil leo:

> "(a) go mbaineann siad le duine a bhfuil drochamhras ar an gcomhalta, ar fhorais réasúnacha—
>
> (i) go ndearna sé nó sí cion tromaí, nó
>
> (ii) go bhfuil sé nó sí ina bhagairt nó ina bagairt iarbhír nó fhéideartha ar shlándáil an Stáit,
>
> nó
>
> (b) gur gá iad a chaomhnú ar shlí eile—
>
> (i) chun cion tromaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh,
>
> (ii) chun slándáil an Stáit a shlánchoimeád,
>
> (iii) chun beatha nó sábháilteacht phearsanta duine a chosaint, in imthosca ina gcreideann an comhalta go bhfuil baol tromaí ann do bheatha nó sábháilteacht phearsanta an duine, nó
>
> (iv) chun a fháil amach cá bhfuil duine ar iarraidh."

4.41 Is féidir a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, i gcodarsnacht leis an alt a bhaineann le sonraí úsáideora, nach foláir an creideamh atá ag an gcomhalta den Gharda Síochána nó an t-amhras réasúnach atá air nó uirthi a bheith de shórt go bhfuil drochamhras ann go ndearna an duine cion tromaí.

4.42 Mar an gcéanna, i gcás Óglaigh na hÉireann, féadfaidh comhalta nach ísle céim ná ceannfort iarratas a dhéanamh chuig breitheamh údarúcháin ar údarú faoin alt seo i gcás go mbeidh an comhalta den tuairim, maidir leis na sonraí foinse idirlín a ndéantar an t-iarratas i ndáil leo:

> "(a) go mbaineann siad le duine a bhfuil drochamhras ar an gcomhalta, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil sé nó sí ina bhagairt nó ina bagairt iarbhír nó fhéideartha ar shlándáil an Stáit, nó
>
> (b) gur gá iad ar shlí eile chun slándáil an Stáit a shlánchoimeád."

4.43 Féadfaidh oifigigh do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí nach ísle céim ná príomhoifigeach cúnta iarratas a dhéanamh freisin. Féadfaidh an t-oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim déanamh amhlaidh i gcás go mbeidh sé nó sí den tuairim, maidir leis na sonraí foinse idirlín a ndéantar an t-iarratas i ndáil leo:

"(a) go mbaineann siad le duine a bhfuil drochamhras ar an oifigeach, ar fhorais réasúnacha, go ndearna sé nó sí cion ioncaim, nó

(b) gur gá iad a chaomhnú ar shlí eile chun cion ioncaim a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh."

4.44 Mar an gcéanna, ní foláir don oifigeach don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí a bheith den tuairim, maidir leis na sonraí foinse idirlín a ndéantar an t-iarratas i ndáil leo:

"(a) go mbaineann siad le duine a bhfuil drochamhras ar an oifigeach, ar fhorais réasúnacha, go ndearna sé nó sí cion iomaíochta, nó

(b) gur gá iad a chaomhnú ar shlí eile chun cion iomaíochta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh."

4.45 Sonraítear in alt 6C(6) nach bhféadfaidh an breitheamh údarúcháin údarú a eisiúint ach amháin más deimhin leis nó léi go bhfuil an critéar ar leith déanta amach agus gur gá eisiúint an údaraithe chun na críche a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh chuici, agus go bhfuil sí comhréireach léi.

4.46 Tá foráil in alt 6D maidir le húdaruithe chun nochtadh sonraí foinse idirlín a cheangal i gcásanna práinne. Baineann sé sin le hiarratais ó oifigigh nó ó chomhaltaí a bhfuil céim shonraithe acu chuig oifigeach sinsearach. Is é an rud is gá in iarratas den sórt sin ná go gcreideann an t-iarratasóir ar fhorais réasúnacha go bhfuil an bunús le hiarratas a dhéanamh chuig breitheamh údarúcháin i láthair, agus go gcreideann sé nó sí, sula bhféadfaí na sonraí foinse idirlín a fháil de bhun údarú breithiúnach, go scriosfaí na sonraí go hiomlán nó go páirteach nó go bhfágfaí iad gan a bheith ar fáil ar shlí eile agus go gcuirfí slándáil an Stáit i mbaol agus go gcuirfí bac ar chuspóir arb éard é cion tromaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, slándáil an Stáit a shlánchoimeád, beatha nó sábháilteacht phearsanta duine a chosaint, nó a fháil amach cá bhfuil duine ar iarraidh, nó cion ioncaim nó cion iomaíochta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

4.47 Tá forálacha mionsonraithe san Acht lena bhforchuirtear oibleagáidí ar an oifigeach uachtarach a ndéantar an t-iarratas chuige nó chuici taifead ar an údarú a chruthú agus, i gcás an Gharda Síochána, tuarascáil a chur faoi bhráid comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ard-cheannfort; i gcás Óglaigh na hÉireann, tuarascáil a chur faoi bhráid comhalta nach ísle céim ná coirnéal; i gcás na gCoimisinéirí Ioncaim, tuarascáil a chur faoi bhráid oifigeach nach ísle céim ná ard-rúnaí cúnta; agus, i gcás an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, tuarascáil a chur faoi bhráid duine a bhfuil an chéim mar chomhalta den Choimisiún aige nó aici.

4.48 Tá foráil ann freisin lena gceanglaítear ar an oifigeach uachtarach iarratas a dhéanamh chuig breitheamh údarúcháin ar dhearbhú a luaithe is féidir agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig.

4.49 Mar atá amhlaidh i gcás fhorálacha práinne shonraí Sceideal 2, sonraítear nach ndéanfar an t-iarratas ar údarú chuig oifigeach uachtarach a raibh baint aige nó aici roimhe seo leis an ní ba chúis leis an iarratas.

## Sonraí Láithreán Cille

4.50 Déantar foráil shonrach le halt 6E den Acht maidir leis an gceanglas sonraí suímh láithreán cille a nochtadh i gcásanna práinne. Foráiltear leis sin go bhféadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire iarratas a dhéanamh chuig oifigeach uachtarach ar údarú faoin alt seo i gcás go gcreidfidh an comhalta ar fhorais réasúnacha gur gá na sonraí suímh láithreán cille a ndearnadh an t-iarratas i ndáil leo:

"... (a) chun beatha nó sábháilteacht phearsanta duine a chosaint, in imthosca ina gcreideann an comhalta go bhfuil baol tromaí ann do bheatha nó sábháilteacht phearsanta an duine, nó

(b) chun a fháil amach cá bhfuil duine ar iarraidh.

(2) Ní eiseoidh oifigeach uachtarach a ndéanfar iarratas faoi fho-alt (1) chuige nó chuici údarú faoin alt seo ach amháin más deimhin leis nó léi—

(a) go bhfuil feidhm ag mír (a) nó (b) den fho-alt maidir leis na sonraí suímh láithreán cille lena mbaineann,

(b) gur gá eisiúint an údaraithe chun na gcríoch a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh chucu, agus go bhfuil sí comhréireach leo, agus tionchar nochtadh na sonraí suímh láithreán cille lena mbaineann de bhun an údaraithe ar chearta bunúsacha daoine aonair á chur san áireamh, agus

(c) go bhfágfadh na himthosca práinne is cúis leis an iarratas nach mbeadh sé indéanta iarracht a dhéanamh an cuspóir a shonraítear i mír (a) nó (b) d'fho-alt (1), de réir mar a bheidh, a bhaint amach faoi aon fhoráil eile den Acht seo."


4.51 D'ainneoin an mhínithe reachtúil ghinearálta ar oifigeach uachtarach a chiallaíonn, i gcás an Gharda Síochána, comhalta nach ísle céim ná ceannfort, is rud neamhghnách go gciallaíonn an míniú, chun críche an ailt seo, comhalta nach ísle céim ná cigire. Is cosúil gur cúis í sin leis an bhféidearthacht go ndéanfadh cigire iarratas chuig cigire eile. Is é mo thuiscint, áfach, go gcinntíonn na socruithe atá i bhfeidhm laistigh den Gharda Síochána, sa chleachtas, go ndéanann cigire iarratais chuig ceannfort i ngach cás.

4.52 Tá in alt 6E an coinníoll is coinníoll coitianta anois nach ndéanfar iarratas ar údarú chuig oifigeach uachtarach a raibh aon bhaint aige nó aici le gníomh a rinne an Garda Síochána mar fhreagairt do na himthosca ba chúis leis an iarratas a dhéanamh, agus nach mbreithneoidh oifigeach den sórt sin aon iarratas ná nach n-eiseoidh sé nó sí aon údarú.

4.53 Ní fhéadfar an t-iarratas a dhéanamh ach amháin nuair a chreideann an comhalta den Gharda Síochána gur gá na sonraí suímh láithreán cille chun beatha nó sábháilteacht phearsanta duine a chosaint, i gcás go gcreidfidh an comhalta go bhfuil baol tromaí ann do bheatha nó sábháilteacht phearsanta an duine, nó chun a fháil amach cá bhfuil duine ar iarraidh.

4.54 I bhfianaise na n-imthosca an-teoranta ina bhféadfar iarratais phráinneacha ar shonraí suímh láithreán cille a dhéanamh, nílim cinnte ar chor ar bith gur riachtanach nó cuí atá an fhoráil lena n-eisiatar oifigeach uachtarach a raibh baint aige nó aici roimhe seo leis an imscrúdú. I gcás gur le beatha nó sábháilteacht phearsanta duine a chosaint nó lena fháil amach cá bhfuil duine ar iarraidh a bhaineann an ní atá i gceist, ní bheadh sé neamhghnách ar chor ar bith go dtiocfadh sé sin chun cinn in imthosca práinne, agus go deimhin, in imthosca ríphráinne. Aithnítear san alt gur dóigh go mbeidh práinn ina gné de chásanna den sórt sin trí "oifigeach uachtarach" a mhíniú chun na críche sin mar chomhalta nach ísle céim ná cigire.

4.55 Creidim nach gcuireann eisiamh aon oifigeach uachtarach a raibh baint acu roimhe sin ach méid beag leis agus gur cúis é le castacht neamhriachtanach. Dá bhrí sin, molaim go ndéanfaí breithniú ar fhoráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón gceanglas sin.



## Orduithe Caomhnaithe agus Orduithe chun Fianaise a Thabhairt ar Aird

4.56 Gné shuntasach den reachtaíocht is ea go bhforáiltear léi maidir le dhá chineál nua orduithe dlí a chruthú, eadhon, orduithe caomhnaithe agus orduithe chun fianaise a thabhairt ar aird. I gcás an dá ordú nua sin, is amhlaidh, mar a chonaiceamar in áit eile, is é an norm go ndéantar iarratas chuig breitheamh údarúcháin, agus forálacha déanta maidir le cásanna práinne trí orduithe caomhnaithe sealadacha agus trí orduithe sealadacha chun fianaise a thabhairt ar aird.

4.57 Tuairiscíodh an t-ordú caomhnaithe mar “reo tapa”.[45] Is fiú a thabhairt faoi deara nach réamhchoinníoll riachtanach le haghaidh ordú chun fianaise a thabhairt ar aird é ordú caomhnaithe.

4.58 Is í an chríoch ar chuici a iarrtar an t-ordú caomhnaithe nó an t-ordú chun fianaise a thabhairt ar aird an rud ar ina fhianaise a chinnfear cé na sonraí ar féidir leo a bheith ina n-ábhar don ordú. I gcás go n-iarrfar rochtain ar na sonraí ar fhorais go gcreideann an duine atá ag déanamh an iarratais go mbaineann na sonraí le duine a bhfuil drochamhras ar an gcomhalta, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil sé nó sí ina bhagairt nó ina bagairt iarbhír nó fhéideartha ar shlándáil an Stáit, nó gur gá iad a chaomhnú ar shlí eile chun slándáil an Stáit a shlánchoimeád, áireofar leis na sonraí sin sonraí a stóráiltear, a choimeádtar nó atá i seilbh soláthraí seirbhíse nó atá faoina rialú ar shlí eile faoi oibleagáid chonartha, nó de bhun ordú cúirte, lena n-áirítear ordú faoi alt 3A nó ordú caomhnaithe faoi fho-alt (4).

4.59 Ar an taobh eile, má iarrtar na sonraí chun críocha eile, ansin áirítear leis na sonraí ar féidir rochtain a fháil orthu sonraí a stóráiltear, a choimeádtar nó atá i seilbh soláthraí seirbhíse nó atá faoina rialú ar shlí eile faoi oibleagáid chonartha nó de bhun ordú cúirte seachas ordú faoi alt 3A nó ordú caomhnaithe faoi fho-alt (4). Is é an pointe ríthábhachtach anseo ná nach mbeidh sonraí ar cuireadh oibleagáid ar na soláthraithe seirbhíse iad a choimeád de bharr ordú alt 3A ina n-ábhar d’ordú caomhnaithe ná d’ordú chun fianaise a thabhairt ar aird a iarrtar ar chúiseanna seachas slándáil an Stáit, nó, chun é sin a rá ar bhealach beagáinín difriúil, gur féidir le sonraí atá ann de bharr ordú alt 3A a bheith ann a bheith ina n-ábhar d’ordú caomhnaithe nó d’ordú chun fianaise a thabhairt ar aird ar fhorais slándála náisiúnta de bhun alt 6A, ach nach mbeidh siad faoi réir ordú a ndéantar iarratas air ar aon fhoras eile.

## Tagairt Shainráite do Fiosrú a bheith in Easnamh

4.60 Ní dhéantar aon tagairt shonrach san Acht do Fiosrú ná don Ombudsman Póilíneachta. Ar roinnt leibhéal, d’fhéadfaí a mheas gur ábhar iontais é sin nó gur ábhar míshásaimh é, fiú. Tá sé amhlaidh go bhfuil stair fhada gníomhaíochta ag Fiosrú agus ag a réamhtheachtaí faoi Acht 2011. Sna himthosca sin, bheifí ag súil, i bhfianaise chineál cunórach na gcumhachtaí a ndéantar foráil maidir leo sa réimse sin, go mbeadh soiléire iomlán ann maidir le cé na comhlachtaí atá ag feidhmiú cumhachtaí. Méadaítear an t-ionchas ginearálta sin nuair a chuirtear san áireamh go ndéantar tagairt shonrach sa reachtaíocht lena rialáiltear cumhachtaí cunóracha i réimsí eile (tascradh dleathach agus faireachas dleathach) do ról don Ombudsman Póilíneachta.

4.61 Tá sé thar a bheith deacair a thuiscint cén fáth nach bhfuil aon tagairt shainráite ann don Ombudsman Póilíneachta nó do Fhiosrú, i bhfianaise gur pléadh an tsaincheist go díreach sa tuarascáil ó John Murray nach maireann, iarPhríomh-Bhreitheamh, i mí Aibreáin 2017. Ag mír 372, luaigh sé:

> “...tá gá soiléir ann le tuilleadh soiléire agus cinnteachta i dtaca le teideal Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána chun iarrataí ar nochtadh a dhéanamh de bhun alt 6 d’Acht 2011. Mar a cuireadh in iúl cheana, i bhfianaise a chunóraí atá córas coimeádta agus nochta sonraí, agus i bhfianaise na mbagairtí gaolmhara a bhaineann leis do chearta bunúsacha na ndaoine a mbíonn tionchar ag a oibriú orthu, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí foráil shainráite maidir le gach bealach rochtana ar shonraí príobháideacha faoi chuimsiú chreat an achtacháin rialaithe sa réimse. Go hachomair, ba cheart an t-achtachán rialaithe a bheith ag cloí le prionsabal na dlíthiúlachta nó an ráitis shoiléir, agus ba cheart scaipeadh reachtach sa ní arb é rochtain a sheachaint ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile. Go simplí, ba cheart na comhlachtaí atá i dteideal iarrataí ar nochtadh a eisiúint a shonrú sa phríomhachtachán; agus, dá bhrí sin, ba cheart an liosta comhlachtaí a shonraítear amhlaidh a bheith uileghabhálach.”[46]

45. Féach an ráiteas ón Aire Dlí agus Cirt ag an am: “Minister McEntee commences Act to facilitate retention of data to protect national security and tackle serious crime”, 6 Meitheamh 2023 [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

46. Chun dearcadh comhchosúil a fháil, féach an t-alt ó Shane Kilcommins agus Eimear Spain dar teideal “GSOC, the Legislative Process and the Privacy Rights of Citizens” (2017) 27 (4) *Irish Criminal Law Journal* 145. Dréacht ar fáil ag https://papers.ssrn.com/sol3/papers.cfm?abstract_id=3600698 [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].



4.62 Sa *Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Réamhreachtach ar an mBille Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2017*, ón gComhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas, tagraíodh don fhíoras go ndearnadh tagairt shonrach do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána i dteideal 5 den Bhille, a bhí faoi bhreithniú ag an am. Ar leathanach 5 den tuarascáil, thagair an Coiste don cháineadh ar an easpa comhleanúnachais agus soiléire sa dlí um choimeád sonraí ag an am sin, rud a tuairiscíodh i dTuarascáil Murray mar "scaipeadh reachtach". Luaigh an Coiste, le sásamh, más fíor, gur tugadh aghaidh le roinnt teideal den Bhille a bhí faoi bhreithniú ar an gcáineadh agus gur cumhdaíodh leo go sainráite Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an dóigh a bhféadfadh sé sonraí coimeádta a iarraidh agus a úsáid.

4.63 Míníodh i dTuarascáil Murray go raibh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána ag brath ar alt 98(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, lena bhforáiltear mar a leanas:

> "Má ordaíonn an Coimisiún Ombudsman d'oifigeach ainmnithe faoi alt 91(2)(b), 92(c), 94(8)(a) nó 94(11)(b) gearán a imscrúdú faoin alt seo, beidh ag an oifigeach ainmnithe sin, i ndáil leis an gcomhalta den Gharda Síochána atá á imscrúdú nó á himscrúdú, chun críocha an imscrúdaithe, na cumhachtaí, na díolúintí agus na pribhléidí uile a thugtar d'aon chomhalta den Gharda Síochána agus na dualgais uile a fhorchuirtear ar aon chomhalta den sórt sin le haon achtachán nó faoi aon achtachán nó leis an dlí coiteann nó faoin dlí coiteann, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
>
> (a) dul isteach in aon áit agus cuardach a dhéanamh uirthi (seachas stáisiún Garda Síochána) de bhua barántais arna eisiúint de réir dlí agus rudaí a urghabháil de réir mar a bheidh údaraithe leis an mbarántas;
>
> (b) duine a ghabháil, le barántas nó gan bharántas;
>
> (c) cúiseamh a thionscnamh in aghaidh duine;
>
> (d) toghairm a eisiúint chuig duine;
>
> (e) cuardach a dhéanamh ar dhuine agus a ghrianghraf nó a grianghraf, a mhéarloirg nó a méarloirg agus loirg a dhearnan nó loirg a dearnan a thógáil;
>
> (f) duine a choinneáil agus a cheistiú;
>
> (g) samplaí colainne nó rudaí eile a thógáil ó dhuine chun críche tástála dlí-eolaíochta."

4.64 Tar éis dó an fo-alt a lua, cuireann an t-iarPhríomh-Bhreitheamh in iúl go sonraítear nithe áirithe ina dhiaidh sin san fho-alt, nach dtagraíonn ceann ar bith díobh go sonrach do chumhacht chun sonraí coinnithe a rochtain. Is é alt 209 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, an fhoráil reachtúil reatha inchomparáide. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé, bíodh is go mb'fhéidir go mbeadh athrá ann, is fiú an t-alt sin a lua ina iomláine:

"(1) I gcás go gceapfar oifigeach sainainmnithe faoi *alt 208(1)* chun imscrúdú a ghabháil de láimh, beidh ag aon oifigeach sainainmnithe, d'fhonn an t-imscrúdú lena mbaineann a ghabháil de láimh, nó d'fhonn cabhrú leis an imscrúdú lena mbaineann, agus chun críoch aon nithe atá coimhdeach nó iarmhartach maidir le himscrúdú den sórt sin, na cumhachtaí, na díolúintí agus na pribhléidí go léir a thugtar d'aon chomhalta den Gharda Síochána, agus beidh air nó uirthi na dualgais go léir a fhorchuirtear ar aon chomhalta den Gharda Síochána, le haon achtachán nó faoi aon achtachán nó leis an dlí coiteann nó faoin dlí coiteann, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) dul isteach in aon áit agus cuardach a dhéanamh ar aon áit (seachas áitreabh Garda Síochána) de bhun barántas arna eisiúint de réir dlí agus rudaí a urghabháil de réir mar a bheidh údaraithe leis an mbarántas;

(b) duine a ghabháil, le barántas nó gan bharántas;

(c) cúiseamh a thionscnamh in aghaidh duine;

(d) toghairm a eisiúint chuig duine;

(e) cuardach a dhéanamh ar dhuine agus a ghrianghraf nó a grianghraf, a mhéarloirg nó a méarloirg agus loirg a dhearnan nó loirg a dearnan a thógáil;

(f) duine a choinneáil agus a cheistiú;

(g) samplaí colainne nó rudaí eile a thógáil ó dhuine chun críche tástála dlí-eolaíochta.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, aon achtachán lena dtugtar cumhacht, díolúine nó pribhléid do chomhalta den Gharda Síochána nó lena bhforchuirtear dualgas air nó uirthi i ndáil le haon cheann de na nithe atá sonraithe san fho-alt sin, beidh feidhm aige fairis na modhnuithe seo a leanas agus fara aon mhodhnuithe eile is gá:

(a) faoi réir *mhír (c)*, déanfar tagairt san achtachán do chomhalta den Gharda Síochána a fhorléiriú mar thagairt d'oifigeach sainainmnithe;

(b) déanfar tagairt in alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984, nó i Rialacháin 1987 do chomhalta atá i gceannas ar stáisiún Garda Síochána a fhorléiriú mar thagairt d'oifigeach sainainmnithe;

(c) déanfar tagairt san achtachán do chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire a fhorléiriú mar thagairt d'oifigeach sainainmnithe sinsearach.

(3) Aon duine a chuirfidh moill nó cosc ar oifigeach sainainmnithe, nó a chuirfidh isteach air nó uirthi, le linn dó nó di na cumhachtaí a thugtar faoi *fho-alt (1)* a fheidhmiú nó le linn dó nó di na dualgais a fhorchuirtear faoi *fho-alt (1)* a chomhall, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) San alt seo—

ciallaíonn "achtachán" reacht nó ionstraim reachtúil, cibé acu a ritheadh nó a rinneadh é nó í roimh an Acht seo nó aon chuid de reacht nó d'ionstraim reachtúil den sórt sin a rith nó dá éis sin, ach ní fholaíonn sé aon fhoráil de na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998."

4.65 D'fhéadfadh go mbeadh sé ceaptha go raibh tábhacht ar leith ag barúlacha an Phríomh-Bhreithimh Murray ós rud é gur spreagadh an t-athbhreithniú a bhí á dhéanamh aige le himní an phobail tar éis do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a bheith ag brath ar alt 6 d'Acht 2011 chun rochtain a fháil ar thaifid teileafóin iriseoirí.

4.66 Bhí an chuma air go raibh amhras éigin ar an iarPhríomh-Bhreitheamh faoina chruinne a bhí an léiriú ar alt 98(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, agus an méid seo a leanas luaite aige ag mír 371 dá thuarascáil: "d'ainneoin léiriú Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána go bhfuil a mhalairt fíor, ní follasach gur gá go gciallaíonn téarmaí alt 98(2)(c) na cumhachtaí atá curtha in áirithe d'oifigeach don Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort, arb é an t-ainmniú atá in alt 6 d'Acht 2011 é."

4.67 Aontaím leis an méid a luadh faoin staid gan a bheith follasach, ach táim sásta glacadh leis gur dóigh gur léiriú ceart é an léiriú atá ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus ag a chomharba. Táim den tuairim, áfach, gurb é an léiriú sin is cúis le roinnt neamhréireanna.

4.68 Le reacht, tá céim atá coibhéiseach le céim "nach ísle ná cigire" ag oifigeach ainmnithe sinsearach. Samhlaítear i reachtaíocht na bliana 2011 ócáidí ina ndéanann duine a bhfuil céim ar leith aige nó aici iarratas chuig duine a bhfuil céim níos airde aige nó aici. Mar shampla amháin de na samplaí iomadúla atá ar fáil, pléitear le halt 6B d'Acht 2011 le cás ina bhféadfadh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire iarratas a dhéanamh chuig oifigeach uachtarach ar údarú chun nochtadh shonraí Sceideal 2 a cheangal i gcásanna práinne.

4.69 Má táthar chun céimeanna laistigh de Fiosrú a dhéanamh comhionann le céimeanna an Gharda Síochána, d'fhéadfadh sé sin a fhágáil go ndéanfadh oifigeach ainmnithe sinsearach iarratas chuig oifigeach ainmnithe sinsearach eile a bhfuil an chéim chéanna aige nó aici. Is é mo thuiscint go bhfuil socruithe i bhfeidhm go hinmheánach laistigh de Fiosrú a fhágann go ndéanann oifigeach ainmnithe sinsearach iarratas chuig duine atá, i ndáiríre, níos sinsearaí ó thaobh céime de ná mar atá an duine atá ag déanamh an iarratais. B'fhéidir nach bhfuil an neamhréir dhealraitheach chomh suntasach sa chleachtas agus a dhealródh sí ar an gcúis sin. Chomh maith leis sin, mar a luadh, níl an neamhréir uathúil sa mhéid is go bhfuil an chuma ar an scéal go samhlaítear in Acht 2011 cás ina bhféadfadh cigire den Gharda Síochána iarratas a dhéanamh chuig cigire eile chun nochtadh sonraí suímh láithreán cille a cheadú i gcásanna práinne (alt 6E).

4.70 Tagann neamhréir eile chun cinn i ndáil leis na forálacha reachtúla maidir le taifead staitistiúil a chruthú ar choimeád sonraí agus ar rochtain ar shonraí. Le halt 9, pléitear le hullmhú tuarascálacha ag Coimisinéir an Gharda, ag an gCeann Foirne, ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Ansin, tar éis don Aire iomchuí athbhreithniú a dhéanamh orthu, ceanglaítear tuarascálacha atá ullmhaithe agus curtha isteach a chur ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, a gceanglaítear air nó uirthi tuarascáil chomhdhlúite a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Níl aon tagairt san alt sin do Fiosrú, rud a fhágann nach lánchuimsitheach a bheadh aon tuarascáil a d'ullmhófaí go docht de réir na forála reachtúla sin. Is beag tábhacht phraiticiúil atá leis sin i ndáiríre toisc nach gcomhlíonann an Coimisiún Eorpach a thuilleadh an ról a tugadh dó faoin Treoir maidir le Sonraí a Choimeád sular cuireadh ar ceal í.

4.71 Má ghlactar an dearcadh, rud atá amhlaidh i ndáiríre, dar liom, gur cheart don Ombudsman Póilíneachta na cumhachtaí céanna a bheith ar fáil dise sa réimse sin agus atá ar fáil don Gharda Síochána, ba cheart foráil shonrach agus dhíreach a dhéanamh maidir leis sin le reacht. Molaim go bhfaighfí bealach oiriúnach chun reachtaíocht a achtú go luath ina leith sin.

## Cuairteanna Athbhreithnithe

4.72 Le linn gach babhta cuairteanna athbhreithnithe, bhí mé i dteagmháil leo siúd go léir a bhí ag feidhmiú cumhachtaí cunóracha faoin Acht.

### An Garda Síochána

4.73 I gcás an Gharda Síochána, b'amhlaidh, le linn an chéad bhabhta, a bhí dhá chruinniú agam i ndáiríre maidir le coimeád sonraí, toisc gur iarr mé tuilleadh soiléirithe ar phointí nós imeachta agus teicniúla ar leith. Rinneadh an cruinniú breise leis na hoifigigh a raibh baint dhíreach acu leis an scéal a eagrú go han-tapa, agus tugadh freagraí ar mo chuid ceisteanna go léir ar bhealach cuimsitheach.

4.74 Le linn cuairt ina dhiaidh sin, tarraingíodh m'aird ar dhá ócáid ar ar sainaithníodh earráidí. Rinneadh earráid amháin i ndáil le digit amháin i seoladh PI 11 digit, rud a bhí ina ábhar d'iarraidh ar shonraí foinse idirlín. Ba é an soláthraí seirbhíse a thug an earráid faoi deara, agus tharraing sé aird an Gharda Síochána ar an ní.

4.75 Bhí an dara hearráid den chineál céanna. D'iarr imscrúdaitheoir sonraí úsáideora le haghaidh fón póca ar leith agus bhí earráid ann i ndáil le digit amháin, áit a raibh mearbhall ann idir uimhir 1 agus uimhir 7. Sa chás sin, ba é an t-imscrúdaitheoir a shainaithin an earráid, agus ní dhearnadh aon ghníomh de bhun na dtorthaí a tugadh ar ais ar dtús.

4.76 Sna cásanna sin, níor eascair aon iarmhairtí iarbhír as na hearráidí. Mar sin féin, tá seans ann fós gurb amhlaidh, i gcás eile, a d'fhéadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith ag earráid den sórt sin. Ar an gcúis sin, d'iarr mé ar gach comhlacht údaraithe m'aird a tharraingt ar aon earráid gan mhoill a luaithe a shainaithnítear í. Is cleachtas é sin a d'fhéadfaí a chur ar bhonn reachtúil amach anseo dá mbeadh sé tairbheach.

## Óglaigh na hÉireann

4.77 Mar a cuireadh in iúl, thug IMIS cuntas mionsonraithe ar an dóigh ar úsáideadh an chumhacht sin agus cumhachtaí cunóracha eile i gcásanna ar leith agus cé na torthaí a baineadh amach. A bhuí leis an láithreoireacht sin, agus le m'athbhreithniú ar chomhaid aonair iomchuí, ba dheimhin liom go bhfuil an reachtaíocht á húsáid le srianadh agus ar bhealach freagrach. Is léir go bhfuil luach leis an reachtaíocht d'Óglaigh na hÉireann de réir mar a thugann siad faoina gcuid oibre.

## Na Coimisinéirí Ioncaim

4.78 Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, níor fheidhmigh na Coimisinéirí Ioncaim aon cheann dá gcumhachtaí faoin Acht.

## Fiosrú

4.79 Ag mo chruinnithe le Fiosrú, rith sé liom cé chomh dáiríre agus a bhí daoine sinsearacha ansin faoi fheidhmiú na gcumhachtaí reachtúla. D'fhreastail an tOmbudsman nó an Leas-Ombudsman ar na cruinnithe ina n-iomláine nó ar chuid díobh, mar aon leis na hoifigigh shinsearacha a raibh freagracht dhíreach orthu sa réimse.

4.80 Déantar athbhreithniú ar aon togra chun cumhachtaí reachtúla a fheidhmiú ag roinnt leibhéil dhifriúla san eagraíocht. Déantar é a bhreithniú ag leibhéal an imscrúdaitheora, ag leibhéal an imscrúdaitheora shinsearaigh, ag leibhéal cheann an Aonaid Imscrúduithe Digiteacha agus ag leibhéal an Leas-Stiúrthóra. Míníodh dom go nglactar leis an dearcadh laistigh den eagraíocht gur fearr iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt, fiú i gcásanna inar féidir faoin reachtaíocht dul ar aghaidh gan aon ghá a bheith ann le hiarratas a dhéanamh chuig an gcúirt.

## An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

4.81 Mar a cuireadh in iúl cheana, níor fheidhmigh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí aon chumhachtaí reachtúla faoi dheireadh na bliana. Bhí ár gcruinnithe réamhbhreathnaitheach, agus díriú á leagan iontu ar phlé a dhéanamh ar na cineálacha ócáidí ar samhlaíodh go bhféadfaí dul i muinín na gcumhachtaí reachtúla iontu amach anseo agus ar na nósanna imeachta a leanfaí sna cásanna sin.

# Minicíocht Úsáide Cumhachtaí Reachtúla

## Staitisticí

4.82 Idir an 2 Aibreán agus an 31 Nollaig 2025, d'fheidhmigh na gníomhaireachtaí go léir a raibh cumhachtaí reachtúla acu na cumhachtaí sin, cé is moite de na Coimisinéirí Ioncaim agus den Choimisiún um Chosaint Tomhaltóirí agus Iomaíochta.

4.83 I gcás an Gharda Síochána, b'amhlaidh, le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, a bhí 1292 iarraidh ar shonraí úsáideora, 403 iarraidh ar shonraí foinse idirlín agus 32 iarraidh ar shonraí suímh láithreán cille ann i gcásanna práinne. Iarradh naoi n-ordú caomhnaithe faoi alt 7A agus iarradh 116 ordú chun fianaise a thabhairt ar aird faoi alt 7C. Don tréimhse chéanna sa bhliain 2024, bhí 944 iarraidh ar shonraí úsáideora, 659 n-iarraidh ar shonraí foinse idirlín agus 58 n-iarraidh ar shonraí suímh láithreán cille ann i gcásanna práinne. Iarradh ordú caomhnaithe amháin faoi alt 7A agus iarradh 73 ordú chun fianaise a thabhairt ar aird faoi alt 7C.

4.84 Rinne Óglaigh na hÉireann 83 iarraidh ar shonraí úsáideora le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú. Don tréimhse chéanna sa bhliain 2024, bhí 30 iarraidh ann.

4.85 Rinne Fiosrú 27 n-iarraidh ar shonraí úsáideora agus dhá iarratas ar orduithe chun fianaise a thabhairt ar aird.

4.86 I gcomhthéacsanna eile, chuir mé an pointe in iúl gur gá caitheamh go cúramach le staitisticí sa réimse sin toisc go bhféadfadh roinnt iarrataí a bheith ann i ndáil leis an aon duine amháin, bíodh sé sin toisc go gcreidtear go n-úsáideann an duine sin níos mó ná fón amháin nó go mbogann sé nó sí idir líonraí, nó toisc go bhfuil éiginnteacht ann faoin líonra a bhfuil sé nó sí air.

# Barúlacha maidir le hAcht 2011

## Coimeád Sonraí le haghaidh Imscrúdú Coiriúil

4.87 Gné shuntasach den reachtaíocht is ea nach bhfuil aon oibleagáid ghinearálta ann sonraí a choimeád chun críche rochtana le linn imscrúduithe ar choireacht thromchúiseach. Tá tuairisc tugtha thuas ar an dóigh ar tharla sé sin, agus is é fírinne an scéil nach bhfuil mórán is féidir leis an rialtas ná leis an Oireachtas a dhéanamh faoi, seachas tathant a dhéanamh ar son athruithe ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, ach níl an scéal sásúil i mo thuairimse. Le linn a bhreithiúnais i gcás *Graham Dwyer*, agus é ag easaontú lena chomhghleacaithe nuair a chinn siad tagairt a dhéanamh do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, leag an Breitheamh Charleton béim ar a thábhachtaí atá fianaise meiteashonraí i dtrialacha a d'eascair as dúnmharú Veronica Guerin agus as buamáil na hÓmaí. Má shamhlaíonn duine staid a thiocfadh chun cinn sa todhchaí a bheadh ag teacht leis an méid a tharla i gcás Graham Dwyer, áit nárbh eol go ndearnadh coir thromaí ach i bhfad tar éis an choir a bheith déanta i ndáiríre, is féidir a fheiceáil láithreach cé chomh mór faoi mhíbhuntáiste agus a bheadh imscrúdaitheoirí coiriúla.

4.88 Ós rud é nach féidir a cheangal ar sholáthraithe seirbhíse sonraí tráchta agus suímh a choimeád chun go mbeadh siad ar fáil le haghaidh imscrúdú coiriúil, cuireann sé sin brú ar imscrúdaitheoirí iarrataí a dhéanamh ag an gcéim is luaithe is féidir nuair atá dóchas ann fós go mbeidh sonraí ann ar féidir rochtain a fháil orthu trí orduithe caomhnaithe agus trí orduithe chun fianaise a thabhairt ar aird.

4.89 Is iarrachtaí measúla iad na hiarrachtaí atá déanta ag an nGarda Síochána, go háirithe, maidir leis an leas is fearr a bhaint as droch-chás. Is eol dom gur sheol comhaltaí den rannóg Slándála agus Faisnéise atá ag obair sa réimse feachtas inmheánach leathan faisnéise, agus díriú á leagan ar imscrúdaitheoirí d'fhonn an teachtaireacht a chur in iúl go bhféadfadh cásanna a bheith ann fós inar féidir torthaí fiúntacha a bhaint amach. Chun go dtarlódh sé sin, áfach, tá sé ríthábhachtach go sainaithneofaí an gá atá le rochtain a fháil ar shonraí ag an gcéim is luaithe is féidir agus go ngníomhófaí dá bhun sin ina dhiaidh sin.

## Neamhspleáchas na nOifigeach Sinsearach a Fhaigheann Iarratais ar Shonraí Láithreán Cille

4.90 Tá coinníoll ann i roinnt áiteanna sa reachtaíocht gurb amhlaidh, cibé uair a dhéantar iarratas chuig oifigeach uachtarach, nach ceadmhach don oifigeach uachtarach sin aon bhaint leis an ní a bheith aige nó aici roimhe sin.

4.91 I gcás iarratais ar shonraí suímh láithreán cille chun beatha nó sábháilteacht phearsanta duine a chosaint, i gcás go gcreidfidh an comhalta go bhfuil baol tromaí ann do bheatha nó sábháilteacht phearsanta an duine, nó chun a fháil amach cá bhfuil duine ar iarraidh, creidim nach gcuireann eisiamh aon oifigeach uachtarach a raibh baint acu roimhe sin ach méid beag leis agus gur cúis é le castacht neamhriachtanach. Dá bhrí sin, molaim go ndéanfaí breithniú ar fhoráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón gceanglas sin sna cásanna sin.

# ACHOIMRE AR MHOLTAÍ – ACHT 2011

- Foráil shainráite agus dhíreach a dhéanamh i reacht maidir le cumhachtaí faoin Acht seo don Ombudsman Póilíneachta.

- Breithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón gceanglas nach bhféadfaidh oifigeach sinsearach a raibh baint aige nó aici roimhe sin údaruithe le haghaidh sonraí láithreán cille a dhéanamh chun beatha nó sábháilteacht phearsanta duine a chosaint nó chun a fháil amach cá bhfuil duine ar iarraidh.

5

# An Bhliain atá Romhainn

## Catagóirí lena mBaineann Íogaireacht ar Leith

5.1 Foilsíodh Tuarascáil McCullough[47] i mí Mheán Fómhair 2025 agus rinneadh í i gcomhthéacs na n-ábhar imní faoi fhaireachas ar iriseoirí agus ar dhlíodóirí ag Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann. Tar éis dom an tuarascáil a léamh, ina bhfuarthas amach nach raibh aon fhianaise ann ar fhaireachas sistéamach agus forleathan, ach inar tuairiscíodh cásanna ina ndearna na póilíní gníomhaíocht lenar bhain ábhair imní, rinne mé cinneadh an topaic a tharraingt anuas le gach ceann de na comhlachtaí a bhí ag feidhmiú cumhachtaí cunóracha.

5.2 Go sonrach, d'iarr mé ar gach comhlacht a bhreithniú an raibh a bpróiseas iarratais ag léiriú an aitheantais don íogaireacht bhreise atá i gceist le cásanna ina bhféadfadh catagóirí pribhléide a bheith ann. Áirítear leo sin cásanna inar dhóigh go mbeadh impleachtaí ag an ngníomh atá beartaithe do phribhléid ghairmiúil dlí, do phribhléid iriseoireachta nó do réimsí eile a bhfuil íogaireacht ar leith ag baint leo, amhail comhaltas den Oireachtas. I gcásanna den sórt sin, ar dóigh go mbeidh siad neamhchoitianta, ba cheart breithniú sonrach a dhéanamh ag leibhéal atá ard go cuí ar an gceist i dtaobh an bhfuil an gníomh atá beartaithe cuí agus comhréireach fós.

5.3 Ba é mo mholadh do na comhlachtaí údaraithe ná na nithe seo a leanas a chur ar áireamh agus a thaifeadadh go sonrach ina ndoiciméid inmheánacha nós imeachta:

- an mbaineann íogaireachtaí ar leith le feidhmiú na gcumhachtaí cunóracha i ngach iarratas, agus
- má tá íogaireachtaí nó catagóirí pribhléide den sórt sin ann, an ndearnadh breithniú cuí agus comhréireacht an iarratais á measúnú.

Ghlac na comhlachtaí iomchuí go léir go mór leis an moladh sin.

5.4 Ba cheart dom a shoiléiriú nach raibh mo chinneadh chun an topaic a tharraingt anuas bunaithe ar aon ábhar imní gur feidhmíodh cumhachtaí reachtúla go míchuí. Ina áit sin, chreid mé gur choimirce fhiúntach a bheadh i mbreithniú ar chatagóirí lena mbaineann íogaireacht ar leith a leabú isteach sa phróiseas iarratais inmheánach caighdeánach agus a bheadh ina thaifeadadh gur tugadh aghaidh ar an tsaincheist ar bhealach sásúil.

5.5 Beidh mo chéad bhabhta eile cuairteanna athbhreithnithe lena gcumhdófar an chéad ráithe den bhliain 2026 ar siúl thar an gCáisc agus cuirfidh mé é sin leis mar mhír atá le plé ag na cruinnithe sin.

47. Ar fáil ag https://www.psni.police.uk/sites/default/files/2025-09/The%20McCullough%20Review.pdf [arna rochtain go deireanach an 18 Márta 2026].

## Tuarascálacha

5.6 Thar na míonna amach romhainn, déanfar tuilleadh oibre ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005, agus ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, d'fhonn tuairisciú ar na píosaí reachtaíochta sin mar chuid de mo chéad tuarascáil bhliantúil eile.

5.7 Tosóidh mé ag obair ar an Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939, freisin, ach, in imthosca ina raibh sé ina ábhar d'athbhreithniú le déanaí, dá bhfuil an t-ábhar á bhreithniú ag leibhéal an rialtais, níl sé de rún agam faoi láthair tuairisciú air i gcúrsa na chéad tuarascála bliantúla eile.

## Caidreamh

5.8 Thar na míonna amach romhainn, i gcomhthéacs fhorbairt ár Ráitis Straitéise agus ár gcláir oibre níos leithne freisin, leathnóidh mé teagmháil leis an tsochaí shibhialta, le soláthraithe seirbhíse agus le geallsealbhóirí eile, go háirithe iad siúd a bhfuil saineolas seanbhunaithe acu ar an réimse, agus iarrfaidh mé a dtuairimí.

## Spiaireacht

5.9 Tá sé de rún agam freisin sa ghearrthéarma forbhreathnú a dhéanamh ar ár reachtaíocht spiaireachta atá ann cheana chun a fháil amach an bhfuil gá le hathbhreithniú iomlán. Tá fonn orm é sin a dhéanamh toisc gur breis agus 60 bliain ó shin a ullmhaíodh ár bpríomhreachtaíocht sa réimse sin, mar atá an tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963, agus toisc gurb eol dom go ndearna roinnt tíortha eile, lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe agus an Astráil, athbhreithnithe le déanaí a ndearnadh leasú reachtach mar thoradh orthu.

# ACHOIMRE AR MHOLTAÍ

## An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993

- Forbairt a dhéanamh ar bhonn reachtach le cumarsáidí digiteacha nua-aimseartha a thascradh agus a rochtain.
- Forbairt a dhéanamh ar bhonn reachtach le rochtain dhleathach ar gach cineál cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáidí criptithe, agus coimircí cuí á gcur ar áireamh ann.
- Foráil a dhéanamh maidir le stóráil dhaingean agus le rochtain dhaingean in aon reachtaíocht leasaitheach nó nua.
- Forbairt a dhéanamh ar bhonn reachtach le húsáid a bhaint as trealamh leictreonach scanta ar féidir leis sonraí aitheantóra ó fheistí soghluaiste a aimsiú agus a thaifeadadh.
- Raon feidhme an tascartha poist a leathnú chun seirbhísí seachadta agus cúiréireachta atá de bhreis ar An Post a chur ar áireamh.
- Nós imeachta brostaithe a fhorbairt chun foráil a dhéanamh maidir le cásanna práinne.
- Aghaidh a thabhairt ar an ngá dealraitheach atá le síniú fisiciúil a fháil ó Choimisinéir an Gharda.
- Scrúdú a dhéanamh ar shamhlacha féideartha le haghaidh réamhúdarú breithiúnach a dhéanamh ar iarratais ar thascradh.

## An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009

- Foráil a dhéanamh maidir le húdarú feistí rianúcháin ag oifigigh uachtaracha ar bhonn gearrthéarmach, agus ceanglas ann dearbhú breithiúnach a lorg.
- Ceanglas reachtach a thabhairt isteach maidir le hoifigigh shinsearacha a údaraíonn iarratais phráinneacha ar fhaireachas nó iarratais ar fheistí rianúcháin a bheith neamhspleách ar an imscrúdú nó ar an oibríocht.
- Aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist arb éard í úsáid feistí rianúcháin tar éis tréimhse faireacháin ceithre mhí.
- Breithniú a dhéanamh ar fhoráil a dhéanamh maidir le tréimhsí coimeádta níos faide i gcás ábhar faireachais, agus srianta rochtana atá docht go cuí ann.
- Foráil a dhéanamh le hordú ón Aire maidir le stóráil dhaingean chuí agus le srianadh ar rochtain ar ábhar faireachais.

## An tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011

- Foráil shainráite agus dhíreach a dhéanamh i reacht maidir le cumhachtaí faoin Acht seo don Ombudsman Póilíneachta.
- Breithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón gceanglas nach bhféadfaidh oifigeach sinsearach a raibh baint aige nó aici roimhe sin údaruithe le haghaidh sonraí láithreán cille a dhéanamh chun beatha nó sábháilteacht phearsanta duine a chosaint nó chun a fháil amach cá bhfuil duine ar iarraidh.

# CUID 3

## Cultúr agus Rialachas



# 6

# Cultúr agus Iompraíochtaí

## Misean agus Luachanna

6.1 Tá an cultúr in oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála bunaithe ar ár misean agus ar ár luachanna comhroinnte, a forbraíodh i seisiúin ceardlainne foirne uile. Leis na pléití idirghníomhacha sin, cabhraíodh le gach ball foirne iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmeanna na heagraíochta agus tuiscint shoiléir a fháil orthu, agus teacht ar chomhaontú ar ár dtosaíochtaí agus muid ag comhlíonadh ár sainordaithe ar bhealach freagrach agus measúil.

### ÁR MISEAN

**Is é ár misean tacú le slándáil an Stáit a chosaint trí fhormhaoirsiú neamhspleách ar an reachtaíocht slándála.**

**Cuirfimid muinín an phobail as an reachtaíocht slándála chun cinn trína chinntiú go bhfuil sí éifeachtach, riachtanach agus comhréireach, agus go ndéantar cearta an duine, saoirsí sibhialta agus próis chuí a choimirciú léi freisin.**

### ÁR LUACHANNA

**Treoraítear sinn lenár mbunluachanna: cothromaíocht, meas, agus leathanaigeantacht. Ní bheidh aon réamhthuairimí againn maidir leis an dóigh a dtugaimid faoinár gcuid oibre. Éistfimid le tuairimí gach duine agus cloisfimid iad le hintinn oscailte.**

**Beidh ár dtuairisciú cothrom agus freagrach, agus é mar aidhm leis tacú le slándáil an Stáit, cearta an duine a urramú, agus freastal ar an maith choiteann.**

6.2 Tá gach ball foirne ar an eolas faoi thábhacht ár gcuid oibre, agus faoin ionracas pearsanta a theastaíonn ó gach duine aonair i ngach rud a dhéanaimid agus inár gcaidrimh lenár gcomhpháirtithe agus lenár ngeallsealbhóirí níos leithne.

6.3 Baineann obair OSN le nithe íogaireachta ar leith agus, ina lán cásanna, le faisnéis atá de chineál rúnda. Leagtar amach in Acht 2024 na pionóis a fhorchuirfear ar aon bhall d'fhoireann OSN as faisnéis íogair a nochtadh, ar pionóis iad is mó ná na pionóis a fhorchuirtear as faisnéis a nochtadh de shárú ar an Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, maidir leis an méid uasta fíneála agus leis an téarma uasta príosúnachta araon. Cuireadh gach ball foirne ar an eolas faoin dualgas rúndachta níos airde sin sular tairgeadh post dóibh, agus leanfaidh an cleachtas sin ar aghaidh i gcás earcaigh amach anseo.

6.4 Éilítear ar gach ball foirne cloí agus tacú leis na prionsabail agus na luachanna atá leagtha amach i gCód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse agus leis na beartais agus na nósanna imeachta uile atá i bhfeidhm do státseirbhísigh na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Tugtar nasc chuig na beartais chorparáideacha agus státseirbhíse sin agus do na nósanna imeachta corparáideacha agus státseirbhíse sin do gach ball foirne ar Inlíon na Roinne.

6.5 Tá oiliúint fhoirmiúil curtha i gcrích ag gach ball d'fhoireann OSN chun feabhas a chur ar an eolas ar Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

## Tiomantas do Chearta an Duine agus Comhionannas a Chosaint

6.6 Cuid lárnach d'obair oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála is ea cearta an duine agus comhionannas a chosaint. Ceann de phríomhfheidhmeanna na heagraíochta, atá leagtha amach go sainráite sa reacht, is ea oibriú agus éifeachtacht na reachtaíochta slándála a choimeád faoi athbhreithniú, lena n-áirítear trí scrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil "coimircí leordhóthanacha inti chun cearta an duine a chosaint" (alt 234 (2)(a)(i)(II) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024).

6.7 Is í an fheidhm ar leith sin an lionsa trína ndéantar gach athbhreithniú ar chur chun feidhme na gcumhachtaí cunóracha. Tá tionchar imeartha aici ar fhorbairt ár gcultúir agus ár luachanna mar eagraíocht, agus coimeádtar go gníomhach í chun tosaigh sa chaidreamh inmheánach agus seachtrach ar fad de chuid OSN.

6.8 Tá OSN tiomanta dá dhualgas earnála poiblí a chomhlíonadh mar atá leatha amach in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Ón gcéim réamhbhunaithe i leith, agus struchtúr eagraíochtúil na gníomhaireachta á dhearadh, baill foirne nua á n-earcú agus an dóigh a bhféadfaí feidhmeanna OSN a chur i ngníomh á mapáil amach, ba phríomh-threoirphrionsabal sa chinnteoireacht ar fad é cultúr um meas ar chearta an duine agus ar chomhionannas agus ar na daoine a bhfreastalaímid orthu a chruthú i measc ár mball foirne.

6.9 Laistigh de na chéad sé mhí a bhí OSN i mbun oibre, chuir gach ball foirne de chuid na hoifige oiliúint i ndualgas earnála poiblí alt 42 i gcrích. Spreagtar go gníomhach tuilleadh oiliúna i gcearta an duine nó i nithe gaolmhara comhionannais agus tacófar léi agus éascófar í i gcomhréir le luachanna agus riachtanais ghnó na heagraíochta.

6.10 Sa bhliain atá le teacht, forbróimid an chéad Mheasúnú agus Plean Gníomhaíochta uainn ar an Dualgas Earnála Poiblí. Cabhróidh an próiseas comhchomhairliúcháin le baill foirne, le geallsealbhóirí agus le daoine den phobal linn tuiscint níos fearr a fháil ar na saincheisteanna um chomhionannas agus cearta an duine atá tábhachtach do dhaoine, ar na réimsí ar féidir linn feidhmiú níos fearr iontu, agus ar na saincheisteanna ba cheart dúinn a bhreithniú, ionas gur féidir linn a chinntiú go leanfaimid ar aghaidh ag feabhsú. Ar aon dul lenár mbunluachanna arb éard iad cothromaíocht, meas agus leathanaigeantacht, éistfimid le gach tuairim gan chlaontacht gan réamhthuairim, agus rannchuideoidh siad sin leis na spriocanna dualgais earnála poiblí a leagaimid síos dúinn féin.

6.11 Mar eagraíocht, táimid an-eolach ar chuspóir reachtúil an Scrúdaitheora Neamhspleách maidir le muinín an phobail as an reachtaíocht slándála a chur chun cinn. Creidimid gurb é atá i gceist leis sin ná dearbhú a lorg go ndéantar cearta an duine atá ag gach duine a chosaint sa reachtaíocht slándála agus ina cur chun feidhme, agus tuairisciú a dhéanamh air sin a mhéid is féidir, gan dochar a dhéanamh do shlándáil an Stáit, don chosaint ná don chaidreamh idirnáisiúnta. Áirítear leis an iniúchadh a dhéantar ar chomhaid aonair le linn na gcuairteanna athbhreithnithe ráithiúla a sheiceáil ar bhain gach comhlacht údaraithe úsáid as tástálacha cuí na comhréireachta, ar bhreithnigh sé go cuí aon chur isteach comhthaobhach féideartha, ar mheasúnaigh sé an bhféadfadh bearta nach bhfuil chomh cunórach céanna an cuspóir inmhianaithe a bhaint amach, agus ar dhearbhaigh sé dó féin nár breithníodh úsáid a bhaint as forálacha reachtaíochta slándála i ngach cás aonair ach amháin nuair a measadh go raibh sé riachtanach go hiomlán agus ar aon dul le cuspóir straitéiseach soiléir.

6.12 De réir mar a thagann cásanna agus bagairtí nua chun cinn, agus i bhfianaise dhul chun cinn tapa na teicneolaíochta agus na cumarsáide, is dóigh go ndéanfar reachtaíocht a thabhairt isteach nó a leasú chun coinneáil suas leo agus chun tacú leis an Stát bagairtí ar shlándáil a dhaoine a chomhrac. Agus a shainordú reachtúil maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar oibriú agus éifeachtacht na reachtaíochta slándála agus na seirbhísí slándála á chomhlíonadh aici, cinnteoidh oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách gur comhsheasmhach a bheidh an díriú ar chearta an duine agus go gcoinneoidh an díriú sin suas leis an tírdhreach slándála atá casta agus a bhíonn ag athrú de shíor.

# 7

# Rialachas

## Bainistíocht Airgeadais agus Riosca

7.1 Gníomhaireacht reachtúil a chistítear faoi Vóta na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (Vóta 24), arb é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith, is ea oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách. Faigheann OSN tacaíocht ón tseirbhís chomhroinnte airgeadais a soláthraíonn an Roinn í.

7.2 Tá an Ceann Oifige (an Príomhoifigeach) freagrach as bainistíocht laethúil bhuiséad OSN, as ullmhú na ndoiciméad meastachán bliantúil, agus as caidreamh leis an Roinn maidir le nithe airgeadais agus soláthair. Cabhraíonn tuarascálacha míosúla caiteachais le faireachán a dhéanamh ar an dóigh a mbainistíonn OSN a acmhainní airgeadais.

7.3 Próiseálann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne seirbhísí éagsúla airgeadais thar ceann OSN, lena n-áirítear íocaíochtaí tuarastal, sonrasc agus taistil agus cothaithe.

## Soláthar

7.4 Tá oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá uirthi cloí le beartais náisiúnta agus Aontais Eorpaigh i leith soláthair, mar aon le luach ar airgead a chinntiú. Oibríonn OSN de réir riail ghinearálta na roinne maidir le soláthar, áit a gcinntear an bealach soláthair de réir luach an chonartha.

## Iniúchóireacht agus Riosca

7.5 Rinne oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách measúnú ar a príomhrioscaí agus tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm aici, ar córas é:

- Lena sainaithnítear rioscaí a bhfuil cineál straitéiseach acu agus/nó a bhfuil an tsuntasacht acu difear a dhéanamh don eagraíocht ina hiomláine agus
- Lena n-áirítear clár rioscaí lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair OSN, lena ndéantar measúnú ar an dóchúlacht go dtarlóidh gach riosca ar leith, agus lena gcuirtear rialuithe i bhfeidhm le haghaidh rioscaí a mhaolú agus a bhainistiú.

7.6 Bíonn cruinniú seachtainiúil ag foireann OSN. Sa chéad chruinniú foirne de gach mí, déantar athbhreithniú ar an gClár Rioscaí:

- Chun rioscaí nua arna sainaithint ag an bhfoireann a chur leis;
- Chun rangú agus maolú rioscaí a bhreithniú;
- Chun rátálacha rioscaí áirithe a ardú nó a ísliú i bhfianaise imthosca athraitheacha.

Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

7.7 Mar chomhlacht beag a chistítear faoin Vóta Dlí agus Cirt (Vóta 24), níl a fheidhm iniúchóireachta inmheánaí féin ná a choiste iniúchóireachta féin ag OSN faoi láthair. Tacaíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne le OSN faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá a shocruithe maidir le rialachas inmheánach, le bainistíocht riosca agus le rialú inmheánach.

# Cloí le Cóid Rialachais agus le Caighdeáin Rialachais

## Oibleagáidí Rialachais Reachtúil agus Oibleagáidí Rialachais Chorparáidigh Eile

7.8 Tá oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách faoi réir raon oibleagáidí rialachais reachtúil agus oibleagáidí rialachais chorparáidigh eile, lena n-áirítear na forálacha is infheidhme de chuid an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, de chuid an Chaighdeáin Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, agus de chuid na gciorclán agus na treorach iomchuí.

7.9 Tá an Ceann Oifige freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí iomchuí uile.

## Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh

7.10 De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), tharraing an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh suas i gcomhairle le hoifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála.

7.11 Leis an gComhaontú sin, cumhdaítear an tréimhse 2026-2028 agus leagtar amach ann an creat leathan rialachais agus cuntasachta ar laistigh de a oibríonn oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách agus ina sainítear na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn agus thaca ag an gcaidreamh idir OSN agus an Roinn.

7.12 Tá an Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh foilsithe ar shuíomh Gréasáin oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách ag www.independentexaminer.ie.

# Oibleagáidí Rialachais Breise

## Rúndacht

7.13 Tá oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách faoi réir roinnt oibleagáidí sonracha a mhionsonraítear san Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

7.14 Leagtar amach in Acht 2024 na ceanglais maidir le rúndacht, ar dá réir a chuirtear dualgas rúndachta ar fhoireann OSN atá níos airde ná an dualgas sin atá i bhfeidhm i bhformhór na réimsí eile d'fhostaíocht státseirbhíse. Liostaítear in alt 250 d'Acht 2024 na pionóis as faisnéis íogair a nochtadh go meargánta nó go hintinneach.

## Slándáil faisnéise


7.15 Tuairiscítear in alt 251(1) d'Acht 2024 an oibleagáid atá ar an Scrúdaitheoir Neamhspleách "*...gach beart is gá agus is réasúnach [a chur] ar bun chun slándáil aon fhaisnéise, aon doiciméid nó aon ruda a chinntiú, is faisnéis, doiciméad nó rud arna soláthar nó arna sholáthar dó nó di nó arna fáil nó arna fháil aige nó aici ar shlí eile i gcúrsa a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.*"

7.16 Déanann OSN dianiarracht leanúnach an oibleagáid reachtúil sin a chomhlíonadh trí mheascán de bhearta slándála fisiciúla, de bhuan-nósanna imeachta oibríochta agus de chleachtais oibríochta a bhfuil mar aidhm leo rioscaí a sheachaint agus/nó a íoslaghdú agus a dtionchar a mhaolú.

7.17 Tá tuilleadh bearta slándála fisiciúla á bhforbairt i gcomhairle le comhpháirtithe saineolacha agus áirítear leo sin slándáil foirgnimh, trealamh agus cibearshlándáil. I gcás gur cuí, rialaítear gnéithe le beartais inmheánacha, a ndéantar measúnú tráthrialta orthu mar chuid de chruinnithe míosúla athbhreithnithe riosca OSN.

7.18 Tá nósanna imeachta oibre iomchuí agus cleachtais oibre iomchuí ceaptha chun faisnéis agus baill foirne araon a chosaint. Cinntítear leo comhsheasmhacht cleachtais agus feasacht ard i measc na foirne ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí faisnéis íogair agus rúnda a chumhdach.

7.19 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur thug mé dearbhú do na comhlachtaí iomchuí uile go bhfuil sé ar intinn agam athbhreithniú ar an ábhar ar fad a mbaineann íogaireacht ar leith leis a dhéanamh ar an láithreán ag a láithreacha slána agus go bhfuil an méid sin déanta agam.



## Saoráil Faisnéise

7.20 Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, tugtar ceart reachtúil do gach duine den phobal rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála, agus leas an phobail agus an ceart chun príobháideachta atá ag daoine aonair á gcothromú ag an am céanna.

7.21 Tá oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála ina "gníomhaireacht a chuimsítear go páirteach" faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Fágann sé sin nach bhféadfar iarrataí Saorála Faisnéise a chur isteach ach amháin i ndáil le riaradh ginearálta na hoifige.

7.22 Níl feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le taifid atá i seilbh an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála nó atá cruthaithe ag an Scrúdaitheoir. Leagtar na forálacha Saorála Faisnéise sin amach in alt 292 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

7.23 Féadfaidh aon duine ar mian leis nó léi iarraidh Saorála Faisnéise a dhéanamh ríomhphost a sheoladh chuig foi@independentexaminer.ie.

## Cosaint Sonraí

7.24 Tá oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála tiomanta do chearta agus príobháideacht gach duine aonair a chosaint de réir Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (RGCS), mar a tugadh tuilleadh éifeachta dó i gCuid 3 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Foráiltear le halt 8 d'Acht 2018 go leanfaidh an tAcht um Chosaint Sonraí, 1988, den phróiseáil sonraí pearsanta a rialú chun slándáil an Stáit, cosaint an Stáit nó caidreamh idirnáisiúnta an Stáit a shlánchoimeád.

7.25 Déileálann an tOifigeach Cosanta Sonraí don Roinn le nithe cosanta sonraí do OSN, agus is féidir dul i dteagmháil leis nó léi ag dataprotectioncompliance@justice.ie.

## Faisnéis a Sholáthar do Chomhaltaí an Oireachtais

7.26 Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe ag OSN le haghaidh iarrataí faisnéise ó Chomhaltaí an Oireachtais, mar atá oireachtas@independentexaminer.ie, ar aon dul le Ciorclán 25/2016 agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Déanann OSN dianiarracht freagra a thabhairt ar an gcomhfhreagras ar fad a luaithe is féidir agus, cé go bhfuil spriocthréimhse uasta 10 lá oibre socraithe ag an oifig le haghaidh comhfhreagras ginearálta, tugtar tús áite d'iarrataí ó Chomhaltaí an Oireachtais.

## Nochtadh Cosanta

7.27 Is é is nochtadh cosanta ann ná nochtadh faisnéise a léiríonn, i dtuairim réasúnach oibrí, éagóiritheoireacht iomchuí amháin nó níos mó a tháinig ar aird an oibrí i gcomhthéacs oibre agus a nochtar ar an mbealach a fhorordaítear san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022.

7.28 Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, cosnaítear oibrithe ar phionósú má labhraíonn siad amach faoi éagóiritheoireacht iomchuí san áit oibre. Cosnaítear daoine a dhéanann nochtaí cosanta (dá ngairtear "sceithirí" in amanna) leis an dlí sin.

7.29 Oibríonn oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála faoin mBeartas maidir le Nochtadh Cosanta atá i bhfeidhm ag an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, ar beartas é a cuireadh in iúl do gach ball foirne agus ina leagtar amach an próiseas d'aon oibrí nó d'iar-oibrí ar mian leis nó léi éagóiritheoireacht iomchuí a thuairisciú.

## Sláinte agus Sábháilteacht

7.30 Roimh an mbunú, iarradh oiliúint sláinte agus sábháilteachta chun a chur ar chumas oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta mionsonraithe agus Measúnú Riosca Sláinte agus Sábháilteachta críochnúil a fhorbairt, rud a chinnteodh go gcomhlíonfaí na caighdeáin dea-chleachtais agus na ceanglais reachtacha a leagtar amach san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

7.31 Ina theannta sin, chuir baill foirne roghnaithe oiliúint garchabhrach i gcrích, ionas go mbíonn freagróir garchabhrach oilte ar an láithreán i gcónaí, beagnach, chun teagmhais fhéideartha a bhainistiú. Cé gur dúshlán é sin in amanna toisc nach bhfuil ach foireann bheag ann, cuirtear seirbhís gharchabhrach san áireamh agus an sceideal seachtainiúil oibre cumaisc á phleanáil.

## Ár Misean Glas

7.32 Ós rud é gur bunaíodh oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála i mí Aibreáin 2025, is í an bhliain 2026, an chéad bhliain féilire iomlán atá an eagraíocht ann, tréimhse bhonnlíne na heagraíochta do spriocanna na bliana 2030.

7.33 Beidh an bunús le spriocanna na heagraíochta don bhliain 2030 mar a leanas:

- feabhas 9.5% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030, i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne 2026. (Is í an sprioc do chomhlachtaí poiblí fadbhunaithe ná feabhas 50% faoin mbliain 2030, i gcomparáid le bonnlíne 2009), agus
- laghdú 17% ar CO2 iontaise faoin mbliain 2030, i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne 2026. (Is í an sprioc do chomhlachtaí poiblí fadbhunaithe ná laghdú 51% faoin mbliain 2030, i gcomparáid le bonnlíne 2016-2018).

7.34 Tá an t-áitreabh á chumhachtú ag leictreachas agus ag gás araon. I bhfianaise na tréimhse giorra atá OSN ag áitiú a áitribh, déanfar anailís níos cuimsithí agus bunófar bonnlíne sa bhliain atá romhainn. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur foirgneamh stairiúil é 87 Faiche Stiabhna agus go bhfuil sé liostaithe ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Mar thoradh air sin, tá roinnt srianta ann le modhnuithe a d'fhéadfadh sainghné, cuma nó oidhreacht an fhoirgnimh a athrú, rud a d'fhéadfadh srian a chur le roinnt idirghabhálacha féideartha amach anseo a d'fhéadfadh feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh.

7.35 Leanfaimid de chaidreamh a dhéanamh le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus tuairisciú isteach ina ardán Monatóireachta agus Tuairiscithe Earnála Poiblí chun ár stádas agus ár spriocanna maidir le feidhmíocht fuinnimh agus le gáis ceaptha teasa a chinneadh.


# 8

# Fís Straitéiseach

8.1 Tá bunú oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála ina gharsprioc shuntasach san fhormhaoirsiú ar shlándáil náisiúnta in Éirinn. Den chéad uair riamh sa Stát, comhlíonann an oifig ról tiomnaithe agus aontaithe formhaoirsiúcháin maidir leis an reachtaíocht slándála agus le seirbhísí slándála.

8.2 Glacfaidh an oifig lena sainordú reachtúil grinnscrúdú atá neamhspleách, dian, trédhearcach agus urramach do chearta a dhéanamh ar an reachtaíocht slándála agus ar sheirbhísí slándála sa Stát. Thar na trí bliana atá le teacht, tá sé mar aidhm againn bonn láidir formhaoirsiúcháin shaineolaigh, muinín an phobail agus foghlaim leanúnach a thógáil, á chinntiú go mbeidh reachtaíocht slándála agus seirbhísí slándála an Stáit éifeachtach, riachtanach agus comhréireach fós maidir le cearta an duine a chosaint de réir mar a athraíonn na dúshláin slándála.

8.3 Anseo thíos, leagamar amach ár bpríomhspriocanna straitéiseacha do na chéad trí bliana eile, d'fhonn próiseas cuimsitheach comhchomhairliúcháin a sheoladh sa bhliain 2026 agus ár Ráiteas Straitéise foirmiúil á fhorbairt.



8.4 Is iad seo a leanas ár bpríomhspriocanna straitéiseacha thar na trí bliana atá le teacht:

## 1. A mhíniú cad a dhéanaimid

8.5 **Ról OSN a mhíniú dár ngeallsealbhóirí agus don phobal agus a chinntiú go ndéanfar faisnéis a bhaineann lenár gcuid oibre a chur ar fáil a mhéid is mó is féidir gan dochar a dhéanamh do shlándáil an Stáit, don chosaint ná do chaidreamh idirnáisiúnta.**

8.6 Mar chomhlacht nua, ba mhaith linn a chinntiú go bhfuil ár ngeallsealbhóirí agus an pobal ar an eolas faoinár ról, lena n-áirítear ár gcuspóirí, ár bhfeidhmeanna agus ár gcumhachtaí. Bainfimid an sprioc straitéiseach sin amach trí nuashonrú leanúnach a dhéanamh ar ár suíomh Gréasáin inrochtana, rud lena soláthraítear faisnéis chuimsitheach faoinár gcuid oibre, tríd an tuairisciú a dhéanaimid ar an reachtaíocht slándála agus ar sheirbhísí slándála, agus trí chaidreamh lenár ngeallsealbhóirí. Cabhróidh sé sin le tuiscint a chothú ar ár ról agus le díospóireacht phoiblí eolach a spreagadh maidir leis an reachtaíocht slándála agus le seirbhísí slándála.

## 2. Caidrimh a thógáil

8.7 **Caidrimh láidre agus chomhoibríocha a thógáil lenár ngeallsealbhóirí, lenár gcomhlachtaí coibhéiseacha, le grúpaí na sochaí sibhialta agus le saineolaithe i measc an lucht léinn agus an lucht cleachtais.**

8.8 Chun an sprioc sin a bhaint amach, leanfaidh OSN de chaidrimh chomhoibríocha a fhorbairt atá bunaithe ar iontaoibh fhrithpháirteach le geallsealbhóirí iomchuí atá gafa le réimse na slándála náisiúnta agus le réimse chearta an duine. Déanfaimid cothabháil agus fás ar shásraí idirchaidrimh struchtúrtha lenár ngeallsealbhóirí chun comhroinnt éifeachtach faisnéise a chinntiú. Caidreamh le comhlachtaí coibhéiseacha i ndlínsí eile agus le grúpaí na sochaí sibhialta – go háirithe iad siúd atá ag obair i réimse chearta an duine, i réimse na saoirsí sibhialta agus i réimse na príobháideachta – beidh sé ina chuid lárnach dár gcur chuige, rud a chuirfidh ar ár gcumas leas a bhaint as léargais sheachtracha agus as taithí sheachtrach, ábhair imní atá ag teacht chun cinn a shainaithint, agus a chinntiú go mbeidh dearcthaí éagsúla mar bhonn eolais faoinár ngrinnscrúdú.

8.9 Chomh maith leis sin, cothóimid naisc agus comhoibrithe láidre le saineolaithe i measc an lucht léinn agus an lucht cleachtais i réimsí amhail an dlí slándála náisiúnta, an dlí bunreachtúil agus riaracháin, an dlí coiriúil agus an choireolaíocht, dlí na fianaise, agus an teicneolaíocht. Bainfimid leas as taighde agus saineolas cuí chun feabhas a chur ar cháilíocht agus doimhneacht chomhthéacsúil ár dtuarascálacha agus ár n-athbhreithnithe.

8.10 Agus an méid sin á dhéanamh againn, tá súil againn go spreagfaimid idirphlé oscailte eolach ar an reachtaíocht slándála agus ar sheirbhísí slándála agus go mbunóimid OSN mar ghuth iontaofa, inrochtana agus údarásach le haghaidh formhaoirsiú neamhspleách laistigh de chreat slándála náisiúnta an Stáit.

## 3. Muinín a chur chun cinn i measc an phobail

8.11 **Muinín a chur chun cinn i measc an phobail as an reachtaíocht slándála agus as seirbhísí slándála trína chinntiú go bhfuil ár gcuid tuarascálacha agus athbhreithnithe dian, cothrom, trédhearcach agus tráthúil.**

8.12 Inár gcuid tuarascálacha agus athbhreithnithe, tá sé mar aidhm againn na caighdeáin is airde a chomhlíonadh maidir le déine anailíseach, le cothroime, agus le trédhearcacht. Beidh ár gcuid oibre bunaithe ar fhianaise agus fréamhaithe in anailís láidir ar an dlí. Bainfimid úsáid as modheolaíochtaí trédhearcacha ionas go mbeidh ár bhfionnachtana intuigthe agus inchreidte, agus míniú soiléir á thabhairt ar aon teorainneacha nó aon chur in eagar is gá chun slándáil an Stáit, cosaint nó caidreamh idirnáisiúnta a chosaint.

8.13 Gabhann OSN air féin a chinntiú go ndéantar ár dtuarascálacha a phleanáil, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Taoisigh laistigh den tréimhse ama atá leagtha síos ag an reachtaíocht. Ar an gcaoi chéanna, cinnteoimid go gcuirfear ár n-athbhreithnithe i gcrích ar an mbealach is tráthúla is féidir.

## 4. Réamh-mheas agus freagairt

8.14 **Timpeallacht slándála agus formhaoirsiúcháin a bhíonn ag athrú i gcónaí a réamh-mheas agus freagairt go héifeachtach di.**

8.15 Glacfaidh OSN cur chuige réamhbhreathnaitheach a fhéachfaidh le bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn, forbairtí teicneolaíocha agus athruithe sochaíocha a shainaithint a bhféadfadh go mbeadh impleachtaí acu don reachtaíocht slándála agus don fhormhaoirsiú. Is é a bheidh i gceist leis sin ná faireachán córasach a dhéanamh ar threochtaí náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta i réimsí amhail cumarsáidí a thascradh, rochtain ar shonraí, faireachas, intleacht shaorga, sceimhlitheoireacht, spiaireacht, bagairtí ar an stát, agus coireacht eagraithe thrasnáisiúnta. Déanfaidh oifig OSN caidreamh lenár ngeallsealbhóirí agus lenár gcomhlachtaí coibhéiseacha agus bainfidh sé leas as saineolas ón lucht léinn agus ó chleachtóirí chun a mheasúnú an bhfuil na creataí reachtacha atá ann cheana oiriúnach don fheidhm agus comhréireach fós. I gcás go sainaithneofar rioscaí nó bearnaí, tarraingeoidh OSN aird orthu sin inár dtuairisciú, rud a chabhróidh le breithniú luath fianaisebhunaithe a dhéanamh ar athchóiriú reachtaíochta nó beartais.

8.16 Trí chur chuige scanta ionchais a leabú isteach inár bhfeidhmeanna pleanála straitéisí agus athbhreithnithe, tá sé mar aidhm ag OSN tacú leis an reachtaíocht slándála agus le seirbhísí slándála a oibriú ar bhealach atá comhréireach agus a urramaíonn cearta ar bhonn fadtéarmach agus inbhuanaithe.

8.17 Chun déanamh amhlaidh, beidh gá le hacmhainn, saineolas agus eolas institiúideach a thógáil laistigh den eagraíocht, ar mhaithe le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghníomhaireacht láidir shofhreagrúil ar féidir léi a sainordú reachtúil a chomhlíonadh i dtírdhreach slándála a bhíonn ag athrú agus ag éirí níos casta.

8.18 Trí na bearta sin, cuirfidh OSN eolas agus muinín an phobail chun cinn, neartóidh sé cuntasacht, agus cinnteoidh sé go rannchuideoidh ár gcuid oibre le creat fadtéarmach atá éifeachtach agus trédhearcach agus lena gcosnaítear cearta le haghaidh formhaoirsiú slándála.

# Nótaí

# Nótaí

# Nótaí

Oifig an Scrúdaitheora
Neamhspleách um
Reachtaíocht Slándála

Office of the Independent
Examiner of Security Legislation

www.independentexaminer.ie